Pension rate increase	3.50	4.00
Scheme liabilities discount rate	5.25	6.00

On the basis of these and other assumptions and applying the projected unit method prescribed in FRS 17, the present value of pension scheme liabilities is as follows:

	2003 €000	2002 €000
Accumulated liabilities in respect of active Scheme members	356,008	299,000
Liabilities in respect of existing pensioners and deferred pensions	298,576	283,000
Total accrued pension liability	654,584	582,000

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

Analysis of amount which would be charged to operating profit:

	€000
Current Service Cost	5,906
Past Service Cost	-
Settlements and Curtailments	-

Analysis of the amount which would be credited to other finance income:

	€000
Interest on Scheme liabilities	34,592
Expected return on Scheme assets	-

Analysis of the amount which would be recognised in a statement of total recognised gains and losses (STRGL):

	€000
Actual return less expected return on Scheme assets	-
Experience gains and losses	14,132
Changes in assumptions	34,724
Actuarial loss which would be recognised in STRGL:	48,856

Analysis of the movement in deficit during the year is as follows:

	€000
Deficit at 1.1.2003	(582,000)
Current service cost	(5,906)
Contributions	16,770
Past service costs, settlements and curtailments	-
Other finance income/(loss)	(34,592)
Actuarial gain/(loss)	(48,856)
Deficit at 31.12.2003	(654,584)

(a) As pension increases under the Teagasc schemes are based on salary increases rather than on price increases, a price inflation assumption is not necessary for the purposes of this valuation. However, since FRS 17 requires reference to an assumed rate of inflation, the above rate would be appropriate for this purpose.

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

10. Audit Fee

A provision of €40,150 has been included in expenditure in respect of auditor's remuneration for 2003 (2002 - €40,150).

11. Authority Fees and Emoluments

The following emoluments were paid to the members of the Authority:

	2003 €000	2002 €000
Chairman	15	15
Other Authority members	91	89
	106	104

These amounts are included in the total Pay expenditure included under Note 5 above.

12. Capital Account

	2003 €000	2002 €000
Balance at 1st January	66,612	56,354
Transfers from/(to) Income and Expenditure Account		
Amount capitalised in respect of purchased assets	8,583	15,077
Net amount released on disposals	(823)	(355)
Property loan repayments	2	5
Capital element of payments in respect of leased assets	203	293
	7,965	15,020
Less:		
Amortised in line with asset depreciation	(5,102)	(4,762)
	2,863	10,258
Balance at 31st December	69,476	66,612

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

13. Tangible Fixed Assets

	Land €000	Buildings €000	Plant & Equipment €000	TOTAL €000
Cost Or Valuation				
At 1st January 2003	5,829	70,827	39,245	115,901
Additions		4,345	4,259	8,604
Disposals	(19)	(1,406)	(1,206)	(2,631)
At 31st December 2003	5,810	73,766	42,298	121,874
Accumulated Depreciation				
At 1st January 2003		23,575	25,373	48,948
Charged during period		1,468	3,634	5,102
Disposals during period		(713)	(1,095)	(1,808)
At 31st December 2003		24,330	27,912	52,242
Net Book Value 31st December 2003	5,810	49,436	14,386	69,632
Net Book Value 31st December 2002	5,829	47,252	13,872	66,953

Included in the opening balances is land totalling 612.3 ha (1,513 acres) transferred by the Department of Agriculture and Food at nominal values, and certain other assets which were revalued at 31st December 1975 or 1st July 1980.

Teagasc has the use of 85 ha (210 acres) of land owned by the Department of Agriculture & Food, while the Department has the use of 16.2 ha (40 acres) owned by Teagasc. There is no charge to either party arising from these arrangements.

Certain fixed assets entrusted to Teagasc are protected by statute, and may not be sold.

The net book value of assets includes the following amounts in respect of leased assets:

Plant and Equipment

	€000
2003	171
2002	392

The depreciation charge for the year on these assets was as follows:

2003	242
2002	276

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

14. Financial Assets

(a) Moorepark Technology Limited

Teagasc has a 59% holding in the paid up share capital of Moorepark Technology Limited (5,100 shares at €0.127). The Company, which was incorporated on the 18th January 1991, is a joint venture between Teagasc and various agriculture co-operatives. Separate audited financial statements have been prepared in respect of the Company and its results for the year ended 31st December 2003 were as follows:

	2003 €000	2002 €000
Turnover	980	941
Operating Profit before Depreciation, Interest and Tax	246	233
Depreciation (net of grants amortised)	(242)	(223)
Interest (charges)/receipts	5	8
Tax	(1)	(1)
Profit/(Loss) after Taxation	8	17
Accumulated Losses forward at 31 December	(209)	(217)

The Company's Memorandum of Association provides that shareholders are entitled to avail of the Company's services at preferential rates.

Trading transactions between Teagasc and Moorepark Technology Limited (which consists of consultancy, analyses and use of technical and other facilities) were as follows:

	2003 €000	2002 €000
Moorepark Technology Limited sales to Teagasc	267	354
(included in Company's turnover)		
Other recoupments from Teagasc	76	91
(deducted from Company's cost of sales)		
Total	343	445
Balance unpaid at 31 December	110	24
Teagasc sales to Moorepark Technology Limited	136	114
Balance unpaid at 31 December	40	54

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

Under the terms of the Moorepark Technology Limited Promoters' Agreement, Teagasc has undertaken to provide from its own resources specified staff requirements in Moorepark Technology Limited, as well as underwriting the Company's utility, stores, accounts and effluent overheads. These costs were as follows:

	2003	2002
	€000	€000
Staff	183	155
Other	109	122

These totals are included in Teagasc expenditure under the Moorepark Dairy Products Centre (see notes 5 and 6 above)

Moorepark Technology Limited utilises assets owned by Teagasc as follows:

	2003	2002
	€000	€000
Original Costs	1,196	1,082
Net Book Value at 31st December	369	348

These amounts are included under Plant and Equipment (see note 13 above)

In accordance with the Promoters' Agreement, Teagasc has also leased to Moorepark Technology Limited at a nominal rent of €127 per annum its existing processing hall at Moorepark Dairy Products Centre together with an adjoining site on which the Company has constructed additional facilities.

It was not considered appropriate to consolidate the results of the Company.

(b) Other Investments

Teagasc has two small investments in agricultural co-operatives costing in total €1,890 (2002 - €1,890).

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

15. Stocks

	2003 €000	2002 €000
Livestock	3,955	4,021
Farm produce, fertilisers and feeding stocks	596	582
Laboratory and veterinary supplies	187	230
Building materials	31	32
General supplies	970	889
	5,739	5,754

16. Debtors

	2003 €000	2002 €000
Trade Debtors	1,161	2,586
EU Income	2,131	2,163
Other Debtors and Prepayments	1,626	639
	4,918	5,388

Included in EU Income are amounts receivable from the EU in respect of training grants totalling €2,130,416 (2002 – €2,163,542)

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

17. Creditors

	2003 €000	2002 €000
Trade Creditors	2,560	3,553
Other Creditors and Accruals	10,777	10,019
	13,337	13,572

The total shown under this heading includes the following amounts due in respect of taxation and pay-related social insurance:

	2003 €000	2002 €000
P.A.Y.E and P.R.S.I	1,711	1,631
Value Added Tax	2,195	142
Construction Industry Tax	9	8
Withholding Tax	70	30
	3,985	1,811

The total for Creditors also includes an amount of €358,574 (2002 - €391,358) which represents euro short-term deposits being held pending distribution to sub-contractors in other EU States in respect of research contract work.

18. Deferred Income

Public funded research is carried out in accordance with contracts with other State Institutions, principally the Department of Agriculture and Food. Under these contracts advances received at the commencement of projects are not taken into account as income until the projects are completed.

At 31st December 2003 the source and amount of such deferred income was as follows:

	2003 €000	2002 €000
National Development Plan: Productive Sector		
Operational Programme 2000-2006	197	150
Dept of Agriculture & Food - advance for analyses	168	200
	365	350

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

19. Finance Leases

(a) Finance charges incurred during the year under finance leases amounted to €24,115 (2002 - €38,296)

(b) Future obligations under finance leases are due as follows

	€000
Within one year	106
Within two to five years	42
	148

(c) At 31st December 2003 Teagasc had no commitments to enter into further finance leases in respect of plant and equipment (2002 - €24,684).

(d) The movement in finance leasing obligations was as follows:

	2003 €000	2002 €000
Obligations at 1st January	331	382
New finance leases	21	242
Capital element of finance lease payments	(204)	(293)
Obligations at 31st December	148	331

20. Capital Commitments

Capital commitments outstanding at 31st December 2003 amounted to €1,002,675 (2002 - €1,035,065)

21. Operating Leases

At 31st December 2003 Teagasc had annual commitments under non-cancellable operating leases as set out below:

	Land and Buildings €000	Plant and Machinery €000	Total €000
Leases which expire			
- within one year	368	36	404
- between two and five years	7	2	9
- after five years	236	-	236
	611	38	649

Notes to the Financial Statements

For the Year Ended 31st December 2003

22. Analysis of Changes in Cash and Cash Equivalents During the Year

	At 1st January 2003 €000	Cashflows €000	At 31st December 2003 €000
Cash at Bank and on hand	622	18,510	19,132
Bank overdraft	(6,712)	6,219	(493)
Short-term deposits	391	(32)	359
	(5,699)	24,697	18,998

23. Property Disposals

During 2003 the following Teagasc properties were sold:

	Cost €000	Written down Value €000	Proceeds less costs €000
Headquarters, 19 Sandymount Avenue, Dublin 4	959	450	15,103
Soft Fruit Research Station, Clonroche, Co. Wexford	107	48	1,182
Lullymore Research Centre, Rathangan, Co. Kildare	231	101	772
Advice & Training Centre, Corduff, Lusk, Co. Dublin	127	73	595
	1,424	672	17,652
Utilisation of proceeds to fund Teagasc capital works, 2003:			6,568
Balance			11,084

24. Authority Members - Disclosure of Transactions

The Authority has adopted procedures in accordance with the guidelines issued by the Department of Finance in relation to the disclosure of interest by Authority members and the Authority has adhered to these procedures. There were no transactions in the year in relation the Authority's activities in which board members had an interest.

[illegible]

[illegible]

Tuarascáil Bhliantúil 2003

agus ráitis airgeadais



TEAGASC TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2003 & RÁITIS AIRGEADAIS

Don Aire Talmhaíochta agus Bia
De réir ailt 13 den Acht Talmhaíochta (Taighde,
Oiliúint agus Comhairle), 1988 tíolacann Teagasc –
An tÚdarás Forbortha Talmhaíochta agus Bia – a
thuarascáil don tréimhse 1 Eanáir 2003 go dtí 31
Nollaig 2003.

Is féidir leaganacha Bearla den
Tuirisc seo a fháil.

Teagasc,
Oak Park,
Carlow.

Ph: 059 917 0200

Fax: 059 918 2097

e-mail: publications@hq.teagasc.ie

Clár Ábhar

Eolas faoi Theagasc	2
Ráiteas Misin	3
Bainistíocht Shinsearach Theagaisc	4
Baill an Údaráis	5
Athbhreithniú an Stiúrthóra	6
Eacnamaíocht Thalamhbhia	10
Taighde agus Forbairt Bhia	15
Táirgeadh Bainne	21
Táirgeadh Feola	24
Curaíocht agus Gairneoireacht	27
Rialú Comhshaoil	31
Foraoiseacht	34
Éagsúlú Feirme	35
Oideachas agus Oiliúint	38
Clár Deiseanna	42
Ócáidí agus Foileascháin	43
Dualgais Reachtúla	45



Eolas faoi Theagasc

Is é Teagasc – an tÚdarás um Fhorbairt Talmhaíochta agus Bhia – an eagraíocht náisiúnta a chuireann seirbhísí taighde comhtháite, seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal talmhaíochta agus bia agus do phobail tuaithe. Bunaíodh Teagasc i mí Mheán Fómhair 1988 faoin Acht Talmhaíochta, 1988 (Taighde, Oiliúint agus Comhairle).

Tá Údarás aon bhall déag i gceannas ar Theagasc. Is é an tAire Talmhaíochta agus Bia a cheapann an Cathaoirleach agus cúigear gnáthbhall; agus, anuas air sin, ceapann sé na baill eile tar éis dó moltaí a fháil ó eagraíochtaí sonraithe.

Sa bhliain 2003 cuireadh seirbhísí ar fáil i naoi gcinn d'ionaid lántiomnaithe i dtaca le: próiseáil bhia, déiríocht, mairteoil, caoirigh, barra arúla. gairneoireacht, cosaint chomhshaoil, eacnamaíocht agus forbairt tuaithe.

Chuir comhairleoirí áitiúla agus speisialtóirí réigiúnacha ó líonra d'ionaid réigiúnacha, d'ionaid chontae agus d'ionaid áitiúla comhairle neamhspleách ar fáil d'fheirmeoirí agus do chónaitheoirí tuaithe.

Chuir múinteoirí agus teicneolaithe oiliúint ar fáil d'iontrálaithe óga, d'fheirmeoirí aosacha, do chónaitheoirí tuaithe agus do thionscal an bhia in ocht gcinn de choláistí, in ionaid áitiúla oiliúna agus in ionaid taighde.

Sa bhliain 2003 bhí foireann 1,628 ag obair do Theagasc, idir fhostaithe buana agus fhostaithe faoi chonradh. Ina measc siúd bhí foireann ghairmiúil 796, foireann theicniúil 254, foireann riaracháin/chléireachais 268 agus foireann feirme/tís 310.



Ráiteas Misin

Bonn neamhspleách údarasach taighdeolais, mar aon le seirbhísí aistrithe teicneolaíochta agus oiliúna, a chur ar fáil i dtaca le forbairt inbhuanaithe an tionscal talmhaíochta agus próiseála bia, ionas go mbeidh an tionscal sin in ann freagairt go tairbheach d'éilimh agus do riachtanais tomhaltóirí agus freastal a dhéanamh ar shochaí agus ar eacnamaíocht bheo na tuaithe.

Bainistíocht Shinsearach Theagaisc



Mr Tom Kirley
Stiúrthóir Riaracháin



Dr Seamus Crosse
Stiúrthóir Oibríochta,
Taighde Táirgíochta



Jim Flanagan
Stiúrthóir



Dr Vivion Tarrant
Stiúrthóir, Ionad Náisiúnta
Bia



Dr Liam Donnelly
Stiúrthóir, Ionad Taighde
Táirgí Déiríochta



Mr Michael Galvin
Stiúrthóir, Seirbhísí
Comhairleacha/Oiliúna an
Deiscirt



Mr Donal Carey
Stiúrthóir, Seirbhísí
Comhairleacha/Oiliúna an
Tuaiscirt



Mr Peter Seery
Stiúrthóir Oibríochta,
Seirbhísí Bainistíochta

Baill an Údaráis



Tom Gill

Oifigeach Forbartha Talmhaíochta le Teagasc i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo; ag feidhmiú ar son fhoireann Teagasc



Mr Jim Beecher

Rúnaí Cúnta sa Roinn Talmhaíochta agus Bia



Mr Joe Fitzgerald

Feirmeoir agus ball de chuid An Choiste Riaracháin agus de chuid Chumann Soláthraithe Baine Uachtarlainne



Mr Jerry Henchy

Príomhfheidhmeannach Chomharchumann Dairygold Teo.



Dr Tom O'Dwyer

Cathaoirleach

D'oibrigh sé i roinnt post lárnach i gCoimisiún an AE sa Bhruiséil: Stiúrthóir Táirgí Beostoic; Príomhstiúrthóir Oideachais, Oiliúna agus Óige; agus Chef de Cabinet do bheirt Choimisinéirí AE



Mr Patrick Kelly

Feirmeoir agus Iar-Chathaoirleach Náisiúnta Mhacra na Feirme



Mr Ruaidhri Deasy

Feirmeoir agus Uachtarán Ionaid Chumann Feirmeoirí na hÉireann



Mr James Brett

Stiúrthóir Bainistíochta, Grúpa Brett, Callainn, Co. Chill Chainnigh



Prof Pat Fottrell

Iar-Uachtarán Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh



Mr Michael O'Dwyer

Feirmeoir agus Iar-Uachtarán Chomharchumann Eagraíochta na hÉireann



Ms Anna May McHugh

Stiúrthóir Bainistíochta, Cumann Treafa Náisiúnta



Aithbhreithniú an Stiúrthóra

Tá lúcháir orm a bheith in ann a chur in iúl go raibh bliain thairbheach ghnóthachtála eile againn i dtaca le seirbhísí taighde chomhtháite, seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí oiliúna a chur ar fáil do thionscal na talmhaíochta agus an bhia.

Mar sholáthróir lámach teicneolaíochta, ghlac Teagasc ról lámach maidir le cabhair a thabhairt don tionscal chun dul i ngleic leis na dúshláin a éiríonn i ngeall ar shíorathruithe sa chreatlach polasaithe agus in éilimh agus in ionchais tomhaltóirí. Chomh maith le béim a leagan ar chumas iomaíochta agus nuálaíochta i dtáirgeacht feirme agus bhia, leagadh béim faoi leith sa bhliain 2003 ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, ar leas ainmhithe agus ar chúrsaí sábháilteachta feirme agus bia.

Taighde

Ghlac 200 eolaí, mar aon le 120 iarchéimí, páirt i 275 tionscnamh taighdeach. Mar chuid den taighde sin, clúdaíodh sábháilteacht agus ardchaighdeán bia, próiseáil bhia, beostoc, curaíocht, gairneoireacht, foraoiseacht, rialú timpeallachta, anailís eacnamaíoch agus forbairt tuaithe.

De réir anailíse neamhspleách a foilsíodh le linn na bliana 2003, ba mhór an soláthar a rinne Teagasc ar

son an gheilleagair. Léiríodh, san anailís sin, go bhfuil an teacht isteach eacnamaíoch ar infheistíocht deich n-oiread níos airde ná an leibhéal atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais do thionscnaimh infheistithe san earnáil phoiblí.

Léirigh an tOllamh Gerry Boyle (Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad), san anailís sin, go raibh 47% de theacht isteach eacnamaíoch i seacht gcinn de réimsí taighde – i gcomparáid leis an íosráta 5% atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais do thionscnaimh infheistithe san earnáil phoiblí.

I measc na mórghníomhaíochtaí taighde a rinneamar sa bhliain 2003, bhí an mhionanailís a rinne ár gcuid eacnamaíche i dtaca le héifeacht an chomhaontaithe ar leasú meántearma Pholasáí Chomónta Thalmhaíochta an AE. Chuidigh an anailís seo leis an Rialtas seasamh láidir idirbheartaíochta a ghlacadh agus straitéisí feidhmithe i leith an

Mar sholáthróir lárnach teicneolaíochta, ghlac Teagasc ról lárnach maidir le cabhair a thabhairt don tionscal.

pholasaí nua a úsáid. Chomh maith leis sin, coinníodh feirmeoirí agus lucht an tionscail ar an eolas maidir le héifeacht na bpolasaithe nua ar chúrsaí feirmeoireachta agus ar thionscal na talmhaíochta agus an bhia.

D'éirigh that barr le clár taighde bia Theagaisc sa bhliain 2003. Mar shampla, bunaíodh Ionad Cógasbheathach an Bhia, comhfhiontar de chuid Ionad Taighde Táirgí Déiríochta Theagaisc (Páirc Uí Mhórdha) agus de chuid Choláiste Ollscoile Chorcaí (UCC). Ba vóta muiníne i saineolas eolaíoch Theagasc Pháirc Uí Mhórdha agus a chuid comhpháirtithe i UCC í an dámhachtain €16.5m a bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar an tionscnamh seo.

Ba mhór an dul chun cinn é bunú áiseanna nua Theagaisc sa bhliain 2003. Coimisiúnaíodh an t-ionad nua gléasra biteicneolaíochta in Ionad Taighde Pháirc na Darach le linn na bliana. Chomh maith leis sin tá an t-ionad nua bia d'ainmhithe agus do theicneolaíocht bhia i bPáirc Uí Mhórdha beagnach curtha chun

críche. Tiocfaidh barr feabhais ar an gclár taighe i ngeall ar na háiseanna seo agus i ngeall ar na heolaithe nua-earcaithe; agus tabharfar deis do Theagasc cur leis na naisc atá aige cheana féin le mórinstiúidí taighde agus le móreolaithe an domhain.

Ó thaobh taighde táirgíochta de, lean ár gcuid eolaithe orthu ag mionchoigeartú gormphriontaí do bhainne neamhchostasach, do mhairteoil agus do sholáthar caorach. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an gcineál ceart bó déiríochta a chur ar fáil do chóras tairgthe féarbhunaithe na hÉireann agus, i ngeall ar an eolas nua atá ar fáil ó ghéinteicneolaíocht, tá seans mór ann go dtiocfaidh athruithe móra chun na maitheasa ar rátaí torthúlachta ainmhithe.

Ba mhór an ról a ghlac géinteicneolaíocht maidir le diagnóisiú léibhéil fhríotáíochta Septoria Tritici, galar na ngránbharr, i gcoinne na bhfungaicídí is déanaí. Ba mhór an tábhacht a bhí ag saineolas Teagaisc i dtaca le teacht ar na straitéisí ab éifeachtaí chun

déileáil leis an bhfadhb chontúirteach seo do shaothrú gránbharr in Éirinn.

Seirbhísí Comhairleacha

Lean seirbhísí comhairleacha Theagaisc orthu ag cur teicneolaíochtaí riachtanacha ar fáil sa chaoi go mbainfeadh an eanáil fheirmeoireacht tráchtála tairbhe as scála níos airde agus, ag an am céanna, a bheith in ann na teicneolaíochtaí laghdaithe costais ba dhéanaí agus na córais táirgíochta ab fhearr a thabhairt ar bord. Leag na seirbhísí comhairleacha béim faoi leith ar an líon mór feirmeoirí páirtaimseartha, a bhfuil baint acu le céatadán mór de tháirgí talmhaíochta na tíre. Cuireadh seirbhísí solúbtha ar fáil chun freastal faoi leith a dhéanamh ar riachtanais an ghrúpa sin.

Tar éis an chomhaontaithe i dtaca le hathbhreithniú meántearma an Pholasaí Chomónta Thalmhaíochta i mí Iúil 2003, ghlac ár gcomhairleoirí páirt ghníomach i mórfeachtas eolais i dtaca le sonraí na n-athruithe bunúsacha agus ar an éifeacht a bheadh acu ar fheirmeoirí. Tamall gairid roimh dheireadh na bliana

Ba sa bhliain 2003 a ghlac Teagasc páirt i réimse na ríomhfhoghlama den chéad uair. Dá bharr sin beidh deis againn freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais daoine atá ag brath ar an bhfeirmeoireacht agus ar ghairm bheatha eile araon.

bunaíodh an clár comhairleach speisialaithe 'Pleanáil i ndiaidh Fischer'. Tá sé d'aidhm againn sa chlár seo an chomhairle is fearr atá ar fáil a thabhairt d'fheirmeoirí i dtaca leis na hathruithe fréamhaí polasaí atá le teacht i bhfeidhm i mí Eanáir 2005.

Oideachas agus Oiliúint

Ghlac 16,000 duine páirt san oiliúint a chuir Teagasc ar fáil do thosaitheoirí sa tionscal, d'fheirmeoirí aosacha agus do thionscal an bhia sa bhliain 2003. Ardaíodh líon na gcúrsaí tríú leibhéal a chuir Teagasc ar fáil, i gcomhpháirtíocht le hInstitiúidí Teicneolaíochta, ó naoi gcinn go dtí aon cheann déag.

Ba sa bhliain 2003 a ghlac Teagasc páirt i réimse na ríomhfhoghlama den chéad uair, nuair a bunaíodh suíomh gréasáin fhoghlama ar líne agus nuair a cuireadh treoircúrsa ar fáil. Cuireadh pleananna chun cinn i dtaca le haonad ríomhfhoghlama ar líne a fhorbairt mar chuid d'obair Theagaisc. Dá bharr sin agus de bharr chúrsaí solúbtha oíche agus deireadh seachtaine atá á gcur ar

fáil, mar aon le cúrsaí cianfhoghlama, beidh deis againn freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais daoine atá ag brath ar an bhfeirmeoireacht agus ar ghairm bheatha eile araon.

Cuíchóiriú

Nuair a cuireadh san áireamh an ciorrú suntasach i gcúrsaí airgeadais Teagaisc sa bhliain 2003, mar aon leis an ngá le taighde tosaíochta agus le seirbhísí comhairleacha agus oiliúna a chosaint, bheartaigh Teagasc a chuid acmhainní a dhaingniú i níos lú ionad.

Díoladh an Príomh-Oifig i mBaile Átha Cliath agus rinneadh pleananna chun an fhoireann a athshuíomh san Ionad Náisiúnta Taighde Curaíochta i bPáirc na Darach. I láthair na huaire tá foireann an Ionad Taighde um Gheilleagar Tuaithe, a bhí ag obair sa Phríomh-Oifig i mBaile Átha Cliath, á n-athshuíomh in Ionad Mhic Mhaoilíosa i mBaile Átha an Rí.

Chomh maith leis sin díoladh an tIonad Taighde Bogthorthaí i gCluain an Róistigh, Co. Loch Garman sa

bhliain 2003. Tá an obair thaighde bogearraí a bhíodh ar siúl i gCluain an Róistigh á haistriú go hionaid mhóra taighde eile. Díoladh saoráid Theagaisc i Lullymore, Co. Chill Dara freisin.

Chomh maith leis sin bheartaigh an tÚdarás deireadh a chur leis an oiliúint ghairme do dhaoine óga a bhí á cur ar fáil aige i gColáiste Mhic Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí agus an cúrsa don Teastas Gairme i bhFeirmeoireacht Orgánach a aistriú go Coláiste an Chreagáin. Mar chuid de chuíchóiriú áiseanna seirbhísí comhairleacha, díoladh an oifig chomhairleach ar an gCorr Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath agus aistríodh an fhoireann go dtí Ionad Comhairleach agus Oiliúna Átha Cliath i Kinsealy. Dúnadh roinnt oifigí beaga comhairleacha a bhí ar cíos freisin.

Infheistíocht Chaipitiúil

Rinneadh méid suntasach infheistithe chaipitiúil sa bhliain 2003, go háirithe i dtaca le hathchóiriú coláistí agus le háiseanna nua taighde a chur ar fáil.



Tógadh áiseanna nua teagaisc i gColáiste Bhéal Átha hÉis agus i gColáiste Chill Daltúin. Cuireadh ball críche ar an ionad nua biteicneolaíochta barr in Ionad Taighde Pháirc na Darach agus bhí an obair ar an ionad nua biteicneolaíochta ainmhithe agus bia in Ionad Taighde Uí Mhórdha cóir a bheith críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2003. Chomh maith leis sin cuireadh áiseanna nua oifige agus saotharlainne ar fáil san Ionad Náisiúnta Bia.

Seirbhísí Fiúntacha do Chustaiméirí

Anuas ar an oifigeach lánaimseartha a ceapadh ag deireadh na bliana 2002 le cúram a thabhairt do sheirbhísí custaiméirí, cuireadh tús le roinnt tionscnamh tábhachtach le linn na bliana 2003. Rinneadh suirbhéithe chun leibhéal sástachta seirbhísí a mheas i measc mac léinn agus cliantfheirmeoirí. Cuireadh treoirthionscnaimh ar bun i gcontaetha éagsúla, i gcoláistí agus in ionaid taighde agus cuireadh tús le dianchlár oiliúna foirne. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir lena

chinntiú go mbeadh Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí agus plean gníomhaíochta i leith Seirbhísí do Chustaiméirí curtha i gcrích roimh an spriocdháta, Bealtaine 2004.

Clármheastóireacht

Bunaíodh Aonad Meastóireachta agus ceapadh Oifigeach Meastóireachta i mí Mheán Fómhair 2003. Rinneadh dul chun cinn maidir le Plean Gnó don Aonad Meastóireachta a ullmhú, le córas meastóireachta feidhmiúcháin a dhearadh agus le plean timthriallach a fhorbairt chun meastóireacht chórasach a dhéanamh ar mhórchlár Theagaisc.

Bainistíocht Rioscaí

Cuireadh córais i bhfeidhm le linn na bliana 2003 chun clár bainistíochta rioscaí a chur ar bun i ngach aonad de chuid Teagaisc. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Bainistíochta Rioscaí agus cuireadh oiliúint ar fáil do na bainisteoirí go léir. Go luath sa bhliain 2004 beidh ar gach aonad gnó meastóireacht rioscaí agus plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm mar chuid shuimeálach den phlean gnó.

Teicneolaíocht an Eolais

Nuair a ceapadh Ceannasaí Teicneolaíochta Eolais agus Cumarsáide (TEC) le linn na bliana 2003, cuireadh Plean Gnó sonraithe TEC i bhfeidhm don tréimhse 2003-2005. Is éard is aidhm don phlean ná na heasnamh TEC a aithníodh in athbhreithniú na bliana 2002 a cheartú. Rinneadh dul chun cinn maidir le hAonad lánach TEC a bhunú agus chun cur leis an líon daoine cáilithe a bheadh ag teastáil ar an bhfoireann chun feidhmchlár TEC a fhorbairt agus a chaomhnú.

Jim Flanagan
Stiúrthóir

1

Eacnamaíocht Thalamhbhia

Chuaigh taighdeoirí ón Ionad Taighde um Gheilleagar Tuaithe i mbun 34 tionscnamh sa bhliain 2003.

Leagadh béim sna tionscnaimh sin ar éifeacht athruithe polasaí ar earnáil an talamhbhia agus ar cheantair tuaithe; agus rinneadh meastóireacht agus anailís ar fheidhmiúchán fhiontair fheirmeoireachta agus ar threochtaí i bhforbairt tuaithe.

Trí chomhoibriú le comhpháirtithe san AE, tugadh roinnt tionscnamh a bhí faoi chistiú an AE, beagnach chun críche. Ina measc siúd bhí tionscnaimh a raibh sé d'aidhm acu múnla teilgthe a chur le chéile d'earnáil talmhaíochta an AE ar thurasóireacht chomhtháite tuaithe, ar chúinsí a mbeadh tionchar acu ar fhorimeallú agus ar bhainistíocht rioscaí i leith galar coraintín.

Chomh maith leis sin d'éirigh le taighdeoirí trí cinn de chonarthaí

taighde nua a bhaint amach agus iad faoi chistiú an AE. Cuirfear tús leis na tionscnaimh sin – ar ilfheidhmiúlacht, ar scéimeanna caomhnaithe comhshaoil agus ar íocaíochtaí díchúplaithe feirme – sa bhliain 2004; agus beidh comhoibriú le roinnt institiúidí taighde i dtíortha eile de chuid an AE i gceist.

Tionchar Leasú an CAP

Le linn na bliana 2003 d'fhoilsigh eacnamaithe de chuid aonad anailíse polasaí FAPRI Éireann trí anailís éagsúla ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe i bpolasaithe an AE agus i bpolasaithe talmhaíochta agus bia ar fud an domhain orainn. Sa chéad agus sa dara anailís, a foilsíodh i mí Eanáir agus i mí Bealtaine, rinneadh staidéar ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag moltaí i leith leasú CAP san AE, mar aon le moltaí an AE i leith cainteanna leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Sa tríú anailís, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair, rinneadh staidéar ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag gcomhaontú féin a síníodh i Lucsamburg ar leasú an CAP.

Léiríodh san anailís sin gurbh í díchúpláil iomlán íocaíochtaí feirme an AE ón mbliain 2005 ar aghaidh an polasaí ab fhearr a bhí ar fáil do thionscal na talmhaíochta in Éirinn. Cinneadh go mbainfí amach an leibhéal ab airde ioncam feirme trí dhíchúpláil iomlán a chur i bhfeidhm, nó trí dheireadh iomlán a chur leis an nasc idir táirgeadh feirmeoireachta agus íocaíochtaí.

Dúradh gurbh é an toradh a bheadh le díchúpláil iomlán, mar aon le roinnt athruithe i bpolasaithe trádála



talmhaíochta i ngeall ar chainteanna leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), ná go dtiocfadh méadú 10% ar ioncam comhiomlán feirmeoireachta faoin mbliain 2012 i gcomparáid leis an leibhéal a bheadh i gceist dá leanfaí leis na polasaithe a beartaíodh faoi Chlár Gnó 2000.

Cruthaíodh, mar sin, go raibh an ceart ag anailiseoirí Theagaisc nuair a dúirt siad roimhe sin gurbh é an rogha ba mheasa ná gan polasaithe a athrú ar chor ar bith nó go dtiocfadh laghdú 9% ar ioncam feirmeoireachta faoin mbliain 2012. D'fhéadfadh páirt-díchúpláil, rogha atá ceadaithe faoi chomhaontú an AE ar leasú CAP, méadú ioncaim chomh híseal le 4% a chur ar fáil, ag brath ar na híocaíochtaí a ndéanfaí páirt-díchúpláil orthu.

Léirigh an anailís gurbh í díchúpláil iomlán ar íocaíochtaí mairteola ó thairgeacht an rogha ab fhearr i dtaca le hioncam ó thairgeacht mhairteola. Thiocfadh laghdú 18% ar líon na mbó cíche, agus dá thairbhe sin thiocfadh laghdú 7% ar tháirgí

máirteola. Ach, ag am céanna, dá dtabharfaí isteach laghdú 10% i bpraghsanna, mar aon le laghduithe i gcostais fheirmeoireachta, bheadh ionchas ioncaim níos fhearr ag táirgeoirí máirteola.

Dá leanfaí ar aghaidh le naisc idir íocaíochtaí agus tháirgí, thiocfadh méadú beag ar luach aschur máirteola. Ach d'fhéadfaí an méid sin a chlúdach trí chaiteachas níos airde a dhéanamh ar ionchur feirmeoirí.

Léirigh anailís Theagaisc gur chinntigh cinneadh an Aire Talmhaíochta agus Bia, íocaíochtaí cúitimh déiríochta ó tháirgeadh a dhíchúpláil ón mbliain 2005 ar aghaidh, go mbeadh todhchaí níos fhearr i ndán do níos mó feirmeoirí déiríochta.

Chuirfeadh sé sin straitéis éalaithe níos fhearr ar fáil d'fheirmeoirí neamhéifeachtacha agus chuirfí linn bainne ní ba leithne ar fáil d'fheirmeoirí a mbeadh sé d'acmhainn acu an gnó a leathnú. Léirigh an anailís go dtiocfadh laghdú

ar líon na bhfeirmeoirí déiríochta i ngeall ar na socruithe nua, ó bheagán faoi 27,000 sa bhliain 2003 go dtí 18,000 sa bhliain 2012, le meánchuóta beagnach 300,000 lítear (65,000 galún). Dá gcuirfí moill ar dhíchúpláil íocaíochtaí go dtí an bhliain 2008, de réir mar a bhí leagtha síos i gcéad chomhaontú an AE, rachadh líon na bhfeirmeoirí déiríochta síos a fhad le 16,000, de réir na hanailíse.

Faoi na leasuithe nua thitfeadh praghas an bhainne 5% ní ba mhó ná mar a tharlódh faoin bpolasaí bunaidh. Is é an toradh a bheadh ar íocaíochtaí díreacha agus ar scála méadaithe, áfach, ná go bhfanfadh ioncam feirmeoirí déiríochta ar aon chéim leis an ráta boillscithe.

Léirigh an anailís, nuair ba léir go dtiocfadh titim shubstantiúil ar an tréad náisiúnta caorach faoin bpolasaí bunaidh, go gcuirfeadh an díchúpláil deireadh leis an titim sin. Cuireadh in iúl go mbeadh líon na gcaorach sa bhliain 2012 níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2003.



Leigheasfadh ardú praghsanna an fhadhb sin, áfach, sa chaoi go dtiocfadh ardú beag ar luach aschur caorach faoin mbliain 2012.

Is beag éifeacht a bheadh ag díchúpláil iomlán ar ghránbharra. Thiocfadh laghdú beag ar an limistéar curaíochta agus, dá bharr sin, thiocfadh titim bheag ar luach an aschuir.

Leasú CAP i dTaca leis an Timpeallacht

Léirigh anailís Teagaisc go mbeadh tionchar lándearfach ag díchúpláil iomlán íocaíochtaí feirme an AE, ó tháirgeadh, ar an timpeallacht.

I ngeall ar an titim a thiocfadh ar an líon beostoic de bharr an nasc idir táirgeacht feirmeoireachta agus íocaíochtaí a bheith briste, thiocfadh laghdú substaintiúil ar astuithe ceaptha teasa ó thionscal na talmhaíochta in Éirinn.

Faoi chomhaontú Kyoto, ní mór dúinn anseo in Éirinn astuithe ceaptha teasa a choinneáil faoi bhun 13% faoin mbliain 2010, i gcomparáid le leibhéal na bliana

1990. Léirigh an anailís go dtiocfadh laghdú 14%, i gcomparáid le leibhéal measta na bliana 1990, ar astuithe ceaptha teasa ó thionscal na talmhaíochta faoin mbliain 2010.

De thoradh na laghduithe in astuithe ceaptha teasa, ba chóir go mbainfí den bhrú, atá ar eamálacha eile de chuid gheilleagar na hÉireann, astuithe ceaptha teasa a laghdú, sa chaoi go mbeidh sé indéanta spriocanna chomhaontú Kyoto a bhaint amach sa tír seo.

Anailís ar Ghníomhaíocht na Feirmeoireachta

De réir mionanailíse a rinneadh ar mhórfhiontair fheirmeoireachta sa bhliain 2003 agus ar fhéidearthachtaí na bliana 2004 thuairiscigh eacnamaithe brabús méadaithe d'fheirmeoirí máirteola agus curaíochta, ach titim chorrailigh do thairgeoirí caorach agus muc.

Tháinig méadú tuairim is 8% ar chorrailigh mháirteola i ngeall ar laghdú beag i gcostais agus ar ioncam breise ó ardú sa ráta maraithe beithíoch agus ó íocaíochtaí díreacha. Bhraith feirmeoirí

curaíochta feabhas substaintiúil ar chúrsaí i gcomparáid le drochbhliain 2002, go háirithe i ngeall ar mhéaduithe corrlaigh 44% agus 25% faoi seach ar eorna earraigh agus ar chruithneacht gheimhridh.

Chuir an laghdú i bpraghsanna bainne go mór leis an titim 2% i gcorrlaigh dhéiríochta. Ina dhiaidh sin tháinig titim 20% sa bhliain 2002. Cé gur tháinig laghdú tuairim is 5% ar chorrailigh thairgthe chaorach sa bhliain 2003, ba ó chaoirigh a tháinig an corrlach – le tionscal na déiríochta sa chéad áit – agus bhí siad go mór chun tosaigh ar thionscal na máirteola agus ar thionscal na ngránach freisin.

Tháinig laghdú 5% i gcorrlaigh thairgthe mhuc i ngeall ar phraghsanna ísle agus ar chostais arda.

De réir anailíse i leith féidearthachtaí na bliana 2004, leag eacnamaithe Theagaisc béim faoi leith ar laghdú beag ioncain i ngeall ar aschur íseal agus ar phraghsanna arda.

Tuairimí i Leith Leasú CAP

Léirigh suirbhé de chuid Teagaisc gur bhraith 42% d'fheirmeoirí nach mbeadh tionchar ar bith ag díchúpláil íocaíochtaí feirme ó tháirgí ar ioncam. Bhraith 40% go dtiocfadh laghdú ar ioncam agus bhraith 10% go dtiocfadh ardú ar ioncam.

Rinneadh an suirbhé ar shampla ionadach 1,200 feirmeoir agus foilsíodh é i mí na Nollag. In ainneoin éagsúlacht na dtuairimí éagsúla i dtaca le tionchar na leasuithe ar ioncam, dúirt 85% díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé go raibh siad i bhfabhar aidhm an pholasaí nua.

Léiríodh go raibh sé i gceist ag 15% d'fheirmeoirí déiríochta éirí as táirgeadh bainne taobh istigh de dhá bhliain. Anuas air sin, dúirt 32% go n-éireoidís as le linn na 3-10 bliain ina dhiaidh sin. Ach ag an am céanna, bhí sé de rún acu siúd a raibh sé i gceist acu leanúint leis an déiríocht cur go substaintiúil le méid a ngnó.

Léirigh suirbhé de chuid Teagaisc gur bhraith 42% d'fheirmeoirí nach mbeadh tionchar ar bith ag díchúpláil íocaíochtaí feirme ó tháirgí ar ioncam. Bhraith 40% go dtiocfadh laghdú ar ioncam agus bhraith 10% go dtiocfadh ardú ar ioncam.

Léirigh an suirbhé go raibh sé i gceist ag 50% de tháirgeoirí máirteola líon a gcuid stoic a choinneáil mar a bhí sé. Bhí sé i gceist ag tuairim is 10% cur leis an líon stoic agus bhí sé de rún ag beagnach 40% an líon stoic a íslíú. Cé go ndúirt 10% de tháirgeoirí caorach ísealchríche go gcuirfidís le líon an tréada, ba léir ón suirbhé go dtiocfadh titim 6% ar líon na gcaoirigh ísealchríche.

Ní mór a chur in iúl go ndearnadh an suirbhé le linn tréimhse nuair nach raibh eolas iomlán ag feirmeoirí faoi mhionsonraí leasuithe nua CAP. Dá bhrí sin, ní féidir a rá ach go léiríonn na torthaí luath-thuairimí na bhfeirmeoirí.

Pleananna Infheistithe don Bhliain 2004

Léirigh suirbhé bliantúil Theagaisc ar phleananna infheistithe feirmeoirí go raibh sé i gceist acu €300m a infheistiú sa bhliain 2004. Tháinig laghdú 9% agus 23% faoi seach ar infheistíocht phleanáilte i leith innealra agus fhoirgnimh feirme



agus bhí an chosúlacht ar an scéal go dtiocfadh méadú faoi dhó ar infheistíocht sa chuóta bainne.

Léirigh an suirbhé, cé go raibh €290m i gceist maidir le hinfheistíocht phleanáilte don bhliain 2003, gur infheistíodh €500m ar deireadh thiar. Is léir ón méid sin go mbíonn sé de nós ag feirmeoirí meastóireacht ró-íseal a dhéanamh ar a gcuid infheistíochta phleanáilte.

Suirbhéithe Ioncaim sa bhliain 2002

Léirigh Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha Theagasc gur tháinig laghdú 5.8% ar ioncam feirmeacha sa bhliain 2002, rud a chiallaíonn gurbh é €14,925 meánioncam gach feirme. €15,840 a bhí mar mheánioncam sa bhliain 2001.

Tharla an titim san ioncam i ngeall ar laghdú os cionn 2% i luach an aschuir. Tháinig méadú 3.5% ar chostais táirgí feirmeoireachta. Ach, ag an am céanna, tháinig méadú 17% ar leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha a fuair feirmeoirí sa bhliain 2002, rud a thug cúiteamh éigin dóibh ar an laghdú in aischiúir ón margadh.

Bunaíodh an suirbhé ar anailís chuntas a coinníodh ar bheagnach 1,200 feirm. 116,400 feirmeoir ar fad a bhí i gceist. Bhí tuairim is 20,000 feirmeoir nár cuireadh san áireamh, mar aon le táirgeoirí muiceola agus circeola.

Léirigh an suirbhé go raibh comhathrú ollmhór i gceist idir mórfheirmeoirí bríomhara lánaimseartha agus an grúpa beag páirtaimseartha, a bhíonn ag brath

go mór ar íocaíochtaí díreacha agus ar obair lasmuigh den fheirm. Léiríodh go raibh 44,500 feirm lánaimseartha i gceist – agus íosmhéid 0.75 aonad iontu. Ba é €27,258 meánioncam na bhfeirmeacha sin sa bhliain 2002, laghdú 10% ar ioncam na bliana 2001.

Seasann na feirmeacha lánaimseartha sin, i.e. 40% d'fheirmeacha na tíre, d'earnáil bhríomhar tráchtála na feirmeoireachta. Oibríonn 60% díobh i dtionscal na déiríochta agus bíonn baint ag an gcuid eile le tionscal na curaíochta, le tionscal na máirteola agus le táirgeacht caorach. Maidir leis an 60% eile d'fheirmeoirí, ní raibh d'ioncam ón bhfeirmeoireacht acu sa bhliain 2002 ach €6,590. B'fheirmeoirí máirteola/caorach formhór na bhfeirmeoirí eile agus bhí foinsí ioncaim de chineál éigin eile ag 82% díobh.

Léirigh an suirbhé go raibh ioncam taobh amuigh den fheirm ag an bhfeirmeoir agus/nó ag a c(h)éile ar 48% d'fheirmeacha. Ba ag an bhfeirmeoir féin a bhí an t-ioncam breise sin i gcás 35% d'fheirmeacha, méadú 2% ar an scéal céanna sa bhliain 2001. Ba ar fheirmeacha déiríochta a tharla an meath ba mhó. €28,100 an meánioncam a bhí i gceist, laghdú 18% ar fhigiúr na bliana 2001. Thit meánioncam feirmeoireacht churaíochta go dtí €21,900, laghdú 9%. Tháinig titim suas go 23% ar ioncam mhórfheirmeoirí curaíochta.

Tháinig méadú ar ioncam máirteola sa bhliain 2002, ach ba ó bhonn an-íseal a tháinig an méadú sin. Tháinig

méadú 7% ar chórais bheathaithe eallaigh go dtí meánioncam €7,750 agus, ag an am céanna, ardaíodh an meánioncam ó chórais mháirteola eile 22% go dtí €9,520. Bhí €12,350 le fáil ar fheirmeoireacht chaorach, méadú 2% i gcomparáid leis an mbliain 2001.

Léirigh an suirbhé gur tháinig méadú mór ar íocaíochtaí díreacha i leith ioncam feirme. B'íocaíochtaí díreacha iad 90% de mheánioncam na bhfeirmeacha go léir a ndearnadh suirbhé orthu, i gcomparáid le 72% sa bhliain 2001. Íocadh na méaduithe deireanacha in íocaíochtaí díreacha faoi chomhaontú Chlár an AE 2000 sa bhliain 2002.

2

Taighde agus Forbairt Bhia

Lean an Clár um Thaighde agus Forbairt Bhia, a cuireadh i bhfeidhm ag an Ionad Náisiúnta Bia i mBaile Átha Cliath agus ag an Ionad Taighde Táirgí Déiríochta i bPáirc Uí Mhórdha, Mainistir Fhear Maí, ag cuidú le tionscal an bhia trí theicneolaíochtaí nua próiseála a chur in oiriúint agus trí mhianach agus réimse na dtáirgí éagsúla a leathnú.

Rinneadh obair ar 110 tionscnamh taighde bia, 69 díobh ag an Ionad Náisiúnta Bia agus 41 ag an Ionad Taighde Táirgí Déiríochta. Rinneadh cuid mhór den obair ar na tionscnaimh sin i gcomhpháirtíocht le hollscoileanna, le hinstiúidí taighde agus le comhpháirtithe tionsclaíochta in Éirinn, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Cuireadh go mór leis an gcomhoibriú le hinstiúidí taighde thar lear, go háirithe sna heolaíochtaí fairsingíocha, le linn na bliana 2003.

Is comhartha é an comhoibriú méadaithe seo, le cuid de mhóreolaithe an domhain, den chlú atá ar bhia-eolaithe Theagaisc; agus is mór an tairbhe é sin do thionscal an bhia in Éirinn agus do thomhaltóirí Éireannacha i gcoitinne.

Cuireadh tús le dhá mhórhionscnamh de chuid eolaithe Theagaisc, agus iad cistithe ag an AE, sa bhliain 2003. I gcás an dá thionscnamh seo beidh comhoibriú i gceist le comhpháirtithe eolaíochta agus tionsclaíochta i mballtíortha an AE agus i Meiriceá Thuaidh.

Is iad seo a leanas buaicphointí an chláir, mar aon le roinnt mórgníomhartha.

Cuireann Taighde Táirgí Nua ar fáil

Chonacthas go soiléir an chaoi ar chuir clár taighde bia Theagaisc le nuálaíocht i dtionscal an bhia ag lá oscailte náisiúnta in Ionad Taighde Táirgí Déiríochta i bPáirc Uí Mhórdha i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh níos mó ná 20 táirge nua bia agus dí ar taispeáint ag an lá oscailte – iad go léir forbartha ag comhlachtaí Éireannacha agus ag comhlachtaí ilnáisiúnta le cabhair ó eolaithe bia de chuid Teagaisc

I measc na dtáirgí a bhí ann bhí réimse leathan cáiseanna breisluacha, bianna do leanaí, bianna feidhmiúla, licéir uachtair, caife gaelaigh, mar aon le comhábhair do réimse leathan bianna sneaice agus do bhéilí réamhullmhaithe. I measc na dtáirgí a bhí ar taispeáint bhí:

- Foirmle nua do leanaí de dhéantús an chomhlachta ilnáisiúnta, Wyeth,

ón monarcha in Eas Géitine, Co. Luimnigh, atá ar díol ar fud an domhain anois.

- Cáis chéadair nua-mhodhnaithe, Carbery Blue, de dhéantús an Carbery Group le cabhair ó theicneolaíocht Teagasc.
- Comhábhar nua blaitithe gíostúisc, de dhéantús an Carbery Group freisin, a bheidh an-úsáideach do bhianna sneaice agus do bhéilí réamhullmhaithe.
- Réimse biadhathanna nádúrtha de dhéantús nuálaíoch an chomhlachta Waterford. Tá margadh mór dá chuid táirgí i Meiriceá Thuaidh ag an gcomhlacht seo cheana féin.
- Tiúchán blaitithe de dhéantús comhlachta nuálaigh eile, National Food Ingredients i Luimneach, le húsáid i réimse táirgí breisluacha milseogra.
- Cáis nua fhorbheathach ó Bhord Déiríochta na hÉireann agus saill-leathán nua forbheathach ón Kerry Group.
- Tiúchán blaitithe déanta ó bhraich agus ó eorna rósta, de dhéantús

an chomhlachta ilnáisiúnta, Diageo, atá á easportáil go dtí níos mó ná 50 tír le húsáid i réimse deochanna.

- Cáiseanna theach feirme, licéir uachtair agus caife gaelach arna ndéanamh ag comhlachtaí beaga agus ag comhlachtaí meánmhéide ar fud na tíre.

Rud eile a bhí ar taispeáint ná próiseas speisialta nua chun cáis mozzarella a dhéanamh, forbartha ag eolaithe Theagasc. I ngeall ar an úsáid leathan a bhaintear as mozzarella le barrán a chur ar phíotsa, tháinig borradh as cuimse faoi dhíolachán mozzarella le tamall de bhlianta anuas agus, le cabhair ó theicneolaíocht Teagasc, tá déantóirí Éireannacha in ann dul in iomaíocht le comhlachtaí móra ar an margadh idirnáisiúnta.

Bunú Ionad Nua Taighde

Is comhpháirtithe iad eolaithe an Ionad Taighde Táirgí Déiríochta san Ionad nua Cógasbheathach Bia, ar fógraíodh a bhunaithe sa bhliain 2003.

Beidh cistiú tosaigh os cionn €20m i gceist, €16.5m den mhéid sin á chur ar fáil ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). Beidh an chuid eile á cur ar fáil ag Sláinte Bia Teo (Alimentary Health Ltd), comhlacht biteicneolaíoch Éireannach a bhfuil ceangal aige le comhlacht ilnáisiúnta cógaisíochta domhanda.

Is í dámhachtain SFI an ceann is mó a bronnadh ar thionscnamh taighde in Éirinn riamh agus is comhartha muiníne é sa saineolas eolaíochta atá ar fáil san Ionad Taighde Táirgí Déiríochta agus ina chomhpháirtí, Coláiste Ollscoile Chorcaí (UCC).

Beidh sé de chuspóir ag an ionad nua, a bheidh suite i saotharlanna nua biteicneolaíochta Theagasc i bPáirc Uí Mhórdha agus san institiúid eolaíochtaí bitheacha i UCC, scrúdú a dhéanamh ar an ról a imríonn baictéir stéigeacha i gcothabháil sláinte agus i ngalair éagsúla. Tiocfaidh taighdeoirí ó dhisciplíní éagsúla i UCC agus i bPáirc Uí Mhórdha le chéile san ionad chun a gcuid scileanna a dhíriú ar



mhodhanna nua chun galair stéigeacha a chóireáil agus a chosc.

Trí staidéar a dhéanamh ar na meicníochtaí trína mbíonn tionchar ag baictéir stéigeacha agus ag baictéir bhia ar chúrsaí sláinte agus galraithe, cuirfidh an taighde seo deiseanna dúshaothraithe tráchtála ar fáil do na hearnálacha bia agus cógaisíochta. Is é an tábhacht a bhaineann leis an taighde seo ó thaobh thionscal na déiríochta in Éirinn de ná go ndéanfaidh sé éilimh ar éifeachtúlacht bhianna forbheathacha a dhaingniú agus, dá thoradh sin, go mbeidh tionchar tábhachtach aige ar fhorbairt na mbianna sin i gcomhlachtaí Éireannacha. Ó thaobh Pháirc Uí Mhórdha de, is éard atá ann ná comhpháirtíocht ardchaighdeán a thugann na naisc láidre comhoibrithe atá aige le taighdeoirí UCC cheana féin go dtí leibhéal níos airde.

Taighde ar Ghéanómacht Feola

Thángthas ar chomhaontú i dtaca le clár taighde cúig bliana idir Ionad Náisiúnta Bia Theagaisc agus an Meat Functional Genomics Group in Ollscoil Stát Michigan. Dá thoradh sin, cuireadh tús leis an gcéad chlár taighde um ghéanómacht agus phróiteoimeacht riamh in Éirinn

Déanfar taighde ar an ngaol idir DNA i ngéinte samplacha agus tréithe caighdeán feola i máirteoil agus i muiceoil in Éirinn. Bainfear úsáid as an eolas sin chun uirlisí diagnóiseacha a fhorbairt i leith caighdeán feola.

Bunaíodh nasc tábhachtach eile leis an bhfoireann taighde um phróiteoimeacht feola in ionad

Is comhartha é an Conradh seo, a bronnadh ar Ionad Náisiúnta Bia Theagaisc, den cháil mhór idirnáisiúnta atá air mar ionad ardchaighdeán feabhais chun córais bhainistíochta um shábháilteacht bia a fhorbairt.

taighde Clermont-Ferrand sa Fhrainc. Mar aon leis an gcomhpháirtíocht atá bunaithe cheana féin le hInstitiúid Uí Chonbhuí i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus leis an Ionad Náisiúnta Diagnóiseach i gColáiste Ollscoile na Gaillimhe, cuireann na líonraí nua seo modh sainiúil ar fáil chun teacht ar eolas, ar scileanna agus ar thaithí ar an mbitheolaíocht mhóilíneach a bhaineann le caighdeán feola.

Fuarthas polamorfachtaí DNA i leith frithireacht feola ón taighde cheana féin. Is éard atá á dhéanamh anois ná na géinitíopaí a chomhghaolú le caighdeán fhrithireachta. Táthar ag déanamh staidéir freisin ar ghéinte a

mbíonn tionchar acu ar shail idirmhatánach.

Tionscnaimh Shábháilteachta Bia san AE

Bronnadh mórchonradh le cistiú ón AE ar Ionad Náisiúnta Bia Theagaisc chun gormphriontaí sábháilteachta bia a fhorbairt i leith táirgí feola, próiseáil feola, miondíola agus lónadóireachta ar fud na hEorpa.

Béidh an tionscnamh seo á dhéanamh i gcomhpháirtíocht le cuibhreannas eolaithe agus comhpháirtithe i dtír cinn déag de thíortha an AE, mar aon leis an bPolainn, an Ungáir agus Ceanada.

Chomh maith le cleachtais sábháilteachta a fhorbairt i leith céimeanna tábhachtacha sa bhiashlabhra, déanfaidh tionscnamh Theagaisc athbhreithniú ar an gcaoi is fearr le fiosrú a dhéanamh ar ráigeanna nimhithe agus, anuas air sin, tabharfar comhairle i dtaca le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tomhaltóirí ar nithe a mbíonn baint acu le cúrsaí sábháilteachta bia.

Is comhartha é an Conradh seo, a bronnadh ar Ionad Náisiúnta Bia Theagaisc, den cháil mhór idirnáisiúnta atá air mar ionad ardchaighdeán feabhais chun córais bhainistíochta um shábháilteacht bia a fhorbairt.

Le trí bliana anuas, d'éirigh le Teagasc gormphriontaí sábháilteachta bia i leith máirteola, muiceola agus marú caorach a fhorbairt agus a fhoilsiú. Faoin teideal HACCP (Hazard Analysis Critical Control Point), tugann siad

mionsonraí faoi na cleachtais thábhachtacha sábháilteachta nach mór a chur i bhfeidhm ón am a sroicheann an t-ainmhí an mhonarcha go dtí go dtéann an conablaigh isteach sa seomra reoite.

Chomh maith leis sin forbraíodh HACCP do tháirgeacht chircleola agus tá obair ar bun cheana féin chun gormphriontaí sábháilteachta lónadóireachta agus glasraí a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht leis an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus le Coláiste Ollscoile Luimnigh. Tabharfaidh an tionscnamh nua idirnáisiúnta seo deis do Theagasc céimeanna eile sa bhiashlabhra a chlúdach agus an clár sábháilteachta bia a leathnú isteach san Eoraip.

Sprioc bainte amach i gCúrsaí Sábháilteachta Bia

Rinne foireann taighde Eorpach, faoi stiúir eolaithe de chuid an Ionad Náisiúnta Bia, éacht mór domhanda le déanaí, nuair a d'éirigh leo an seadán, *Cryptosporidium parvum*, a aimsiú i mbianna.

Thángthas ar an bhfionnachtain seo tar éis tionscnamh taighde trí bliana faoi chistiú an AE, a raibh ocht gcinn de ghrúpaí taighde Eorpacha páirteach ann.

Is seadán é *Cryptosporidium parvum* atá ag teacht chun cinn i mbianna. Tagann buinneach, pianta sa bhol, masmas, babhtáí urlacain agus fiabhras ísealghráid orthu siúd a bhíonn fabhtaithe. Maireann an galar ar feadh suas le trí seachtaine de ghnáth, ach d'fhéadfadh sé a bheith ainsealach agus dianseasmhach i

gcás daoine ar imdhíonacht íseal.

Tugtar an seadán seo faoi deara i gconair stéigeach eallaigh agus caorach agus is tríd an bhfaecas a dhéantar é a eisfhearadh. Is féidir é a tharchur ó ainmhí go duine, ó dhuine go duine, trí uisce nó trí bhia éillithe nó trí theagmháil dhíreach le dromchlaí éillithe sa timpeallacht.

Trí úsáid a bhaint as na córais bhraite nuafhorbartha, tá staidéar déanta den chéad uair ag eolaithe san Ionad Náisiúnta Bia ar leitheadúlacht agus ar ráta marthanais *Cryptosporidium parvum* i bhfeoil agus i sailéid.

Beidh na modhanna nua braite ina mbuntáiste mór chun tuilleadh taighde a dhéanamh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an seadán seo atá ag teacht chun cinn i mbianna.

Anuas air sin, rinne taighdeoirí margaidh agus micreabhitheolaithe ón Ionad Náisiúnta Bia, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Innealtóireachta Bia i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, an chéad mheasúnú cainníochtúil priacail riamh ar bhiophataigin in Éirinn. Beidh sé de chumas ag an tsamhail, a rinneadh de thoradh na hoibre sin, an priacal a bhaineann le feoil éillithe ar bith a itheann an tomhaltóir a thuar agus an áit sa bhiashlabhra ina bhfuil an priacal is airde agus na háiteanna is fearr le rialúchán a chur i bhfeidhm a aithint. Beidh sé indéanta ansin an saineolas seo agus na scileanna a bhaineann leis a chur i bhfeidhm ar phróiséis bhia eile.

Taighde ar Stíleanna Maireachtála Bia

De réir torthaí taighde a d'fhoilsigh an tIonad Náisiúnta Bia sa bhliain 2003, bíonn páirt mhór ag bianna sneaice agus ag bianna caoithiúla i nósanna itheacháin beagnach leath de thomhaltaigh na Breataine.

Trí úsáid a bhaint as modh taighde sofaisticiúil tomhaltóirí, a dtugtar Food Related Lifestyle Instrument air, roinn taighdeoirí tomhaltaigh na Breataine i sé ghrúpa. 'Snaiceoirí' a thugtar ar an ngrúpa is mó a bhfuil fás faoi. Clúdaíonn an grúpa sin duine amháin as gach grúpa tomhaltóirí sa Bhreatain agus tá dúil mhór acu i mbianna caoithiúla a chuireann béilí ar fáil go tapa caoithiúil.

D'aithin an fhoireann taighde dhá ghrúpa tomhaltóirí eile sa Bhreatain nach raibh mórán suime acu i gcúrsaí bia. Deirtear go bhfuil na tomhaltaigh seo 'míchúramach' agus 'scartha amach'.

Níl mórán suime ag an ngrúpa 'míchúramach' i gcúrsaí siopadóireachta agus níl ach beagán suime sa chócaireacht acu siúd atá 'scartha amach'. Nuair a chuirtear an dá ghrúpa seo in éineacht leis na sneaiceoirí atá ag teacht chun cinn, is ionann sin agus 48% de chomhaltaigh na Breataine.

Roinn an fhoireann taighde fuilleach na dtomhaltóirí i dtí ghrúpa: 'réasúnach', 'eachtrúil' agus 'coimeádach'.

Bíonn suim faoi leith ag an ngrúpa réasúnach, i.e. 26% de thomhaltaigh na Breataine, i mbianna



ardchaighdeáin agus is daoine meánaosta nó seandaoine a bhformhór. Bíonn suim ag an ngrúpa eachtrúil, i.e. 17% de thomhaltaigh, i dtáirgí nua bia agus bíonn sé de nós acu a gcuid siopadóireachta a dhéanamh i siopaí speisialaithe.

Os a choinne sin tá an grúpa coimeádach, i.e. 9% de thomhaltaigh. Bíonn siad seo traidisiúnta maidir leis an rogha a dhéanann siad i gcúrsaí bia agus ní bhíonn mórán suime acu i mbianna caoithiúla ná i dtáirgí nua bia. Tá cuid mhór ban aosta ina measc.

Tugadh torthaí an taighde do chomhlachtaí bia in Éirinn chun cabhrú leo a gcuid táirgí bia, a gcuid margaíochta agus a gcuid straitéisí fógraíochta a chur in oiriúint do threochtaí tomhaltóirí atá ag teacht chun cinn i láthair na huairé.

Rinne comhlachtaí Éireannacha os cionn €2.6m de tháirgí bianna caoithiúla sa bhliain 2002. Easportáladh 1 billiún de sin go margadh na Breataine, a ídíonn

luach €20 billiún de tháirgí bianna caoithiúla in aghaidh na bliana.

Grádú Meicniúil Feola

Bhí baint mhór ag na trialacha nua a rinneadh ar ghrádú meicniúil feola san Ionad Náisiúnta Bia le glacadh an AE le prionsabal na gcóras grádaithe meicniúil agus le spriocanna réadúla a leagan síos chun iad a cheadú.

I mí na Samhna 2003 rinne an Roinn Talmhaíochta agus Bia an chéad triail údaráithe agus rinne an tIonad Náisiúnta Bia anailís ar na sonraí, a bhí le húdarú ag an AE. Ar an gcaoi sin ceadaíodh grádú meicniúil i monarchana easportála máirteola sa bhliain 2004,

Smachtú Salmonella i Muca

Sa bhliain 2003 rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le húsáid ábhar forbheathach chun leibhéil salmonella a smachtú i muca. Roimhe sin d'aithin taighdeoirí tréithchineálacha baictéarachacha aigéid lachtaigh, a bhí in ann fás salmonella a shochtadh,

sa tsaotharlann. Sa bhliain 2003 rinneadh trialacha ar mhuca beo agus nochtheadh do shammonella iad d'aon ghnó chun éifeachtúlacht ionghabhála forbheathaí i gcoinne na pataigine a mheas.

Ba mhór an tuar misnigh iad na torthaí. Thaispeáin siad go raibh na tréithchineálacha forbheathacha in ann maireachtáil agus, i roinnt cásanna, go raibh siad in ann an lámh in uachtar a fháil i stéig na muice. Taispeánadh freisin gur laghdaigh na hábhair fhorbheathacha go mór ar airíonna an tsalmonella agus ar leibhéal an tsalmonella a bhí sna hainmhithe. Déanfar trialacha allamuigh sa chéad chuid eile de na trialacha seo agus bainfear úsáid as meascán d'ábhair fhorbheathacha chun salmonella a smachtú.

Mórtionscnamh Géanómach

Is éard is cuspóir do cheann de na mórtionscnaimh san Ionad Taighde Táirgí Déiríochta ná seicheamhú géanóm iomlán baictéar uathúil déanta cáise a dhéanamh. Is é an

rud is suntasaí faoin tionscnamh seo ná gur eochair é chun mais ghéarchéimneach a thógáil i dtaca le géanómacht chultúr tosaithe agus beidh Teagasc go mór chun tosaigh i bhforbairtí idimáisiúnta sa réimse móréabhlóideach a bhaineann le géanómacht a chur in oiriúint do chórais bhia traidisiúnta agus nuálaíocha.

Le linn na bliana 2003 rinneadh dul chun cinn mór maidir le seiceamhú iomlán an ghéanóim, trí úsáid a bhaint as seirbhísí comhlachta géinte; agus táthar ag súil go gcuirfear barr críche leis an tionscnamh, i.e. mapa géanóm a shoiléiriú, roimh dheireadh na bliana 2004.

Déanfar na sonraí a bhaineann le seiceamhú géinte sa tionscnamh seo a chur le chéile go córasach agus géinte a bhfuil tábhacht féideartha eacnamaíoch ag baint leo a aithint. Cuirfear suim faoi leith i ngéinte a úsáidtear i bhforbairt bhlaistithe do cháiseanna agus úsáidfear iad le haghaidh dearadh tosaithe amach anseo.

Tá forbairtí sa ghéinteicneolaíocht ag déanamh síorathruithe ar thírdhreach an eolaíocht bitheolaíochta. Ní go dtí le déanaí a thángthas ar an gcumas le comhshuíomh géiniteach iomlán orgánach beo a sheiceamhú. Go dtí seo is é an tionscnamh géanóm daonna an sampla cáipéisithe is fearr den teicneolaíocht seo.

Tacaíocht do Bhianna Feidhmiúla

Leanadh le forbairt bhianna feidhmiúla a mbeadh sé de chumas acu leasa áirithe sláinte a chur ar fáil

Leanadh le forbairt bhianna feidhmiúla a mbeadh sé de chumas acu leasa áirithe sláinte a chur ar fáil mar chuid thábhachtach de chuid an chlár taighde agus forbartha san Ionad Náisiúnta Bia agus san Ionad Taighde Táirgí Déiríochta.

mar chuid thábhachtach de chuid an chlár taighde agus forbartha san Ionad Náisiúnta Bia agus san Ionad Taighde Táirgí Déiríochta. Sampla amháin de sin ná an pháirt a ghlac eolaithe an Ionad Náisiúnta Bia i bhforbairt aráin, saor ó ghlútan, do dhaoine a mbíonn galar céiliach orthu.

Tá tuairim is 1% de thomhaltaigh na hÉireann ailléirgeach leis na comhábhair i bplúr cruithneachta. Sa bhliain 2003 d'éirigh leis an Ionad Náisiúnta Bia cineálacha áirithe aráin a fhorbairt gan chomhábhair chruithneachta ar bith iontu.

Leanadh le taighde forbartha ar chlárí cothaithe ainmhithe chun

leibhéil aigéid líonoiléach chomhchuingigh (CLA) i mbainne agus i máirteoil a bhreisiú. Deirtear go mbíonn éifeacht thairbheach ag CLA ar an tsláinte, go háirithe i ngeall ar na buanna frithailseacha a bhíonn ann, agus go mbíonn leibhéil níos airde de i mbainne agus i máirteoil féartháirgthe. Fuarthas amach ó thaighde a rinneadh in Ionaid Taighde Pháirc Uí Mhórdha agus an Ghráinsigh gur féidir cur le tiúchan CLA trí aiste bia an ainmhí a fhorlíonadh le fear a mbíonn olaí speisialta ann.

Má uasmheadaítear leibhéal an CLA i máirteoil agus i dtáirgí déiríochta Éireannacha beidh sé de chumas againn uathúlacht a chruthú do tháirgí den chineál sin i margaí tomhaltacha thar lear.

Anuas ar an obair sin go léir rinne eolaithe san Ionad Taighde Táirgí Déiríochta fiosrúchán ar an gcumas a bheadh ag fóram speisialta ar bhithcháis chun baictéir dhochracha sa bhéal a shochtadh agus, ar an mbealach sin, obair thairbheach a dhéanamh ar son sláinte déadaí.

Déantar an bhithcháis trí úsáid a bhaint as cultúr lachtach a tháirgeann an t-ábhar miocróbach, lacticín, a bhfuil sé de chumas aige sláinte bhéil a bhreisiú. Bhí lacticín ina ábhar fionnachtana domhanda ag foireann eolaithe de chuid Teagasc/UCC roinnt blianta ó shin. Is féidir coincheap an bhithbhia le haghaidh sláinte déadaí a leathnú go dtí deochanna feidhmhiúla chomh maith le táirgí déiríochta.

3

Táirgeadh Baine

Sa bhliain 2003 lean clár déiríochta Theagaisc air ag leagan béime ar fhorbairt agus ar chraobhscaoileadh teicneolaíochtaí tábhachtacha d'earnáil iomaíoch idirnáisiúnta bhainne. Leagadh béim faoi leith in Ionad Taighde Pháirc Uí Mhórdha ar an gcineál ceart bó a tháirgeadh do chóras táirgthe féarbhunaithe Éireannach, mar aon le nuálaíocht leanúnach i mbainistíocht féir agus i dtairgeadh feabhsaithe ó lucht oibre.

Chomhairligh an clár comhairleach d'fheirmeoirí na modhanna bainistíochta airgeadais ab éifeachachtaí, ba shaoire agus ab ardchaighdeán a chur in oiriúint chun ioncam ó fheirmeoireacht déiríochta a uasmhéadú. Reáchtáiladh cuid mhór de na gníomhaíochtaí comhairleacha i gcomhar le próiseálaithe déiríochta. Reáchtáiladh 12 comhchlár Theagaisc/forbartha próiseálaithe le linn na bliana agus ba mhór an tairbhe a bhain leo sin i dtaca le feabhas a chur ar chúrsaí brabúis

agus cleachtais ar fheirmeacha déiríochta.

Anuas air sin ba ghné thábhachtach iad na pléghrúpaí agus na feirmeacha monatóireachta de chuid an chláir chomhairligh déiríochta. Rinne comhairleach Theagaisc comhordú ar 230 pléghrúpa déiríochta ar fud na tíre agus chabhraigh siad le 120 feirm monatóireachta freisin. Bhí ról tábhachtach ag na feirmeacha monatóireachta sin maidir le cleachtais éifeachtacha a chur in oiriúint, a mhonatóiriú agus a chraobhscaoileadh.

Tairbhe an Fheachtais um Phróitéin Bhainne

Ba mhór an tairbhe a rinneadh mar gheall ar dhianfheachtas Teagaisc próitéinleibhéil bhainne a ardú. D'éirigh próitéinleibhéil an bhainne go 3.3% ar an meán sa bhliain 2003, i gcomparáid le 3.2% i nóchaidí deireanacha na haoise seo caite. D'éirigh le feirmeoirí a bhí chun tosaigh próitéinleibhéil os cionn 3.4% a bhaint amach sa bhliain 2003.

D'éirigh le feirmeoirí a rinne lánardú ar phróitéinleibhéil bhainne agus a bhain amach leibhéil chostais táirgí 5c/lítear faoi bhun an mheáin náisiúnta brabús breise €300/bó a dhéanamh sa bhliain 2003. Ba mhór an buntáiste do na feirmeoirí sin an pháirt a ghlac siad i bpléghrúpaí agus i gcainteanna monatóireachta feirme. Chuir siad gormphriontaí Theagaisc in oiriúint do bhainistíocht airgeadais, do bhainistíocht féir, do pholasaithe póraithe agus d'fhás gnó. Anois beidh siad in ann seasamh láidir a ghlacadh i gcoinne an laghdaithe i



bpraghas an bhainne atá pleanáilte i leasú pholasaí bhainne an AE.

Tairgeadh ar Chostas Íseal – Sin an Réiteach

Beidh costais táirgí ina ngné thábhachtach fhad-saol faoi leasuithe nua an AE. Léirigh anailís de chuid Teagasc difríocht 8c/lítear i gcostais táirgí idir na táirgeoirí ab éifeachtaí agus na táirgeoirí ba neamhéifeachtaí sa bhliain 2003.

Bíonn 440,000 lítear (96,000 galún) bainne de dhíth ar an 25% de thairgeoirí, a mbíonn na costais is airde orthu, chun ioncam €40,000 a shaothrú. Beidh 820,000 lítear (180,000 galún) de dhíth orthu sa bhliain 2010 chun ioncam €40,000 a shaothrú. Ní leor scála méadaithe amháin chun ioncam a chothabháil do na feirmeoirí seo.

Os a choinne sin, d'éirigh leis na táirgeoirí ab éifeachtaí (i.e. 25%) ioncam €40,000 a shaothrú anuraidh ó tháirgeacht 220,000 lítear (48,000 galún). Faoi mbliain 2010 ní bheidh orthu ach an tairgeadh a ardú go dtí 250,000 lítear (55,000 galún) chun

a gcuid ioncaim a choinneáil ar an leibhéal céanna,

Léiríonn torthaí ó thaighde a rinneadh i bPáirc Uí Mhórdha gur féidir le bó, roghnaithe don tairgeadh féarbhunaithe Éireannach, ardú 2.5c/lítear, nó suas go dtí €6,000, a chur le brabús na gnáthfheirme déiríochta. Beidh sé den riachtanas bó den chineál sin a úsáid má thiteann praghsanna bainne. Tá sé de dhúshlán ar earnáil phóraithe déiríochta na hÉireann an cineál sin géineolaíochta a chur ar fáil d'fheirmeoirí.

Taighde ar Fhéarach Seamairbhunaithe

Léirigh taighde a rinneadh ar fheirm thaighde déiríochta Theagasc i Solohead, Co Thiobraid Árann gur féidir tairgeadh bainne 12,500 lítear/heicteár a bhaint amach ó fhéar agus ó mhínigh sheimre báine gan ach 90kg de nítrigin leasacháin/heicteár.

Is éard a bhíonn i gceist ná an tseamair a shíolú, measctha le leasachán, tar éis an chéad

ghearrtha sadhlais nó ar thalamh a ndearnadh féarach daingean air. Seans go dtaitneodh an córas ísealchostais seo le roinnt feirmeoirí déiríochta. Léiríodh do ghrúpa mór feirmeoirí é ag lá oscailte náisiúnta ar fheirm thaighde Solohead i mí Mhéan Fómhair 2003.

Clár Nua Biteicneolaíochta Ainmhithe

Cuireadh tús leis an gclár nua biteicneolaíochta in Ionad Taighde Pháirc Uí Mhórdha sa bhliain 2003. Is éard a bhí i gceist sa clár ná géinte a bhíonn gaolmhar le tréithe eacnamaíocha a mbíonn baint acu leis an innéacs eacnamaíoch pórála a rianú, so-ghabhálacht i leith galar in ainmhithe a fhiosrú agus staidéar a dhéanamh ar athraithe mhóilíneacha lactoferrin.

Le linn na bliana rinneadh roinnt géanóm a aimpliú ón ngéanóm buaibheach agus thángthas ar roinnt torthaí a rabhamar ag súil leo trí anailís a dhéanamh ar sheicheamhú DNA. Rinneadh forbairt ar mhodhanna ardíogair chun géinitíopáil ainmhithe

a éascú. Anuas air sin forbraíodh teicnící chun géinte ó chealla sómacha bainne agus ó fhíochán mamach a aimplíú. Chomh maith leis sin bunaíodh carnán DNA de gach ainmhí i dtread déiríochta Theagaisc agus beidh sé sin ina acmhainn luachmhar d'aon iniúchadh móilíneach a dhéanfar amach anseo. Tá DNA géanómach ardchaighdeán ó 1,596 ainmhí sa charnán seo, ina measc cúig chineál éagsúla bó. Tá na samplaí go léir á gcoineáil ag -20°C agus ag -80°C le haghaidh stóráil chartlainne

Cur Chuige Nua i leith Smachtú Maistítis

Rinne eolaithe sna hionaid taighde táirgthe déiríochta agus táirgí déiríochta i bPáirc Uí Mhórdha dul chun cinn an-mhór maidir le húsáid a bhaint as cultúir fhorbheathacha chun maistíteas a smachtú agus a fhuascailt i mba déiríochta. Tairgeann na cultúir ar baineadh úsáid astu an chomhdhúil fhrithmhiocróbach, lacticin, a bhí ina ábhar taighde i bPáirc Uí Mhórdha le tamall de bhlianta anuas. Trí chultúir fhorbheathacha, bunaithe ar lachtbhachailíní a thairgeann lacticin, a chur isteach i nducta shiní bó a mbíonn infabhtuithe cliniciúla orthu, chonacthas gur tháinig feabhas mór ar riocht na mbó agus go ndearnadh

Rinne eolaithe sna hionaid taighde táirgthe déiríochta agus táirgí déiríochta i bPáirc Uí Mhórdha dul chun cinn an-mhór maidir le húsáid a bhaint as cultúir fhorbheathacha chun maistíteas a smachtú agus a fhuascailt i mba déiríochta.

sochtadh soiléir ar líon na miocrób pataigineach iontu.

Léirigh réamhfhisruithe go bhfuil ceangal idir cosaint fhrithmhiocróbach san fhaireog mhamach agus breisiúchán freagairtí imdhíonacha a tharlaíonn i ngeall ar bhaictéir fhorbheathacha a bheith tugtha isteach agus, ar an gcaoi sin, go gcuirtear meicníocht éifeachtach

ar fáil don fhaireog mhamach chun pataiginí maistíteacha a dhíbirt. I ngeall ar na torthaí seo, táthar an-dóchasach go mbeidh sé indéanta cur chuige neamh-antaibheathach a fhorbairt chun maistíteas a chóireáil agus a smachtú agus dul i bhfad taobh amuigh den scóip agus den phoitéinseal atá ann cheana féin chun orgánaigh lacticinghinte i séalaí siní a úsáid, faoi mar a bhí fócas an tionscnaimh seo san am atá thart.

Ba mar gheall ar thuilleadh forbartha ar an gcur chuige nuálaíoch seo i leith chóireáil maistítis agus ar mhionscrúdú ar mheicníocht eolaíoch ghníomhaíocht na gcultúr fhorbheathach, a d'éirigh leis an iarratas cistithe ar son an Enterprise Ireland Commercialisation Fund agus le haighneacht phaitinne dar teideal "PROMAST: Probiotics for mastitis treatment". Ceadáítear iarratais ar an gcistiú seo ó eagraíochtaí taighde ollscoileanna agus institiúidí i dtaca le réimse iomlán topaicí taighde a bhfuil suim ag eolaithe Éireannacha iontu. Bhí aighneacht Pháirc Uí Mhórdha ar an tionscnamh ba mhó aicme faoi choinníollacha mion-phiarmheastóireachta a rinne scrúdú ar chritéir theicneolaíochta agus tráchtála.



4

Táirgeadh Feola

Leagadh béim sa chlár táirgthe feola ar theicneolaíochtaí costaséifeachtacha chun máirteoil, táirgí caorach agus muc a fhorbairt ar fheirmeacha. Leagadh béim faoi leith ar chothú, ar thithíocht ainmhithe, ar éifeachtacht atáirgthe, ar leas ainmhithe agus ar bhainistíocht agus phleanáil airgeadais. Rinne taighdeoirí agus comhairleoirí obair faoi leith i dtaca le córais táirgthe féarbhunaithe do mháirteoil agus do chaoirigh, ar chostas íseal, a fhorbairt agus a chraobhscaoileadh. Úsáideadh acmhainní substaintiúla chun feirmeoirí a chur ar an eolas maidir leis an gcóras nua 'díchúplaithe' íocaíochtaí feirmeacha atá le teacht i réim i mí Eanáir 2005. Mar chuid den obair seo cuireadh mórfeachtas eolais phoiblí ar bun, faoi chomhstiúir Theagaisc agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Bhí os cionn 80 pléghrúpa máirteola ag gníomhú le linn na bliana 2003.

Tá baint ag a bhformhór leis an 8 comhchlár forbartha máirteola, atá á reáchtáil ag Teagasc agus ag próiseálaithe feola/marglanna beostoic. Is iad cuspóirí na gclár sin ná póru feabhsaithe, máirteoil ardchaighdeán, margaíocht fheabhsaithe agus brabúis mhéadaithe d'fheirmeoirí, trí bhainistíocht fheabhsaithe teicneolaíochta agus airgeadais.

Fócas Taighde ar Fhéar agus ar Shadhlais

Leanadh le fócas taighde ar fhorbairt gormphriontaí i leith ardchaighdeán féir agus sadhlais le linn na bliana. Mar chuid de mhórhioncnamh amháin, arna cistiú ag an AE, rinne eolaithe in Ionad Taighde an Ghráinsigh, i gcomhpháirtíocht le grúpaí taighde ó thíortha Eorpacha eile, staidéar ar bhuntáistí cineálacha éagsúla féir a fásadh le haghaidh léibhéil ardaithe carbaihiodráití uisce-thuaslagtha.

I measc na mbuntáistí poitéinsiúla a bhaineann leis na cineálacha seo féir, d'fhéadfaí ionghabhálacha níos airde a chur ar fáil d'fhearánaigh maraon le níos lú cailliúintí nítrigine ó na hainmhithe céanna. Buntáiste poitéinsiúil eile a bhaineann leo ná leasú feabhsaithe féir mar shadhlais neamhsheargtha.

I dturgnamh amháin a rinneadh le linn na bliana 2003, fuarthas amach go raibh ábhar ard siúcra sna cineálacha féir a raibh leibhéil arda carbaihiodráití uisce-thuaslagtha iontu agus gurbh é an toradh air sin ná gur tháinig sadhlais leasaithe ardchaighdeán uathu.

Rinneadh tionscnamh ar éilliú ó



fhungais mar chuid den obair ar shadhlas burlálaithe. De thoradh staidéir a rinneadh ar bhurlaí sadhlais ar roinnt feirmeacha i lár na tíre fuarthas amach go raibh fás fungasach ar 90% de na burlaí. D'fhéadfadh spóir na bhfungas a bheith ina n-údar ionfabhtaithe nó ailléirgí d'fheirmeoirí a leagfadh lámh orthu nó caighdeán agus ionghabháil an tsadhlais a laghdú ó thaobh na n-ainmhithe de. Táthar ag déanamh staidéir i láthair na huaire ar leitheadúlacht na bhfungas seo ar fud na tíre agus ar an gcumas atá ag na cinn is flúirsí miceatocsainí a tháirgeadh.

Scrúdú ar Gháis Bhaolacha Sciodair

Chuaigh eolaithe in Ionad taighde an Ghráinsigh i mbun tionscnaimh chun gásleibhéil hidriginsuilfíde a mheas, i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Taighde Talmhaíochta Thuaisceart Éireann. Tig leis an ngás seo a bheith marfach i gcás daoine agus ainmhithe. De réir an taighde, níl a leithéid de rud agus umar sciodair atá slán sábháilte agus ba chóir

An 8 comhchlár forbartha máirteola, atá á reáchtáil ag Teagasc agus ag próiseálaithe feola/marglanna beostoic. Is iad cuspóirí na gclár sin ná pórú feabhsaithe, máirteoil ardchaighdeáin, margaíocht fheabhsaithe agus brabúis mhéadaithe d'fheirmeoirí, trí bhainistíocht fheabhsaithe teicneolaíochta agus airgeadais.

d'oibreoirí glacadh leis go dtáirgtear leibhéil bhaolacha hidriginsuilfíde i gcónaí. Comhairlítear d'oibreoirí gan dul isteach i bhfoirgneamh ná seasamh gar do chaidéil slidair le linn suaithreadh slidair.

Meastóireacht ar Fhreagairtí de Leasú CAP

De réir Suirbhé de chuid Teagasc trí mhí i ndiaidh an chomhaontaithe ar leasú Pholasáí Chomónta Talmhaíochta an AE, bhí sé ar intinn ag feirmeoirí máirteola forchéimnitheacha tráchtála an líon stoic a chothabháil nó a mhéadú nuair a chuirfí an polasaí nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2005.

Léirigh an suirbhé ar fheirmeacha monatóireachta máirteola, a úsáideann Teagasc chun gníomhaíocht a mheas ag leibhéal na feirme agus chun oiriúnú nuatheicneolaíochta a chur chun cinn, go raibh sé ar intinn ag 92% an líon stoic a chothabháil nó a mhéadú. Ní raibh sé ar intinn ach ag 8% an líon stoic a laghdú.



Cé nach léiríonn an taighde tuairimí na bhfeirmeoirí máirteola go léir, ba léir gur tháinig freagairt dhearfach ón earnáil fhorchéimnitheach agus tráchtála, a thuig go gcuirfeadh an polasaí nua deiseanna ar fáil chun ioncam a mhéadú agus chun tairbhe a bhaint as ardchaighdeán taighde ar an margadh.

Dul chun cinn i dtaca le Géinteicneolaíocht

Tá seans maith go dtiocfaidh torthaí suntasacha i leith thorthúlacht ainmhithe ón eolas nua atá á fháil ón géinteicneolaíocht.

Aithníodh 434 géin trí úsáid a bhaint as teicnící nua-aimseartha bitheolaíochta móilíní. Is géinte nua-aitheanta iad dhá thrian díobh sin agus is féidir cuid mhór díobh a nascadh le feidhmiúchán ubhagánach.

D'aithin staidéar ar léiriú géinte, a rinneadh in Ionad Taighde Bhaile Átha an Rí, roinnt géinte a mbíonn baint acu le táirgeadh prógaistéaróin. Is céim thábhachtach chun tosaigh é

seo i dtreo tuiscint níos fearr a bheith againn ar fheidhmiúchán ubhagán agus ar an gcaoi ar féidir é sin a chur in oiriúint trí phóru, trí chothú agus trí tháirgeadh. Anuas air sin tiocfaidh impleachtaí fadtéarmacha ó aithint agus ó thréithriú géinte tábhachtacha ubhagánacha i dtaca le torthúlacht a fheabhsú trí úsáid a bhaint as cláir phóraithe le cabhair ón margadh.

Leanadh leis an obair ar tháirgeadh caorach chun géinte a mbíonn tionchar acu ar fhriothaíocht i gcoinne péisteanna goile a aithint. Roimhe sin léirigh taighde de chuid Teagaisc in Ionad Taighde Bhaile Átha an Rí difríochtaí móra idir pór Texel agus pór Suffolk ó thaobh leibhéil fhriothaíochta de.

Chomh maith leis sin thángthas ar chuid mhór eolais i dtaca le hathruithe suntasacha géinte, a mbíonn éifeacht an-mhór ar fad acu ar fheidhmiúchán ubhagánach. Tháinig fianaise chun cinn, a léiríonn go bhfuil baint ag athrú eile i bpór caorach Cambridge le hiarmhairtí

cosúil leis na cinn a bhí ag an dá ghéin a fionnadh i dtosach báire. Maidir leis na hathruithe nádúrtha géinte a tharlaíonn i bpóir chaorach Cambridge agus Belclare, cuireann siad acmhainn thábhachtach ar fáil chun staidéar bunúsach a dhéanamh ar smachtú fhorbairt fhalacailí san ubhagán agus beidh impleachtaí ag an staidéar sin i dtaca le hatáirgeadh daonna agus le hathchogantaigh.

5

Curaíocht agus Gairneoireacht

Lean na cláir churaíochta agus ghairneoireachta orthu ag forbairt chórais fheabhsaithe táirgthe barr chun cumas iomaíochta a dhéanamh níos éifeachtaí, chun caighdeán agus sábháilteacht táirgí a mhéadú, agus, ag an am céanna, chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach táirgthe a éascú.

Tar éis dianséasúr curaíochta na bliana 2002, rinneadh athshlánú substaintiúil ar tháirgí gránbharr sa mhéid is gur tháinig méadú 44% agus 25% ar chorraigh don dá phríomhbharr, eorna earraigh agus cruithneacht gheimhridh faoi seach.

Ceann de phríomhdhúshláin na bliana ba ea an chaoi ar tháinig friotaíocht *Septoria tritici*, ceann de na mórghalair, chun cinn i gcoinne na bhfungaicídí nua-aimseartha. Ghlac teicneolaíocht Teagasc ról mór i dtaca leis na leibhéil fhriotaíochta a

dhiagnóisiú agus le straitéisí a cheapadh chun an fhadhb a réiteach.

Léirigh taighde in Ionad Náisiúnta Taighde Theagasc i bPáirc na Darach, Ceatharlach go gcuireann an teicneolaíocht nua-aimseartha táirgí fíorarda gránach ar fáil. Mar shampla, táirgeadh suas le 14 tonna/heicteár de chruithneacht gheimhridh le linn na bliana 2003, i.e. 2 tonna/heicteár níos mó ná na táirgí ab airde ar leibhéal na feirme.

Léirigh taigde ar chórais táirgthe íseal-ionchuir go bhfuarthas 10% níos lú táirgí ó bharrá nár cuireadh mórán ceimiceán ná leasachán iontu ná mar a fuarthas ó ghnáthchórais ard-ionchuir. Tháinig corraigh níos airde ó chórais íseal-ionchuir, áfach. Léiríonn an méid sin gur féidir ionchur a laghdú agus ioncam a mhéadú, go háirithe nuair nach mbíonn mórán baol ó ghalair.

Ba i mí an Mheithimh a coimisiúnaíodh an áis nua biteicneolaíochta i bPáirc na Darach agus thosaigh foireann eolaíoch, a earcaíodh le déanaí, ag obair ar thioncnaimh nua taighde ann.

Maidir le cúrsaí comhairle, rinneadh craobhscaoileadh teicneolaíochtaí i leith bhainistíocht ghéarchéimneach barr agus airgeadais, trí úsáid a bhaint as: pléghrúpaí, feirmeacha monatóireachta, taispeántais, cúrsaí oiliúna agus comhairliúcháin aonair.

Leagadh béim sna cláir churaíochta ar fhorbairt agus ar chraobhscaoileadh teicneolaíochtaí i leith táirgeadh brabúsach prátaí, beacán, glasraí agus stoc plandlainne.



Áis Bhiticneolaíochta Plandaí

Cuireadh barr críche leis an áis bhiticneolaíochta plandaí in Ionad Taighde Pháirc na Darach i mí an Mheithimh 2003 agus cuireadh tús leis an gclár nua taighde faoi stiúir ceathrar eolaithe nua-cheaptha, a bhfuil saineolas acu ar réimsí tábhachtacha de chuid na bhiticneolaíochta.

Leagann an clár béim ar fhorbairt teicnící móilínbhunaithe, a chuirfidh le héifeachtacht an chlár rathúil póraithe, atá i bPáirc na Darach cheana féin, i dtaca le féar, le seamair agus le prátaí.

I measc na rudaí eile a bhfuil staidéar á ndéanamh orthu tá diagnóisic ghalar plandaí a úsáideadh go héifeachtach sa staidéar ar fhriotaíocht i gcoinne *Septoria tritici*, a tugadh faoi deara den chéad uair in Éirinn i mí Eanáir 2003. Léirigh monatóireacht a rinne foireann Teagasc i bPáirc na Darach go raibh an fhriotaíocht go forleathan agus gur tháinig méadú substaintiúil uirthi le linn na bliana. Mar shampla, ba é 31% meánleibhéil na friotaíochta i

mí na Bealtaine agus d'éirigh sé sin go dtí 73% i Meitheamh/Iúil. De thoradh staidéar ar thaighde a rinneadh le linn na tréimhse Eanáir-Márta bhíodas in ann straitéisí oiriúnacha spraeála a mholadh chun *Septoria tritici* a smachtú le linn séasúr fáis na bliana 2003.

Chomh maith leis sin tá staidéar á dhéanamh ar thionchar poitéinsiúil barr géinathraithe ar an timpeallacht. Cuireadh tús le clár nua i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad.

Poitéinseal do Thriteacál

Léirigh trialacha a rinneadh i bPáirc na Darach go mbeidh úsáid phoitéinsiúil ag triteacál, hibrid chruithneachta/seagail i dtaca le córais ísealchostais amach anseo. Tá friotaíocht níos airde sa triteacál ná mar atá sa chruithneacht agus tugadh faoi deara go raibh táirgeadh níos airde uaidh freisin, nuair a bhí galar tógalach fréamhacha i láthair, gan ghá ar bith le hócneasuithe síl. Léiríodh freisin go raibh poitéinseal ann mar bharr foráiste ionadúil

costaséifeachtach d'fheirmeoirí déiríochta agus máirteola. Chonacthas, ó mheastóireacht ar chineálacha nua éagsúla, go raibh poitéinseal ardtáirgthe i gcuid díobh.

Trí úsáid a bhaint as gnéithe tairbheacha de chuid triteacáil tá sean maith ann go mbeifear in ann leibhéil ionchuir a laghdú i dtaca le táirgeadh gránach.

Miceatocsainí i nGránbharra

Leanadh le staidéar ar mhiceatocsainí i ngránbharra, in ábhar bia gránbhunaithe d'ainmhithe agus i mbia sa bhliain 2003. Ba é seo an chéad mhórstaidéar riamh in Éirinn ar mhiceatocsainí i ngránbharra. Ós rud é gur féidir le miceatocsainí drochéifeacht a bheith acu ar shláinte agus ar leas ainmhithe, tá suim faoi leith ag an earnáil próiseála gránbharr agus bia d'ainmhithe iontu. Léiríonn torthaí ó ghránbharra na bliana 2002 go raibh leibhéil na miceatocsaine, *ochratoxin A*, níos ísle ná na teorainneacha a moladh san AE.

Obair ar Chórais Neamhthreafa

Rinneadh sraith turgnamh macasamhlaithe agus trialacha breathnadóireachta in Ionad Taighde Pháirc na Darach chun gníomhaíocht churaíochta neamh-inbhéartaithe a mheas i gcomparáid le treabhadh do ghránbharr. Rinneadh réimse tomhas i dtaca le: forbairt bharr; ionsaitheacht agus smachtú fiailí, galar agus lotnaidí; struchtúr ithreach; gluaiseacht chothaitheach; agus fána tairbheach ithreach.

D'éirigh go maith le cruithneacht gheimhridh agus le heorna earraigh faoin gcóras saothraithe laghdaithe sa bhliain 2003, ach neamhchosúil leis an dá bhliain roimhe sin, bhí táirgeadh íseal ón eorna i gcoibhneas le treabhadh. Bhí baint ag drochfhás barr agus ag fiailí féir leis sin.

Tá sé d'aidhm ag staidéir a bhaineann leis an tionscnamh saothraithe laghdaithe foinsí víreas eolas a fháil i dtaca le: BYDV (abhac buí na heorna), na veicteoirí aifide a bhaineann leis; agus ról chreachadóirí lotnaidí i smachtú an ghalair. Forbraíodh uirlisí géiniteacha nua a bhfuil sé de chumas acu cúiseolaíocht agus smachtú bitheolaíoch BYDV a shoiléiriú. Cuirfidh an obair thaighde seo eolas ar fáil i dtaca leis na córais chleachtas neamhthreafa is fearr agus is ábhar mór suntasach é sin i measc saothraithe gránbharr.

Tuilleadh dul chun cinn i bPóru Prataí

Lean an clár póraithe prátaí i bPáirc na Darach air ag cur cineálacha nua prátaí ar fáil don mhargadh in Éirinn agus don tionscal easportála síl. Le

Lean an clár póraithe prátaí i bPáirc na Darach air ag cur cineálacha nua prátaí ar fáil don mhargadh in Éirinn agus don tionscal easportála síl. Le linn na bliana 2003 cuireadh trí chineál nua, Habbi, Kikko agus Seatanta, le liosta na gcineálacha prátaí in Éirinn.

linn na bliana 2003 cuireadh trí chineál nua, Habbi, Kikko agus Seatanta, le liosta na gcineálacha prátaí in Éirinn. Rinne Rooster, cineál eile a forbraíodh i bPáirc na Darach, dul chun cinn i margadh na hÉireann agus bhí baint aige le 34% d'acraíocht na bprátaí sa bhliain 2003. Chomh maith leis sin úsáideadh iad in áit 3,000 tonna de phrátaí iomportáilte i dtaca le táirgeadh sceallóg reoite. Táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh méadaithe ar an leibhéal ionadaithe iomportálacha agus, dá thoradh sin, go mbeidh éifeacht iarmhartach ar ioncam saothraithe.

Le linn na bliana 2003 dheimhnigh taighde ar smachtú dúchana torthaí a

bhí againn roimhe sin, a thaispeáin go dtiocfadh ardchaigdeán smachtaithe dúchana ó chóras tacaíochta cinnte, trí úsáid a bhaint as fungaicídí agus go bhféadfaí méid na bhfungaicídí a d'úsáidfí a laghdú 30%. Is mór an tairbhe é sin, ní hamháin ó thaobh costais de, ach ó thaobh an chaighdeán tairgthe agus ó thaobh inbhuanaitheacht na timpeallachta de chomh maith.

Póru Féir agus Seimre

Ceadaíodh Glencar agus Shandon, dhá chineál nua seagalaí ilbhliantúla, le cur ar liosta molta na hÉireann. Is teitreaplóideach déanach é Glencar a mbíonn fás iontach faoi san earrach agus san fhómhar. Is dioplóideach idirmheánach é Shandon, a chomhcheanglaíonn táirgí arda le fás maith séasúrach. Beidh an dá chineál sin ar liosta molta na hÉireann sa bhliain 2005.

Rinneadh trialacha oifigiúla sa Ríocht Aontaithe ar Glenstal, seagalach eile a forbraíodh i bPáirc na Darach, agus bhí sé le cur ar liosta na Ríochta Aontaithe. Cuireadh cúig chineál seagalaí ilbhliantúla eile, a forbraíodh i bPáirc na Darach, isteach i dtrialacha le haghaidh liostaí náisiúnta agus liostaí molta sa bhliain 2004. Bhí ceithre chineál nua seimre báine, a forbraíodh i bPáirc na Darach, á meas ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia le cur isteach i dtrialacha le haghaidh liostaí náisiúnta Éireannacha agus liostaí molta. Cuireadh ceann amháin díobh sin isteach i dtrialacha na Ríochta Aontaithe sa bhliain 2004.

Tuilleamh Éilimh ar Stoc Plandlainne

Ba mhór an chabhair a thug an

tseirbhís um stoc plandlainne do shaothraithe chun déileáil leis an ardéileamh, go háirithe ar phlandaí leathaibí agus ar phlandaí aibí garraíodóireachta agus tírdhreachaithe. Bhí baint mhór ag úinéireacht tithe agus agus ag an mbéim a leagtar ar chúrsaí fóillíochta leis an méadú a tháinig ar tháirgí garraíodóireachta agus ar sheirbhísí tírdhreachaithe. I ngeall ar an méid daoine a bhfuil an gharraíodóireacht ina stíl mhaireachtála acu tá éileamh an-mhór ar fad ar phlandaí patio i láthair na huaire. Baineann an t-éileamh seo, den chuid is mó, le daoine san aoisghrúpa 35-55, a mbíonn neart airgid agus ganntanas ama le spáráil acu.

D'oibrigh foireann stoc plandlainne Theagasc leis an 222 aonad táirgthe atá sa tír chun cur le táirgeadh plandaí indíolta agus chun táirgeadh oibre a fheabhsú. Chomh maith leis sin leagadh béim faoi leith ar úsáid a bhaint as gníomhaithe bithshrianaithe agus as srianadh bitheolaíoch lotnaidí. Anuas air sin tugadh tacaíocht ghairmiúil do phlandlanna i dtaca le hinfheistiú nua a phleanáil faoi choinníollacha scéim thacaíochta infheistithe atá ar fáil don ghairmeoireacht. Rinneadh taighde in Ionad Taighde Kinsealy ar fhorbairt mheán saor ó mhóin. Rinneadh meastóireacht ar ábhair mar mhin

sáibh, choirt, mhúirín glasdramhaíola agus arbhar ídithe ó ghrúdlanna. Anuas air sin rinneadh staidéar ar an úsáid ar féidir a bhaint as coscairí galair agus as gníomhaithe bithshrianaithe sna meáin sin. Táthar ag leanúint leis na trialacha sin sa bhliain 2004.

Cuireadh tús le tionscnamh chun teicneolaíocht a fhorbairt i dtaca le cineálacha stoc neamhghnách plandlainne do-iomadaithe a athspreagadh, a mhicreafhorleathú agus a fhás. D'aithin saothraithe fiche is a cúig thor ornáideacha agus ilbhliantóg luibheacha a raibh forleathú tapa de dhíth orthu agus cuireadh ag fás iad i dtrialacha macasamhlaithe chun riachtanais optamacha chothaithe a thástáil. Baineadh úsáid astu sin chun cultúir fhréamhacha steiriúla a bhunú le micreafhorleathnú a thionscnamh.

Feahbsú Éifeachtacht Bheacán

Thuig saothraithe go raibh gá le hardchaighdeán éifeachtachta i dtáirgeadh beacán sa bhliain 2003 nuair a tháinig laghdú 15% i bpraghsanna. Thuig foireann bheacán Teagasc, mar threoraithe éifeachtachta, go gcaithfí an méid múirín a mhéadú ó 20 tonna go 36 tonna in aghaidh gach tullán beacán agus an táirgeadh beacán in aghaidh

gach tonna múirín a mhéadú ó 220Kg go 250Kg.

Bhí ardú ioncaim €17,000 ag an 20% de shaothraithe ab airde a d'ardaigh an líon múirín ó 30 tonna go 36 tonna in aghaidh gach tolláin. Shroich níos mó ná 10% de shaothraithe sprioc Theagasc sa bhliain 2003 – i.e. 250Kg beacán in aghaidh gach tonna múirín.

Maidir le táirgeadh torthaí, chuir Teagasc tacaíocht theicniúil ar fáil do líon mór saothraithe athrú ó chórais táirge lasmuigh go córais chosanta. Is é an buntáiste a bhaineann le fás cosanta ná gcuireann sé le caighdeán, le haschur agus le fad an tséasúr fáis agus, ar deireadh thiar, le hioncam na saothraithe.

Forbraíodh gormphrionta le haghaidh barra glasraí geimhridh in Ionad Taighde Kinsealy. Chomh maith leis sin rinneadh taighde i dtace le laghdú ar chóireálacha spraeála d'aifidí agus do chruimheanna cabáiste i mbarra tornapaí samhraidh. Mar chuid den chlár comhairleach glasraí, rinneadh monatóireacht sheachtainiúil ar lotnaidí agus ar ghalair ar fheirmeacha roghnaithe agus tugadh na torthaí do shaothraithe.

6

Rialú Comhshaoil

Ba mhórghnéithe de chuid chlár comshaoil Teagasc arís iad bainistíocht éifeachtach chothaithe agus cosaint chaighdeán uisce sa bhliain 2003. Rinneadh 24 tionscnamh taighde in Ionad Taighde Chaisleán Bhaile Sheáin, cúig cinn díobh siúd ina dtionscnaimh nua. Rinne clár comhairleach comhshaoil Teagasc iarracht mhór úsáid éifeachtach leasachán, bainistíocht éifeachtach aoiligh agus cothabháil bhithéagsúlachta a chur chun cinn.

Baineadh úsáid as acmhainní substaintiúla chun seirbhís ghairmiúil a chur ar fáil d'fheirmeoirí a bhí páirteach sa Scéim um Chosaint Chomhshaoil Tuaithe (REPS). Chomh maith leis sin chuir Teagasc comhairle eolaíoch ar fáil don Rialtas agus d'fheirmeoirí i dtaca le cur i bhfeidhm agus le tionchar an Treoir Níotráite.

Taighde ar Éifeachtacht Ábhair Chothaithe

Leanadh le taighde ar an gcaoi ab fhearr le feabhas a chur ar éifeachtacht ábhair chothaithe i gcórais bheostoic agus táirgthe barr sa bhliain 2003. I measc na n-aschur nua bhí moltaí leasaithe i leith úsáid nítrigine chun cothromaíocht níos fearr a chinntiú idir aschuir agus riachtanais, go háirithe i gcás fheirmeoireacht déiríochta.

Forbraíodh córas nua comhairle nítrigine do bhiatas siúcra, bunaithe ar shamhaltú. Cuirfidh sé sin cruinneas níos fearr ar fáil sa soláthar nítrigine chun táirgthe optamacha a bhaint amach agus, ar an gcaoi sin, laghdófar ar phoitéinseal cailliúintí.

Rinneadh anailís ar thorthaí trialacha i leith teicnící nua leathaithe sciodair – bandaleathú agus instealladh éadomhain – chun gnóthú nítrigine i sciodar a fheabhsú. Chonacthas gur éirigh leis an dá theicníc feabhas a chur ar ghnóthú na nítrigine i slíodar eallaigh, i gcomparáid le teicníc an ghnáth-splancphláta. Ach, ag an am céanna, níor tháinig an feabhas céanna i gcás slíodar muice.

Cuireadh tús leis an gcéad sraith trialacha ar shliseanna adhmaid ídithe a leathadh ar an talamh ó ionaid gheimhrithe lasmuigh. Beidh éifeacht na sliseanna adhmaid ídithe ar tháirgí sadhlais agus líon na sliseanna a gnóthaíodh san fhéar bainte á meas sa bhliain 2004.

Tháinig laghdú 30% ar an líon leasachán fosfarach a cheannaigh feirmeoirí Éireannacha idir 1996



agus 2003. Tharla an laghdú sin i ngeall ar chomhairle leasaithe a thug Teagasc ar riachtanais fhosfair i leith féarthailte agus curaíochta agus ar mhórfheachtas comhairleach Theagaisc ar an gcaoi cheart le húsáid éifeachtach a bhaint as fosfar. Lean clár taighde Ionad Taighde Chaisleán Bhaile Sheáin ag leagan béime ar an gcaoi cheart le riachtanais fhosfair a mhionchoigeartú i dtaca le héagsúlacht chineálacha ithreach agus le córais fheirmeoireachta.

Leagadh béim sa taighde a rinneadh ar chailliúintí ábhair chothaithe sa timpeallacht ar fhorbairt shamhlacha tuairisciúla cothaithe feirme chun sreabha ábhair chothaithe i gcórais fheirme agus tionchar chórais bhainistíochta ar shreabha ábhair chothaithe a thuair. Tá samhail mheicniúil sreabha ábhair chothaithe á forbairt i láthair na huaire, chun cainníochtú ábhair chothaithe, an idirghníomhaíocht a bhaineann leo agus an idirghníomhaíocht a dhéanann siad le bithéagsúlacht a éascú.

**Forbraíodh córas
nua comhairle
nítrigine do
bhiatas siúcra,
bunaithe ar
shamhaltú.
Cuirfidh sé sin
cruinneas níos
fearr ar fáil sa
soláthar nítrigine
chun táirgthe
optamacha a
bhaint amach
agus, ar an gcaoi
sin, laghdófar ar
phoitéinseal
cailliúintí.**

Astuithe Ceaptha Teasa a Thomhas

Rinneadh scálastaidéar allamuigh ar fhéarthailte féaraigh chun thionchar réimse ionchuir leasaithe nítrigine ar astuithe ocsaíde nítríúla ón ithir go dtí an t-aer a mheas. Is gás ceaptha teasa í an ocsaíd nítríúil agus baineann sí le suas le 30% de na hastuithe ceaptha teasa go léir a thagann ó thionscal na talmhaíochta. Sa bhliain 2003 cailleadh beagnach 6% den leasachán nítrigine a úsáideadh mar ocsaíd nítríúil. Is ionann sin beagnach agus dúbailt na luachanna a ndearnadh taifead orthu an bhliain roimhe sin agus dúradh go raibh baint aige le haimsir fhliuch mhí lúil, a chruthaigh cionniollacha a bheadh oiriúnach chun an gás seo a scaoileadh amach as an ithir.

Léiríodh éifeacht shubstaintiúil ithreach agus nítrigine i staidéar lísiméadair a rinneadh ag an am céanna. Bhí astuithe ó ithreacha draenála réasúnta íseal i gcomparáid leis na cinn ó ithreacha troma fliucha.

Léiríonn na torthaí seo an tábhacht a bhaineann le cineálacha ithreach agus le coinníollacha aimsire, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le hionchuir leasacháin nítrigine a mhéadú mar nithe a mbíonn baint acu le hastuithe ocsaíde nítriúla ó thionscal na talmhaíochta in Éirinn. Tá siad tábhachtach sa mhéid is go bhfuil seans maith ann go gcaithfear leasuithe a dhéanamh ar an loicluach a chuirtear san áireamh chun an fardal náisiúnta astuithe ceaptha teasa a oibriú amach, de réir na gceangaltas náisiúnta atá orainn faoi phrótacal Kyoto.

Forbairt Bhunachar Náisiúnta Sonraí Ithreacha

Leanadh leis an tionscnamh trí bliana chun bunachar náisiúnta sonraí ithreacha a bhunú in Ionad Taighde Chaisleán Bhaile Sheáin sa bhliain 2003. Mar chuid den obair sin ní mó samplaí d'ithreacha éagsúla a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu i dtaca le réimse paraiméadar ceimiceach agus bitheolaíoch.

Trí úsáid a bhaint as prótacail shainmhínithe, fuarthas samplaí d'ithreacha éagsúla ó shuímh réamhchinntithe ar an eangach náisiúnta. Rinneadh anailís ar 1,000 sampla agus tá siad sin, mar aon le 300 sampla a bailíodh roimhe sin, ina gcuid den Bhunachar Náisiúnta Sonraí Ithreacha. Beidh na samplaí sin ar fáil chun iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh orthu sa todhchaí.

Cothabháil Scéimeanna Comhshaoil

Chuir Teagasc tacaíocht ghairmiúil ar fáil do 16,300 feirmeoir a ghlac páirt

sa Scéim um Chosaint Chomhsaoil Tuaithe (REPS) sa bhliain 2003. Chomh maith leis sin reáchtáil comhairleoirí REPS 217 cúrsa oiliúna agus ghlac os cionn 6,000 feirmeoir páirt iontu.

Chomh maith leis sin chuir an fhoireann sainchomhairle ar fáil i dtaca le dearadh fhoirgnimh feirme agus le hullmhúchán pleananna bainistíochta ábhair chothaithe de réir fodhlíthe talmhaíochta agus coinníollacha cead pleanála agus chun córais táirgthe feirme inbhuanaithe comhshaoil a chinntiú.

Bhí baint ag comhairleoirí agus ag taighdeoirí le bailiúchán os cionn 50,000 samplaí d'ithreacha éagsúla. Cuireadh le réimse agus le cruinneas chuid mhór den anailís sa bhliain 2003 i ngeall ar nuachóiriú na saotharlainne anailísí agus ar an bhfearas ealaíne a chuir an stát ar fáil.

I dtaca le cosaint na hoidhreacht nádúrtha, d'ullmhaigh comhairleoirí agus speisialaithe Theagasc tuairim is 1,000 plean i leith limistéir choimíneachta agus neamhchoimíneachta. Bhí baint mhór ag speisialaithe Theagasc le Tuairisc an Tascfhórsa um Thalamh Calaidh na Sionainne, a críochnaíodh sa bhliain 2003. Thug an tuairisc breacchuntas ar an gcostas a bhainfeadh le pleananna éifeachtacha bainistíochta comhshaoil a chur i bhfeidhm don cheantar.

Foilsíodh ceithre bhileog chomhairleacha i dtaca le bainistíocht fála sceach, ag cur síos ar na teicnící plandála, maisithe agus bainistíochta fála sceach ab

fhearr, mar aon le cur síos ar straitéisí sábháilteachta.

7

Foraoiseacht

I ngeall ar an 1,400 duine nua a ghlacann páirt i bhfiontair fhoraoiseachta gach uile bhliain, beidh tuairim is 20,000 feirmeoir agus úinéir talún páirteach iontu faoin mbliain 2007. Tá an 14,000 úinéir talún atá páirteach i bhfiontair fhoraoiseachta i láthair na huaire ag fáil €50m in aghaidh na bliana in íochtaíochtaí bisigh foraoiseacha ón AE.

Tá sé d'aidhm ag clár foraoiseachta Theagaisc teicneolaíocht thábhachtach i leith foraoiseacha rathúla inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil agus, mar aon leis sin, sainchomhairle neamhspleách pleanála agus airgeadais a chur ar fáil i dtaca leis an bhforaoiseacht a bheith aitheanta mar ghnáthfiontar feirme.

Buaicphointí Taighde

Cuireadh críoch leis an mór-Thioncnamh Aicmithe Ithreacha Foraoise sa bhliain 2003 agus bhí na torthaí le foilsiú sa bhliain 2004.

Lean tionscnamh eile, arna chistiú ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúla, ag dearadh mapaí acmhainní ábhair ithreach bhunaidh agus gnáthóg, agus ag cur bunachair bhunúsacha sonraí ar fáil don Chóras Bainistíochta Dobharcheantar de réir Treoir Chreatlaí Uisce an AE. Bíonn baint dhíreach ag an obair seo leis an bhFóram Monatóireachta Náidúrtha Domhanda Comhshaoil agus Slándála agus leis an nGrúpa Náisiúnta Oibre um Sciortthaí Talún.

Thosaigh tionscnamh eile, arna chistiú ag COFORD, an ghníomhaireacht taighde foraoiseachta, ag forbairt modhanna chun crainn leathanduilleacha a bhainistiú faoi choinníollacha Éireannacha. Ní féidir neamhcúram ná botúin bhainistíochta a dhéantar sna blianta fáis tosaigh a cheartú níos faide anonn. Tá 2,000 heicteár in aghaidh na bliana á bplandáil ag feirmeoirí agus tá cóireáil de dhíth go géar ar na plandálacha sin.

Tosaíochtaí Comhairleacha agus Oiliúna

Bhí dhá phríomhchuspóir ag seirbhís speisialach chomhairleach fhoraoiseachta Theagaisc, agus í ag obair i gcomhpháirtíocht le foirne comhairleacha contaetha, sa bhliain 2003.

- Rogha na fóraoiseachta a chur chun cinn i bpleanáil fheirmeoireachta, de réir mar a oireann.
- Táirgeadh brabúsach adhmaid ardchaighdeán, trí úsáid a bhaint as cleachtais inbhuanaithe bhainistíochta foraoiseachta, a chur chun cinn.

Cuireadh clár cuimsitheach gníomhaíochtaí comhairleacha agus oiliúna ar bun. Ina measc sin bhí taispeántais agus tráthnónta allamuigh ar fheirmeacha monatóireachta foraoiseachta Theagaisc, mar aon le seimineáir réigiúnacha agus laethanta allamuigh i ngach contae. Chomh maith leis sin reáchtáil leadh sraith cúrsaí speisialta oiliúna foraoiseachta ar fud na tíre agus cuireadh modúil fheasachta foraoiseachta ar fáil do níos mó ná 6,000 duine ar chúrsaí oiliúna REPS agus ar chúrsaí d'fheirmeoirí aosacha agus do dhaoine óga a bhí ag glacadh páirte i dtionscal na foraoiseachta den chéad uair.

8

Éagsúlú Feirme

Mar chuid den chlár um éagsúlú feirme agus fhiontar tuaithe rinneadh taighde agus cuireadh seirbhísí comhairleacha agus oiliúna ar fáil do tháirgeadh chapail spóirt, d'fheirmeoireacht fia, do tháirgeacht éanlaith clóis, d'fheirmeoireacht orgánach, do thurasóireacht tuaithe agus d'fheirmeoireacht ghabhair déiríochta.

Capaill Spóirt

Leagadh béim, sa chlár um chapail spóirt, ar an gcaoi ab fhearr le feabhas a chur ar phóru, ar bhainistíocht agus ar chur i láthair capall. Ghlac beagnach 300 duine páirt i dtrí cinn déag de chúrsaí forbartha fiontar chapall. Bhí an chuid ba mhó de na daoine sin ar tí a gcuid áiseanna eachaí a uasghrádú agus a mhéadú ionas go mbeidís in ann ainmhithe níos fhearr a tháirgeadh. Reáchtáileadh cúrsaí oiliúna scileanna chomh maith, chun cabhrú le táirgeoirí cur le luach a gcuid capall.

Feirmeoireacht Fianna

D'fhan líon na n-aonad fianna go seasmhach ag tuairim is 300. Ba é cuspóir an chlár déiríochta fianna ná feabhas a chur ar bhrabúsacht an fhiontar agus tacaíocht shaineolach a chur ar fáil do tháirgeoirí ar mhian leo a ngnó a leathnú agus do dhaoine eile a raibh sé ar intinn acu tabhairt faoin bhfeirmeoireacht fianna. Thug Teagasc spreagadh dóibh siúd a ghlac páirt sna pléghrúpaí úsáid a bhaint as an Monatóir um Bhrabús Fianna chun meastóireacht chruinn a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus ar threochtaí brabúis.

Tá beagnach 100 táirgeoir ag glacadh páirte i scéim dhearbhairthe cáilíochta fíafheola i láthair na huaire. Forbraíodh modúl dearbhaithe cáilíochta fíafheola, arna chreidiúnú ag FETAC, mar chuid de chlár oiliúna d'fheirmeoirí aosacha faoi stiúir Theagaisc. Ghlac fiche is a dó feirmeoir páirt i gcúrsa réamléiritheach ar dhearbhu cáilíochta chun cabhrú leo féin ina gcuid ullmhúcháin do chigireacht dearbhaithe cáilíochta. Fuarthas praghasdifreáil 60c in aghaidh gach Kilo ar fhíafheoil dearbhaithe cáilíochta.

Táirgeadh Éanlaith Clóis

Mar chuid de chlár éanlaith clóis Teagaisc cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil do tháirgeoirí agus dóibh siúd a raibh sé ar intinn acu tabhairt faoi fhiontar éanlaith clóis chun cur le hioncam teaghlaigh. Reáchtáileadh cúig chúrsa oiliúna d'iontrálaithe poitéinsiúla nua agus d'fhreastail 45 duine ar na cúrsaí sin.



Mórchuspóir eile de chuid an chláir ba ea ionchur teicniúil a chur ar fáil do scéimeanna dearbhairthe cáilíochta Bhord Bia agus oiliúint taighdeoirí a chur ar fáil i leith na scéimeanna sin. Sa bhliain 2003 cuireadh oiliúint dearbhairthe cáilíochta sicíní ar fáil do 20 comhordaitheoir teicniúil ó mhonarchana próiseála. Chomh maith leis sin cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do 320 táirgeoir sicíní chun iad a ullmhú le páirt a ghlacadh i gclár dearbhairthe cáilíochta sicíní Bhord Bia.

Feirmeoireacht Orgánach

Baineann táirgeadh orgánach le 1% d'achar talún na hÉireann agus le 0.5% de dhíolachán bia. Bheadh méadú substaintiúil de dhíth chun poitéinseal na feirmeoireachta orgánaí a fhíorú agus chun áit sheasmhach a bhaint amach ar mhargaí in Éirinn agus ar mhargaí easportála.

Ba é príomhchuspóir chlár orgánach Theagaisc sa bhliain 2003 ná tacaíocht a thabhairt i leith earnáil

Ba é príomhchuspóir chlár orgánach Theagaisc sa bhliain 2003 ná tacaíocht a thabhairt i leith earnáil orgánach inmharthana a bhunú agus cabhair a thabhairt chun poitéinseal margaíochta na hearnála sin a fhorbairt.

orgánach inmharthana a bhunú agus cabhair a thabhairt chun poitéinseal margaíochta na hearnála sin a fhorbairt.

Tá córais fheirmeoireachta orgánaí Theagaisc in Ionad Mhic Mhaolíosa, Baile Átha an Rí agus in Ionad Taighde Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman ag feidhmiú ar chaighdeán an-ard agus á gcur chun cinn go forleathan. Thug seasca grúpa cuairt ar na hionaid sin sa bhliain 2003. Bhí níos mó ná 1,000 duine i láthair ag an lá oscailte in aonad Mhic Mhaolíosa i mí Iúil.

Forbraíodh gearrchúrsaí chun freastal ar riachtanais fheirmeoirí orgánacha. Reáchtáileadh dhá chúrsa réamhléiritheacha i gCo. na Gaillimhe agus i gCo. an Chláir agus bhí 30 duine i láthair ag gach ceann díobh.

Tugadh oiliúint tosaigh do chomhairleoirí contae roghnaithe chun cabhrú leo déileáil le ceisteanna ar fheirmeoireacht orgánach agus chun seirbhís bhunúsach a chur ar fáil go háitiúil

do thairgeoirí orgánacha. Cuireadh liosta cliant orgánach de chuid Teagasc le chéile i gcomhairle le comhairleoirí contae. Tá seirbhís níos fearr ag na feirmeoirí sin anois, go háirithe ó cuireadh nuachtlitir agus tacaíocht speisialaithe ar fáil dóibh. D'fhoilsigh Teagasc leabhrán treoirlínte i leith feirmeoireachta orgánaí agus scaipeadh an leabhrán sin ar 800 feirmeoir orgánach.

Turasóireacht Tuaithe

Leagadh béim sa chlár um thurasóireacht tuaithe ar thacaíocht a chur ar fáil do sholáthróirí thurasóireacht tuaithe táirgí ardchaighdeán a fhorbairt agus a gcuid scileanna bainistíochta agus gníomhaíochta a fheabhsú.

Sa bhliain 2003, i gcomhpháirtíocht le CERT agus le hinstiúidí teicneolaíochta, chuir Teagasc dhá chúrsa 150 uair an chloig don Teastas i dTurasóireacht Tuaithe, ama chreidiúnú ag FETAC, ar fáil. Tá 32 cúrsa den chineál sin curtha ar fáil ag Teagasc agus ag a chuid comhpháirtithe le tamall de bhlianta anuas.

Lean foireann Teagasc orthu ag obair i gcomhpháirtíocht le LEADER chun margaíocht turasóireacht tuaithe a fhorbairt. Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil do réimse tionscnamh a raibh baint acu le turasóireacht tuaithe, ina measc Cónaidhm Náisiúnta Turasóireachta Tuaithe, faoi mar atá molta.

Feirmeoireacht Ghabhair Dhéiríochta

Tá tuairim is 200 feirmeoir i mbun fiontair le gabhair dhéiríochta in Éirinn. Tá fás agus forbairt faoin gcineál sin feirmeoireachta agus faoi na táirgí a bhaineann leis. I láthair na huaire ní féidir le táirgeadh dúchasach freastal ar an éileamh atá ann agus déantar tuairim is 10,000 lítear de bhainne gabhair a iomportáil in aghaidh na seachtaine.

Ba é cuspóir chlár ghabhair dhéiríochta Theagasc ná feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar bhrabúsacht táirgthe. Sa bhliain 2003 tugadh cúrsa bainistíochta 25 uair an chloig i leith gabhair dhéiríochta do 25 duine i gColáiste Bhéal Átha hÉis. Reáchtáil leadh

cruinnithe ráithiúla i lár na tíre chomh maith. Chomh maith leis sin reáchtáil leadh cruinniú táirgeoirí i Longfort agus eagraíodh cuairteanna ar fheirmeacha, comhairle oifige/teileafóin agus nuachtlitir chun cabhrú le daoine éagsúla. I ngeall ar chlár éifeachtach comhairleach oiliúna Theagasc tá cúrsaí comhoibrithe i measc táirgeoirí ag dul i bhfeabhas agus tá fás agus forbairt faoin tionscal.



9

Oideachas agus Oiliúint

Bhí sé de mhórchuspóir ag Teagasc sa bhliain 2003 oiliúint a chur ar fáil d'iontrálaithe óga i dtionscal na talmhaíochta agus i dtionscal na gairneoireachta, mar aon le cláir foghlama saoil d'fheirmeoirí aosacha agus do chónaitheoirí tuaithe agus oiliúint chuimsitheach d'fheidhmeannaigh agus d'oibritheoirí i dtionscal an bhia. Tá na cúrsaí go léir a chuireann Teagasc ar fáil d'iontrálaithe óga i

dtionscal na talmhaíochta, i dtionscal na gairneoireachta agus i dtionscal an talambhia ama chreidiúnú ag na boird náisiúnta dámhachtana, an Chomhairle Dámhachtana Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus an Chomhairle Dámhachtana Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC). Cuireadh 11 cúrsa tríú leibhéal, ama gcreidiúnú ag HETAC, ar liosta an CAO. Cuireann coláistí Theagasc agus comhpháirtíochtaí na n-institiúidí teicneolaíochta na cúrsaí seo ar fáil i gcomhpháirtíocht le chéile. Bíonn deis ag rannpháirtithe dul ar aghaidh ó leibhéal an teastais go dtí leibhéal an dioplóma agus uaidh sin go dtí leibhéal céime san ollscoil.

Bhí 602 mac léinn ag glacadh páirte i gcúrsaí tríú leibhéal faoi dheireadh na bliana 2003. Tugtar briseadh síos leibhéal rollaithe agus leibhéal pháirteachais don bhliain 2003 agus don dá bhliain roimhe sin i dTábla 1.

Tábla 1: Líon Rollaithe agus Páirteachais i gCúrsaí Tríú Leibhéal

Cúrsaí	2001	2002	2003	
Teastas Náisiúnta Talmhaíochta	Bliain 1	54	88	83
	Bliain 2	0	41	79
	Bliain 3			21
Dioplóma Náisiúnta Gairneoireachta	Bliain 1	87	117	125
	Bliain 2	0	59	102
	Bliain 3			14
Teastas Náisiúnta in Eolaíocht Talmhaíochta	Bliain 1	36	38	20
	Bliain 2	25	19	20
Dioplóma Náisiúnta in Eolaíocht Talmhaíochta	Bliain 3	11	23	21
Teastas Náisiúnta i nGnó Talmhaíochta	Bliain 1	34	45	24
	Bliain 2	36	34	31
Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó – Eachaí	Bliain 1	16	22	12
	Bliain 2	4	18	17
Teastas Náisiúnta i Meicniú Talmhaíochta	Bliain 1	0	17	18
	Bliain 2	0	0	15
Iomlán – Cúrsaí Tríú Leibhéal		303	521	602

Tábla 2: Rollú agus Rannpháirtíocht i nGairmchúrsaí Theagaisc

Cúrsaí		2001	2002	2003
Gairmtheastas Talmhaíochta	Bliain 1	551	397	321
	Bliain 2	759	358	453
	Bliain 3 ¹	1721	1723	2040
Gairmtheastas Gairneoireachta	Bliain 1	74	119	105
	Bliain 2	137	75	92
Dioplóma Gairneoireachta	Bliain 3 ²	99	131	
Teastas Póraithe agus Oiliúna Capall	Bliain 1	28	26	20
	Bliain 2	16	24	25
Ardteastas Bainistíochta Tréada Déiríochta	Bliain 1	30	42	20
	Bliain 2	34	28	42
Ardteastas Inneallra agus Barr Arúil	Bliain 1	36	26	12
	Bliain 2	34	37	10
Gairmtheastas Talmhaíochta (Mic Léinn Aosacha)	Bliain 1	30	47	168
	Bliain 2	165	26	65
	Bliain 3	195	26	99
Gairmtheastas Scileanna Gairneoireachta		7	4	26
Gairmtheastas Foraoiseachta	Bliain 1	24	22	18
	Bliain 2	9	20	17
Ardteastas Bainistíochta Feirme	Bliain 1	24	17	17
	Bliain 2			27
Iomlán		3973	3148	3577

¹ Rannpháirtithe sa bhliain dheireanach de shean-Teastas Feirmeoireachta Theagaisc.² Rannpháirtithe sa bhliain dheireanach de shean-Dioplóma Gairneoireachta Theagaisc.

Bhí 3,577 mac léinn ag glacadh páirte i gcúrsaí Teastas Gairmchúrsaí, a bhí á reáchtáil i naoi gcinn de choláistí talmhaíochta agus gairneoireachta, faoi dheireadh na bliana 2003. Clúdaíodh cuid mhór gnéithe a bhain le cúrsaí talmhaíochta, le cúrsaí gairneoireachta, le táirgeadh capall agus le cúrsaí foraoiseachta. Tá na cúrsaí go léir arna gcreidiúnu ag FETAC agus bíonn deis acu siúd a ghlacann páirt iontu aistrú tríd an Scéim um Naisc Ardoideachais go dtí

cúrsaí tríú leibhéal. Tugtar staitisticí i dtaca le leibhéal rannpháirtíochta i ngairmchúrsaí sa bhliain 2003 agus sa dá bhliain roimhe sin i dTábla 2.

Leanadh leis an gclár infheistíochta, a bhfuil sé de chuspóir aige a chinntiú go bhfuil áiseanna i gcoláistí talmhaíochta agus gairneoireachta ar aon dul leis na cinn atá ar fáil thar lear, sa bhliain 2003. Infheistíodh €15m i sé cinn de choláistí talmhaíochta agus i dtí cinn de choláistí gairneoireachta le trí bliana anuas.

Leanadh le comhdhlúthú áiseanna coláistí sa bhliain 2003. Cuireadh deireadh leis na cúrsaí a bhí á gcur ar fáil sa Choláiste Gairneoireachta ar an nGrianán, Tearmann Feichín, Co. Lú. Chomh maith leis sin bheartaigh Teagasc deireadh a chur leis na cúrsaí gairmtheastais i gColáiste Mhic Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí. Aistríodh an t-aon chúrsa a bhí fós ar fáil i gColáiste Mhic Mhaoilíosa go Coláiste an Chreagáin.

Tábla 3: Oiliúint Aosach curtha ar fáil ag Teagasc sa bhliain 2003

	Líon cúrsaí	Líon rannpháirtithe
Modúil Teicneolaíochta agus Ghnó	67	748
Modúil Inmharthanachta Tuaithe	62	724
Modúil i dTeicneolaíocht an Eolais	53	514
Modúil Chomhshaoil/Sábháilteachta Bia	209	5764
Modúil Fhiontair Chomhroghnaigh	30	638
Cúrsaí 100/80 Uair an Chloig	44	1352
Ardchúrsaí	3	40
Cúrsaí Eile	31	379
Iomlán Rannpháirtithe Aosacha	499	10,159

Reáchtáil leadh roinnt gairmchúrsaí oiliúna oíche agus deireadh seachtaine in ionaid áitiúla Theagaisc agus bhí cianfhoghlaim mar chuid shubstaintiúil de na cúrsaí sin. I ngeall ar an méadú mór ar líon na bhfeirmeoirí páirtaimseartha, tá sé i gceist ag Teagasc cúrsaí a chur ar fáil d'iontrálaithe óga agus d'fheirmeoirí aosacha ag amanna a oireann do sceidil oibre na ndaoine a ghlacann páirt iontu.

Ríomhfhoghlaim

Sa bhliain 2003 ghlac Teagasc páirt i réimse na ríomhfhoghlama den chéad uair riamh. Bunaíodh suíomh gréasáin ar líne agus tá nasc idir é sin agus timpeallacht foghlama samhalta Choláiste Carmarthenshire sa Bhreatain Bheag, a bhfuil córas foghlama samhalta den scoth ann. Tugadh oiliúint i réimse na ríomhfhoghlama do fiche ball de chuid fhoireann oideachais Teagaisc ann.

Reáchtáil leadh cúrsa ar ghlac 40 mac léinn páirt ann sa bhliain 2003 agus tá sé i gceist cúrsaí eile a reáchtáil

sa bhliain 2004. Chun tuilleadh forbartha agus dul chun cinn a dhéanamh i réimse bainistíochta na ríomhfhoghlama, tá pleananna á gcur le chéile i láthair na huaire chun aonad foghlama samhalta ar líne a bhunú.

Oiliúint Fheirmeoirí Aosacha

D'fhreastail os cionn 10,000 aosach ar chúrsaí de chuid Teagaisc sa bhliain 2002. Chlúdaigh na cúrsaí sin ábhair mar: bhainistíocht teicneolaíochta agus gnó; inmharthanacht tuaithe; theicneolaíocht an eolais; chosaint chomhshaoil; shábháilteacht i gcúrsaí bia; fhiontair chomhroghnacha agus ardbhainistíocht. Tugtar staitisticí i leith oiliúint aosach i dTábla 3. Reáchtáil leadh cúrsaí speisialta i mbuntalmhaíocht agus i mbainistíocht feirme do dhaoine faoi bhun 35 bliana d'aois nach raibh oiliúint fhoirmiúil talmhaíochta orthu agus a raibh oiliúint de dhíth orthu ionas go mbeidís cáilithe i leith faoiseamh a fháil ó dhleacht stampála, i leith cúnamh infheistithe

agus i leith scéimeanna bunaithe ar chuótaí. Cúrsaí 100 uair an chloig in oiliúint talmhaíochta agus 80 uair an chloig in oiliúint bhainistíochta feirme ba ea iad agus bhí poist lánaimseartha taobh amuigh den talmhaíocht ag cuid mhór de na daoine a ghlac páirt iontu agus bhí sé i gceist acu gnó feirme an teaghlaigh a bhainistiú ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha. Reáchtáil leadh cuid de na cúrsaí ar bhonn cianfhoghlama chun sceidil oibre na rannpháirtithe a chomhlánú.

Bhí baint ag beagnach 60% de na cláir foghlama aosacha le rialú comhshaoil agus le sábháilteacht bhia, rud a léiríonn an tábhacht mhór a bhaineann leis na réimsí sin. Ba ghné shubstaintiúil de chuid na gcúrsaí sin í teicneolaíocht an eolais freisin. Rinne os cionn 500 duine ó theaghlaigh fheirmeoireachta cúrsaí oiliúna i dteicneolaíocht an eolais. Ba mhór an buntáiste dóibh na saotharlanna ríomhaireachta sna coláistí agus sna hionaid sonraithe áitiúla oiliúna.

Oiliúint i dTionscal an Bhia

Sa bhliain 2003 ghlac os cionn 2,000 oibrí páirt i gcúrsa oiliúna i dtaca le gach gné den phróiseáil bhia. Ar na hábhair a clúdaíodh bhí sábháilteacht bhia, bainistíocht nuálaíochta, lipéadú bia, nuatheicneolaíocht phróiseála, agus forbairt táirgthe nua. Rinneadh an chuid ba mhó den oiliúint san Ionad

Náisiúnta Bia, áit a ndearna 1,700 oibrí os cionn 130 cúrsa oiliúna.

Tugtar cuntas ginearálta ar na cúrsaí agus ar an rannpháirtíocht iontu i dTábla 4.

Tábla 4: Oiliúint Phearsanra Thionscal an Bhia san Ionad Náisiúnta Bia, 2003

Teideal an Chúrsa	Líon Cúrsaí	Líon Rannpháirtithe
Sláinteachas Bia	35	
482		
HACCP	51	620
Iniúcháireacht Sábháilteacht Bhia	10	104
Anailís Chéadfach	5	49
Scileanna Oiliúnóra i Sábháilteacht Bhia agus Sláinteachais	2	18
Cúrsa Oiliúna ar EC/2001/471	2	24
Bailmheas Próiseála Teirmí	1	14
Ceardlann Nuálaíochta	1	7
Lipéadú Ábhair Bhia	1	1
Réamheolas ar mhicreabhitheolaíocht do neamh-mhicreabhitheolaithe	1	3
Aithint Speicis Listeria	1	2
Sábháilteacht agus Sláinteachas Bia	1	12
Teicneolaíocht an Bhia	1	20
Forbairt Táirgí Nua	1	8
Oiliúint Fhoireann an Roinn Talmhaíochta – Treoir 91/497/EC (larscríbhinn 3)	20	265
Iomlán	133	1,655

10

Clár Deiseanna do Theaghlaigh Feirme

Chuir Teagasc tús leis an gClár Deiseanna do Theaghlaigh Feirme sa bhliain 2002 chun freastal ar a gcuid riachtanas ag am a bhfuil cuid mhór athruithe ag tarlú i struchtúr na talmhaíochta in Éirinn. Ba é cuspóir an chlár ná tacú le teaghlaigh scrúdú soiléir réadúil a dhéanamh ar a ndála féin, ar roghanna atá acu ar an bhfeirm agus taobh amuigh den fheirm agus “Plean don Todhchaí” a fhorbairt, a chuirfidh feabhas ar ioncam agus ar cháilíocht bheatha.

Ghlac 4,000 teaghlach feirme páirt sa chlár roimh dheireadh na bliana 2003. Rinne os cionn 50% de na rannpháirtithe an clár iomlán agus tugadh “Plean don Todhchaí” dóibh sin go léir.

Léirigh comhanailís de chuid Teagasc/UCD, a rinneadh sa bhliain 2003, go raibh leibhéal ard sástachta i measc rannpháirtithe sa chlár. Dúirt os cionn 80%, bunaithe ar a gcuid taithí féin, go mbeidís sásta an cúrsa a mholadh dá gcuid comharsan. Shíl an méid céanna díobh gur chabhraigh an clár go mór leo meastóireacht a dhéanamh ar a ndála féin agus straitéisí a phleanáil chun feabhas a chur ar a gcaighdeán maireachtála agus ar a gcáilíocht bheatha.

Usáideadh an t-aiseolas ó na rannpháirtithe mar chuid d'athbhreithniú ar chlár deiseanna do theaghlaigh feirme i bhfómhar na bliana 2003. Ó thángthas ar chomhaontú maidir le leasú CAP, is éard is cuspóir don chlár anois ná tionchar na n-athruithe polasaithe i leith teaghlaigh feirme tar éis mhí Eanáir 2005, nuair a thabharfar isteach an córas nua díchúplála íocaíochtaí, a chur san áireamh.

Tabharfar isteach Clár um Phleanáil i ndiaidh Fischler sa bhliain 2004 agus cuirfidh sé sin saineolas ar fáil d'fheirmeoirí chun cabhrú leo meastóireacht a dhéanamh ar impleachtaí an pholasaí nua agus táirgí a chur in oiriúint do riachtanais mhargaidh. Beidh idir ghrúpchainteanna agus chomhairle phearsanta i gceist do gach aon duine de na rannpháirtithe. Beidh mórmhéireanna de chuid an Chlár rathúil Deiseanna do Theaghlaigh Feirme mar ghné thábhachtach de chuid an chlár sin.

11

Ócáidí agus Foileascháin

Lean Teagasc air ag reáchtáil chlár gníomhach ócáidí poiblí ar bhonn áitiúil, ar bhonn contae, ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn náisiúnta sa bhliain 2003. Ina measc sin bhí taispeántais, siúlóidí feirme, laethanta oscailte, cruinnithe pléghrúpaí, clinicí comhairleacha agus sceideal leathan comhdhálacha i dtaca le gach gné d'obair na heagraíochta. Ba iad seo a leanas cuid de na buaicphointí:

- Dhá chomhdháil náisiúnta déiríochta i gCorcaigh agus ar an gCabhán, a ndearna 1,500 feirmeoir agus ionadaí tionscail freastal orthu. Chomh maith leis sin reáchtáileadh comhdháil náisiúnta um bainne leachtach. Reáchtáileadh sceideal cuimsitheach laethanta oscailte déiríochta, taispeántais agus comhdhálacha áitiúla ar fheirmeacha, in ionaid taighde agus comhairleacha de chuid Theagasc agus in áiteanna eile.

- Bhí an chomhdháil náisiúnta curaíochta, a reáchtáil Teagasc i mí Eanáir, ar cheann de mhórócáidí an eanáil churaíochta arís. Chomh maith leis sin reáchtáileadh comhdhálacha curaíochta agus laethanta oscailte ar bhonn contae ag amanna tábhachtacha le linn séasúr na curaíochta.

- Rinne eacnamaithe Theagasc cur síos ar thorthaí a gcuid anailíse ar mholtaí i leith leasú CAP ag comhdháil speisialta i mí na Bealtaine. I mí na Nollag thug eacnamaithe tuairisc ar ghníomhaíocht an tionscail sa bhliain 2003 agus ar ionchais na bliana 2004 ag an gComhdháil Dálaí agus Réamhdhearcaidh.

- Reáchtáileadh sraith laethanta oscailte agus comhdhálacha do tháirgeoirí máirteola agus caorach le linn na bliana. Chomh maith leis sin reáchtáileadh laethanta náisiúnta oscailte ar fheirmeacha a raibh dámhachtana bainte amach acu.

- Reáchtáil seirbhís mhuc agus seirbhís chomhairleach Theagasc trí chomhdháil réigiúnacha a ndearna formhór na dtáirgeoirí muc freastal orthu.

- Chuir comhdháil náisiúnta REPS, a bhí ar siúl i mí na Samhna, fóram tábhachtach nuashonraithe ar fáil do ghairmithe a raibh baint acu leis an scéim.

- Ó thaobh na curaíochta de, reáchtáileadh comhdhálacha náisiúnta ar phrátaí agus ar stoc

- plandlainne agus, anuas air sin, cuireadh comhdhálacha ar bun do shaothraithe glasaí.
- Reáchtáil an tseirbhís chomhairleach fhoraoiseachta sceideal cuimsitheach taispeántas agus laethanta allamuigh.
 - Chuir an chomhdháil náisiúnta oideachais, a bhí ar siúl i mí Feabhra, pléfhóram idéalach ar fáil i dtaca le treochtaí agus le riachtanais in oideachas talmhaíochta agus curaíochta sa todhchaí
 - Labhair eolaithe agus póraithe ón Ríocht Aontaithe, ón Ollainn agus ó Theagasc ag an gcomhdháil náisiúnta póraithe capall a chuir Teagasc ar siúl i mí Aibreáin.
 - Reáchtáil leath lá oscailte náisiúnta ar fheirmeoireacht orgánach in Ionad Mhic Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí i mí Iúil.
 - Reáchtáil leath mórthaispeántas ar bhianna comhroghnacha do bheostoc i gColáise Chill Daltúin i mí Iúil.
 - Anuas ar an lá oscailte don tionscal náisiúnta bia, a bhí againn i bPáirc Uí Mhórdha i mí Dheireadh Fómhair, reáchtáil leath 17 comhdháil agus ceardlann i rith na bliana, faoi stiúir an Ionad Náisiúnta Bia agus an Ionad Taighde Táirgí Déiríochta
- lámhleabhair nua agus leabhair shaothair don chlár oiliúna, mar aon le lámhleabhair/bileoga a raibh baint acu le táirgíocht, le hardchaighdeán bainistíochta, le hanailís airgeadais, le rialú comhshaoil, le sábháilteacht feirme agus le sábháilteacht bhia – chun cur le gach gné den chlár comhairleach.
- Cuireadh amach foilseachán ardchaighdeán dar teideal *Farming in the Burren*, mar aon le sainfoilseachán dar teideal *The Soils of Offaly* le linn na bliana.
- Foilsíodh dhá eagrán den *Irish Journal of Agricultural and Food Research*, mar aon le tuairiscí a raibh baint acu le torthaí tionscnaimh thaighde agus le foilseacháin eile a raibh baint acu le réimse iomlán an chlár taighde.
- Foilsíodh sé eagrán den iris, *Today's Farm*, agus scaipeadh iad ar 35,000 cliantfheirmeoirí de chuid Teagasc agus ar phearsanra tábhachtach a raibh baint acu leis an tionscal talamhbhia. Chomh maith leis sin foilsíodh an dlútheagrán taighde agus forbartha, *Farm & Food*.
- Rinneadh meall substaintiúil eolais nua a uaslódáil ar shuíomh gréasáin Teagasc, www.teagasc.ie, agus tháinig méadú os cionn 30% ar thrácht ar an suíomh le linn na bliana 2003, comhartha den tábhacht bhisiúil a bhaineann leis mar fhoinse eolais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Coinníodh clár cuimsitheach foilseachán ar bun i rith na bliana. Mar chuid den obair sin foilsíodh

12

Dualgais Reachtúla

Comhionannas

Tá sé de chuspóir ag Teagasc comhionannas deiseanna a chur ar fáil agus is chuige sin a leagadh síos an clár forbartha pearsanra agus foirne. Chomh maith leis sin tá sé de chuspóir ag Teagasc polasaí an Rialtais i dtaca le fostaíocht daoine míchumasaithe san earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm.

Tá polasaí i leith maistíneachta, imeaglaíthe agus ciaptha gnéasaigh curtha i bhfeidhm againn chun dínit gach ball foirne a chaomhnú agus a chosaint.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, and an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, chuir baill Údarás Teagasc ráiteas comhleasa ar fáil do Rúnaí an Údarais agus, anuas air sin, cuireadh cóip ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Chomh

maith leis sin, chomhlíon baill ar bith de chuid Teagasc, a bhfuil poist sonraithe acu, coinníollacha na n-achtanna sin.

An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa, 1989

De réir an Achta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa, 1989, d'ullmhaigh Teagasc ráitis sábháilteachta chun gach gné de chuid leasa foirne agus cuairteoirí a chlúdach.

An tAcht um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit), 1988

Chuir Teagasc struchtúir chomhairliúcháin Fho-Bhoird i bhfeidhm chun tacú le próisis chumarsáide agus chomhairliúcháin na heagraíochta. Tá Fóram Náisiúnta Rannpháirtíochta agus ceithre Fhoram Réigiúnacha Rannpháirtithe Fostaithe, a ghníomhaíonn ar son lucht bainistíochta agus ar son foirne, curtha i bhfeidhm.

An tAcht um Bainistíocht Seirbhísí Poiblí, 1997

De réir ailt 4 agus 5 den Acht um Bainistíocht Seirbhísí Poiblí, 1997, chuir Teagasc an dara Ráiteas Straitéise uaidh ar fáil don Aire Talmhaíochta agus Bia i mí na Samhna 2003.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997

Chuir Teagasc an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, i bhfeidhm ón 1ú Samhain 2002 ar aghaidh. Cuireann an tAcht trí cinn de chearta reachtúla ar fáil:

- ceart dleathach do gach duine eolas atá ag comhlachtaí poiblí a rochtain;
- ceart dleathach do gach duine eolas oifigiúil atá ag comhlacht poiblí ar bith a bhaineann leis/léi féin a leasú má bhíonn sé neamhiomlán nó mícheart nó míthreorach; agus
- ceart dleathach do gach duine na cúiseanna a bhaineann le cinneadh ar bith, a dhéanann comhlacht poiblí, a mbíonn tionchar aige air/uirthi féin, a fháil.

Cód Cleachtais i leith Rialachas Comhlachtaí Stáit, Deireadh Fómhair 2001

Ghlac Teagasc leis an gcód cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a cheadaigh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001 agus rinneadh socruithe lena chinntiú go gcomhlíonfaidh Teagasc gach gné den chód sin ina chuid gníomhaíochtaí.

An tAcht um Prapíocaíochtaí ar Chuntais, 1997

Áirítear Teagasc mar cheannaitheoir liostaithe earraí faoi sceideal an Achta um Prapíocaíochtaí ar Chuntais, 1997. Cuireadh an tAcht i bhfeidhm ar 2ú Eanáir 1998 agus comhlíonann Teagasc na forálacha a bhaineann leis. De réir an Achta agus de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil.

Modhanna imeachta a bunaíodh chun géilliúlacht don Acht a chinntiú

Tá modhanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Teagasc lena chinntiú do ndéantar íocaíochtaí ar shonraisc taobh istigh de na teorainneacha ama a bhaineann leo nó taobh istigh den teorainn ama reachtúil mura mbíonn tréimhse shonraithe ar bith i gceist. Cé gur cuireadh na modhanna imeachta sin le chéile chun géilliúlacht don Acht a chinntiú, ní féidir leo ach forchinntiú réasúnta, seachas dearbhforchinntiú, a chur ar fáil maidir le neamhghéilliúlacht ábhartha don Acht. Cuireadh na nósanna imeachta sin i bhfeidhm le linn an tréimhse airgeadais a bhí faoi léirmheas; agus, i gcás mallíocaíochtaí, tugadh an t-eolas cuí do na soláthraithe a bhí i gceist agus íocadh ús leo.

De réir an Achta um Prapíocaíochtaí ar Chuntais, 1997, cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil i dtaca leis an tréimhse airgeadais dár chríoch 31ú Nollaig 2003.

a) Nósanna Imeachta Íocaíochta

Íocann Teagasc soláthraithe de réir téarmaí sonraithe ar shonraisc nó de réir téarmaí sonraithe ar chonarthaí aonair más cuí. Tréimhse 30 lá a bhíonn i gceist de ghnáth.

b) Mallíocaíochtaí os cionn €300

Líon sonrasc	135
Méantréimhse Moille	24

c) Céatadán foriomlán mallíocaíochtaí mar chuid d'íocaíochtaí iomlána agus ús iomlán a íocadh

Ba é 1.23% an céatadán foriomlán de mhallíocaíochtaí mar chuid d'íocaíochtaí iomlána.

Ba é €2,807.55 an t-iomlán a íocadh mar ús ar mhallíocaíochtaí.

Jim Flanagan
Stiúrthóir

Ráitis Airgeadais 2003

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair do Thithe an Oireachtais	48
Forlónadh leis an Tuarascáil Iniúchta	49
Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais	54
Ráiteas i leith Dualgaís an Údaráis	55
Polasaithe Cuntasaíochta	56
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	58
Clár Comhardaithe	59
Ráiteas i leith Sreabhadh Airgid Thirim	60
Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais	61

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste le cur i láthair do Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 58 go dtí 74 iniúchta agam faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasáíochta an Údaráis leagtha amach ar leathanach 55. Tá sé de fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráitis airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 54 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léiritheann ann gur chomhlíon an tÚdarás treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an tÚdarás amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh agus a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil leis an mbealach a bhainistítear agus a oibrítear na comhlachtaí sin.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Béim an Ábhair

Ní hionann é seo agus aon mhaolú a dhéanamh ar mo thuairim, ach tarraingím suntas san Fhorlónadh leis an Tuarascáil seo ar easpaí áirithe i rialachas.

Tuairim

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an Údaráis ar an 31 Nollaig 2003 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas agus ar a shreabhadh airgid thirim don bhliain dar críoch sin.



John Purcell

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2004

Forlíonadh leis an Tuarascáil Iniúchta

Easpaí Rialachais

Le linn iniúchta 2003 ar Theagasc tháinig na nithe seo a leanas chun m'aird, i rith athbhreithnithe ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh, a tharraing imní maidir le rialachais an Údaráis. D'ardaigh mé na nithe seo le Stiúrthóir an Údaráis agus tá a fhreagraí curtha isteach san fhorlíonadh seo.

1. Éilimh Bhréagacha Taistil agus Cothaithe

I mí an Mheithimh 2001, fuair an tÚdarás litir gan ainm léi á rá go raibh "íocaíochtaí breise saormhíleaste agus cothaithe" á bhfáil ag comhaltaí áirithe den fhoireann ag Ionad Taighde de chuid Teagasc. Cuireadh an litir seo faoi bhráid Stiúrthóir an Ionaid a d'freagair Stiúrthóir an Údaráis an mhí chéanna agus ba é éirim a bhí le rá aige ná go raibh sé sásta go raibh gach rud in ord maidir le héilimh speansas ag an Ionad.

I mí Iúil 2002 tháinig an tOifigeach Riaracháin ag an Ionad ar eolas le seans a thug le tuiscint nach éilimh bona fide iad éilimh taistil áirithe a rinne comhalta den fhoireann. Chuir sé forrán ar an gcomhalta den fhoireann a ghlac leis go raibh na héilimh bréagach agus a gheall nach dtarlódh a leithéid arís. Cuireadh Ceann Rannóige an chomhalta den fhoireann ar an eolas. Bhuaile seisean leis an gcomhalta den fhoireann agus tháinig sé ar an tuairim nach ndeachaigh na héilimh bhréagacha siar thar thréimhse fhada agus gur bheag an tsuim a bhí i gceist. Ar an mbonn seo chinn sé nach raibh aon ghníomh breise de dhíth agus níor chuir sé tuairisc faoin scéal chuig Stiúrthóir an Ionaid.

Fuair Stiúrthóir an Údaráis litir eile gan ainm léi i mí na Bealtaine 2003 ag cur faillí i leith maidir le déileáil le héilimh bhréagacha speansas i gcás comhalta den fhoireann, nár ainmníodh, ag an Ionad. Mar thoradh air seo iarradh ar an Iniúcháir Inmheánach fiosrú a dhéanamh faoi na líomhaintí.

Nochtaigh an fiosrú Iniúchta Inmheánaigh go raibh éilimh bhréagacha á gcur isteach ag comhalta den fhoireann ó 1988. Bhí na héilimh i dhá chatagóir

- éilimh i leith turas nach ndearnadh
- éilimh mhéadaithe a bhain le hábhar á bhailiú go laethúil ag an gcomhalta den fhoireann ar a bhealach chun oibre. Ba chóir na héilimh sin a theorannú go dtí an costas a bhain leis an taisteal breise ba shiocair ag an ngá chun ábhar a bhailiú sa bhreis ar an ngnáththaisteal ó bhaile chun oibre. Ní dhearnadh iad a theorannú amhlaidh. In áit sin, rinneadh na héilimh a chomhairimh ar bhonn turais fhilte bharúlaigh ón Ionad go dtí an ionad bailithe. Mar thoradh air sin bhí ró-éileamh, seachtainiúil, ar 112 míle.

Dheimhnigh Ceann na Rannóige a bhí ann ag an am sin na héilimh go léir go cuí. Comhairíodh an tsuim i leith éileamh do thurais nach ndearnadh ag €77,636 agus níor luadh aon tsuim le héilimh mhéadaithe.

Glacadh gníomh smachta i gcoinne an oifigh i gceist trí íslíú céime a thabhairt dó laistigh dá struchtúr gráid agus trí iachall a chur air an tsuim a héilíodh i leith turas nach ndearnadh a aisíoc móide ús de €52,420 rud a thug an t-iomlán go dtí €130,056.

I mí Dheireadh Fómhair 2003, threoraigh Stiúrthóir an Údaráis foireann na hArdoifige fiosrú a dhéanamh maidir leis na páirteanna a bhí ag an Oifigeach Riaracháin agus ag Ceann na Rannóige i dtaca leis na héilimh bhréagacha. Rinneadh an fiosrú seo i mí na Bealtaine 2004. Ina dhiaidh sin mhol an Stiúrthóir go nglacfaí gníomh smachta i gcoinne an Oifigigh Riaracháin agus i gcoinne Cheann na Rannóige. Tá an tOifigeach Riaracháin agus Ceann na Rannóige araon ag cur i gcoinne an ghníomh smachta.

Bhí inní orm go raibh faillí thromchúiseach i rialachas sa chás seo sa mhéid:

- nár coimeádadh córas éifeachtach mhonatóireacht, rialú agus cheadú chostas taistil agus cothaithe
- gur chosúil gur bheag eolais a bhí ag bainisteoirí a bhí ag deimhniú éileamh ar riachtanais taistil éilitheoirí agus mar sin nach raibh siad i staid chun na héilimh sin a údarú le hintinn mhaith
- go raibh an staid rialaithe easnamhach i gcaoi nár fhrithghníomhaigh an bhainistíocht go pras agus go cuí maidir leis an gcomhartha bhunaidh go bhféadfadh calaois a bheith ann
- nár dhéileáil an bhainistíocht go cuí leis an scéal nuair a fuarthas amach go raibh calaois ann i 2002.

D'fhiagraigh mé de Stiúrthóir an Údaráis:

1. conas ar theip ar an staid rialaithe ag an Ionad, thar thréimhse sé bhliana déag beagnach, teacht ar éilimh taistil do thurais nach ndearnadh.
2. cé acu an raibh nósanna imeachta i scríbhinn ag Teagasc chun déileáil le calaoisí agus míraltachtaí a aimsíodh agus cé acu ar leanadh iad sin.
3. cé acu ar tugadh na litreacha gan ainm chun aird an Iníuchóra Inmheánaigh agus an Choiste Iníuchta go pras, agus má tugadh, cén toradh a bhí leis sin.
4. cén fáth nár iarradh aon aisghabháil maidir leis na héilimh mhéadaithe.
5. cén gníomh breise a bheartaítear i dtéarmaí
 - tuairisciú an Údaráis ar, agus frithghníomhú ar, theipeanna rialaithe a neartú.
 - a chinntiú go bhfuil bainisteoirí soiléir maidir lena ndualgais i dtaca le déileáil le cásanna calaoise nó le hamhras calaoise.

Freagra an Stiúrthóra

Chuir an Stiúrthóir in iúl dom go raibh an teip sa staid rialaithe inchurtha i leith chultúr muiníne nach raibh tuillte a bhí ag comhaltaí tábhachtacha áirithe den bhainistíocht ag an Ionad in ionrachas roinnt den fhoireann. Bhí an fócas bainistíochta ar oibríochtaí le haird easpach ar rialaithe airgeadais.

Dúirt an Stiúrthóir nach bhfuil nósanna imeachta i scríbhinn ag Teagasc chun déileáil le calaois a aimsítear agus go rabhthas ag brath go dtí seo ar an mbainistíocht áitiúil chun tús a chur le gníomh cuí nuair a aimsíodh calaois nó go raibh barúil ann gur tharla a leithéid. In eachtra Iúil 2002, leanadh na gnáthnósanna imeachta a mbeifí ag súil leo.

Chuir an Stiúrthóir in iúl dom nár tugadh an chéad litir gan ainm chun aird an Iníuchóra Inmheánaigh in 2002 ach gur dhéileáil an Stiúrthóir léi tríd an Rannóg Phearsanra agus trí bhainistíocht an Ionaid. Tugadh an dara litir gan ainm a fuarthas i mí na Bealtaine 2003 chun aird an Iníuchóra Inmheánaigh go pras a chuir tús le fiosrú láithreach agus a d'eisigh réamhthuarascáil don bhainistíocht ar 8 Iúil 2003. Cuireadh in iúl don Choiste Iníuchta ag an gcruinniú ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2003 go raibh an fiosrú ar siúl i cónaí agus i mí na Samhna 2003 d'eisigh an tIníuchóir Inmheánach tuarascáil ag cur méide ar na héilimh bhréagacha. Phléigh an Coiste Iníuchta an cheist ag cruinniú mhí na Bealtaine 2004 agus leag an Stiúrthóir agus an Stiúrthóir Riaracháin amach na nósanna imeachta smachta a bhí á dtionscnamh i gcoinne an oifigigh agus dhá chomhalta den bhainistíocht ag an Ionad.

Maidir leis an gcinneadh gan leanúint ar aghaidh le haisghabháil na méideanna iomarcacha a íocadh i dtaca le héilimh mhéadaithe, dúirt an Stiúrthóir gur ghníomhaigh an comhalta agus Ceann na Rannóige araon ar an mbarúil éigeart go raibh siad ag déanamh de réir an rialacháin maidir leis na méideanna a éilíodh. I dtosca aontú bainistíochta a bheith ann, measadh nach bhféadfaí an cheist a leanúint.

Maidir le gníomh breise beartaithe, dúirt an Stiúrthóir:

- go ndearnadh iniúchadh ar éilimh oifigeach eile le linn an fhiosraithe ag an Ionad. D'iarr an Ceannoifig freisin ar Cheann an Ionaid athbhreithniú a dhéanamh ar na héilimh taistil go léir ag an Ionad. Níor tháinig an t-athbhreithniú seo ar aon éilimh bhréagacha bhreise ag an Ionad. Cuimsíonn gach tasc iniúchta inmheánaigh scrúdú cuimsitheach ar éilimh taistil agus cothaithe. Áirítear sa phlean iniúchta le haghaidh 2004, a cheadaigh an Coiste Inmheánach i mí Feabhra 2004, soláthar d'iniúchadh sonrach ar chaiteachas taistil agus cothaithe.
- Tuairiscítear teipeanna rialaithe a aithnítear sa ghnáthshlí le linn obair an Stiúrthóra Inmheánaigh chuig an mbainistíocht áitiúil ar dtús agus tugtar deis dóibh freagra a thabhairt ar na pointí a ardaíodh san iniúchadh sula bhfoilsítear an tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh agus sula scaiptear í ar an gCoiste Iniúchta ina dhiaidh sin. Déanann an tIniúchóir Inmheánach obair leanta tar éis tréimhse sé mhí lena chinntiú go ndeachthas i gcion ar laigeachtaí a aithníodh sa chóras rialaithe. Measann Teagasc go bhfuil an próiseas seo éifeachtach.
- Neartófar nósanna imeachta chun déileáil le teipeanna rialaithe a aithnítear lasmuigh den phróiseas Iniúchta Inmheánaigh.
- Scaipfear nósanna imeachta i scríbhinn chun déileáil le calaois agus le mírialtachtaí agus cuirfear i bhfeidhm iad go fuinniúil.

2. Coimhlint leasa fostaí

D'úsáid ionad taighde de chuid an Údaráis foinse eiseach chun obair a dhéanamh a bhain le gabháil, breacadh, déanamh bailí agus tuairisciú sonraí ríomhaireachta "ar an bhfeirm" ó 1995. Ba pháirtíocht an soláthraí seirbhíse, go dtí 1999, ina raibh leas ag fostaí de chuid an Ionaid de 50% ar a laghad. Ó 1999 ba chuideachta é an soláthraí seirbhíse ina bhfuil 50% de na scaireanna ag an bhfostaí. Tugadh an conradh don obair seo gan tairiscint. Nótaíonn tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh:

- gur aontaigh an fostaí nár nochtaigh sé a leas sa chuideachta do Stiúrthóir Teagasc ach go ndearbhaíonn sé go raibh an Stiúrthóir Oibríochtaí agus Ceann an Ionaid ar an eolas faoina nasc leis an gcuideachta/leis an bpáirtíocht agus nár séanadh é seo.
- go ndearna an fostaí foréileamh ar sheirbhísí ón gcuideachta agus gur dhearbhaigh sé íocaíochtaí di in 2003.
- go ndearna an fostaí obair rialú cáilíochta thar ceann na cuideachta agus go raibh baint aige leis an anailís ar shonraí.

Ba é an tsuim a íocadh leis an gcuideachta ó 1999 ná €233,610. Ba é an tsuim a íocadh idir 1995 agus 1999 ná €102,605.

Le héifeacht ó 30 Meitheamh 2004 d'éirigh Teagasc as úsáid a bhaint as seirbhísí na cuideachta seo agus táthar ag súil leis go ndéanfar socruithe eile. Ní raibh aon fhianaise ann gur glacadh aon ghníomh smachta ná gur breithníodh a leithéid maidir leis an gceist seo.

Bhí inní orm go raibh an chosúlacht ar an scéal maidir leis na socruithe seo

- gur sárú iad ar choinníollacha fostaíochta an fhostaí a éilíonn go dtugann sé a chuid ama ar fad dá dhualgais mar fhostaí agus nach mbíonn sé ag gabháil d'fhostaíocht sheachrach nó do ghnó seachtrach.
- go raibh siad contrártha leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a éilíonn go nglacann Comhlachtaí Stáit cód iompair a chuirfidh cosc, inter alia, ar bhaint a bheith ag fostaíthe le fostaíocht sheachtrach/ leasanna gnó seachtracha atá i gcoimhlint le gnó an chomhlachta nó go bhfuil an cumas coimhlinte ann.

D'fhiafraigh mé de Stiúrthóir an Údaráis:

1. Maidir leis an mbainistíocht áitiúil cén fáth
 - ar lig siad don fhostaí seirbhísí a fhoréileamh ón gcuideachta agus íocaíochtaí chuici a dhearbhu.
 - nár iarr siad luachanaí nó nár thug siad faoi phróiseas iomaíoch tairsceana maidir leis na seirbhísí.
 - nár chuir siad an choimhlint leasa ag eascairt as fostú an fhostaí ag Teagasc agus as an mbaint a bhí aige leis an gcuideachta in iúl don Údarás.
2. Cad iad na céimeanna atá glactha ag an Údarás chun Cód Iompar Gnó a chur i gcrích mar a éilíonn an Cód Cleachtais.
3. Cén gníomh atá glactha chun coimhlintí eile a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus chun déileáil leo.

Freagra an Stiúrthóra

Maidir le gníomhaíochtaí na bainistíochta áitiúla dúirt an Stiúrthóir:

- nach bhfuil aon stádas i dTeagasc ag foréilimh a dhéanann duine aonair mura n-údaraíonn an Ceann Rannóige nó Ceann an Ionaid é. I ndiaidh údarú foréilimh déantar an t-ordú ceannaigh. Ní féidir íocaíochtaí a dhearbhu mura leantar an nós imeachta thuas maidir le fáil na seirbhíse. Sa chás seo dhearbhaigh an fostaí roinnt de na híocaíochtaí mar gheall ar nádúr na seirbhíse a soláthraíodh. Níor chóir go ligfí do seo tarlú i gcás go raibh an bhainistíocht ar an eolas faoin mbaint a bhí ag an bhfostaí le soláthar na seirbhíse.
- Lorgaíodh luachan ar dtús agus thug gnóthas an fhostaí léargas mionsonraithe ar an tseirbhís a bhí le soláthar. Mheas an bhainistíocht áitiúil ag an am sin gur luach maith ar airgead a bhí ann. Níor mhéadaigh costas na seirbhíse seo de réir boilscithe thar na blianta. D'éirigh sé an-deacair smaoineamh ar lámh a bheith i bpróiseas iomaíoch níos forleathana mar gheall ar nádúr fíorshainfeidhme agus fíor-logánta na seirbhíse a soláthraíodh. Bhí sé ag teastáil ón soláthraí seirbhíse go mbeadh eolas fíorshainfeidhme aige ar chórais thaifeadta thaighde ainmhithe agus ba ghá dó bogearraí ríomhaireachta fíorshainfeidhme a úsáid.
- Chuaigh an bhainistíocht i mbun roinnt tionscnamh chun deireadh a chur leis an spleáchas ar an gcur chuige thuas maidir le fáil agus déanamh bailí thaifid feirme. Ní go dtí go raibh córas chun taifeadadh agus aistriú sonraí thar línte teileafóin go dtí bunachar sonraí lárnach forbartha a bhí Teagasc i riocht chun éirí as feidhm a bhaint as seirbhísí ghnóthas an fhostaí. Ní raibh gá leis na seirbhísí a thuilleadh ó Iúil 2004.
- Tá an Stiúrthóir Oibríochtaí a bhí freagrach as an obair seo ar dtús éirithe as Teagasc. Níl aon chuntas ann gur chuir sé in iúl don Stiúrthóir a bhí ann ag an am nó don Údarás go raibh coimhlint leasa ann idir fhostú an fhostaí ag Teagasc agus an bhaint a bhí aige leis an ngnóthas seo. Ghlac bainisteoirí a tháinig ina dhiaidh sin gur déileáladh leis an gceist seo san am a bhí thart agus dhírigh siad ar spleáchas Teagasc ar an gcineál seo seirbhíse a chur as an tsli.

Dúirt an Stiúrthóir go bhfuil sé beartaithe ag an Údarás Cód Iompar Gnó a ullmhú agus a chur i gcrích in 2004. Chuir sé in iúl dom freisin go bhfuil tús curtha le próiseas smachta maidir leis an gcomhalta den fhoireann i gceist, maidir le Ceann an Ionaid agus maidir leis an Stiúrthóir Oibríochtaí.

Maidir le coimhlintí leasa eile a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus déileáil leo, dúirt an Stiúrthóir gur gá d'oifigigh shonraithe de réir na nAchtanna um Eiticí in Oifig Phoiblí 1995 go 2001 dearbhú (Ráiteas Leasa) a chur ar fáil gach bliain maidir le haon leasanna a d'fhéadfaí an bhrí a bhaint astu go raibh siad i gcoimhlint le leasanna Teagasc.

Iarrtar ar gach fostaí ar thosach a chuid oibre le Teagasc conradh fostaíochta a shíniú. Tá clásal leithleachais i ngach conradh fostaíochta ina ndéantar soiléir nár chóir don oifigeach bheith i mbun aon fhostaíochta nó ghnóthais seachas a gcuid fostaíochta le Teagasc.

Clúdaíonn Rialacháin Cheannach agus Oibreacha Tógála Teagasc (Bealtaine 2003) cúinsí eitice maidir le déileáil le soláthróirí. Is gá don fhoireann a mbíonn aon bhaint acu le soláthróirí iarbhír nó le soláthróirí a d'fhéadfadh a bheith ann a leas a chur in iúl don Stiúrthóir agus don Stiúrthóir Oibríochtaí i gceist agus a chinntiú nach dtéann siad i gcion ar bhealach ar bith maidir le gnó Teagasc a thabhairt do na soláthróirí sin.

Féachann fiosraithe Iniúchta Inmheánaigh le haon staideanna a raibh ann ina bhféadfadh coimhlint leasa éirí astu a nochtú.



John Purcell

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2004

Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Ar son Údarás Teagaisc admhaímse go bhfuil sé de dhualgas orainn a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir le córas rialaithe airgeadais inmheánaigh ar bith ach dearbhú réasúnach – seachas dearbhú daingean – a chur ar fáil i gcoinne earráide ábhartha ná ráiteas éithigh ná cailliúna. Ag cur éifeachtacht rialaithe airgeadais inmheánaigh san áireamh, tugann an tÚdarás aitheantas do na riachtanais a bhaineann leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Thóg an tÚdarás céimeanna lena chinntiú go mbeidh timpeallacht oiriúnach rialaithe i gceist trí:

- sainmhíniú soiléir a thabhairt ar dhualgais, ar údarás agus ar fhreagracht lucht bainistíochta.
- nósanna imeachta foirmiúla a leagan síos i dtaca le monatóireacht agus le cosaint sócmhainní Theagaisc.
- cultúr freagrachta a fhorbairt i dtaca le gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis curtha ar bun ag an Údarás chun rioscaí gnó taobh istigh de Theagasc a aithint agus tá monatóireacht á déanamh ag an Údarás ar na rioscaí sin i láthair na huaire.


Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach de thuairisciú rialta bainistíochta, de nósanna imeachta riaracháin (leithscaradh dualgas san áireamh) agus de chóras tarmiligin agus freagrachta. Ina measc sin tá:

- córas cuimsitheach tuairisciú bliantúil buiséadaithe agus airgeadais a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú agus faomhadh ina leith;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an tÚdarás ar straitéis fhoriomlán, ar phleananna gnó agus airgeadais agus ar athraithe i gcoinne buiséid ghníomhaíochta agus chaipitil.

Tá feidhm inmheánach iniúchta ag Teagasc, a ghníomhaíonn de réir riachtanais an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus de réir na gcritéir éifeachtachta faoi mar atá leagtha síos i Ráiteas Straitéise Theagaisc, a foilsíodh i mí na Samhna 2003. Coinnítear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le Teagasc agus bunaítear pleananna an iniúchta inmheánaigh bhliantúil ar an anailís sin. Is é an Coiste Iniúchta a cheadaíonn na pleananna iniúchta inmheánaigh.

Coinnítear monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis, i leith éifeachtacht an chóras rialaithe um airgeadas inmheánach, ar an eolas, trí obair an iniúcháir inmheánaigh, trí obair an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúcháir inmheánaigh, trí obair bhainisteoirí feidhmiúcháin Teagaisc a bhíonn freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreatlach rialaithe airgeadais agus trí ráitis a eisíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Ní dhearnadh athbhreithniú saineúil ar bith ar rialú inmheánach sa bhliain 2003. Tá sé i gceist ag an Údarás athbhreithniú a chur ar bun sa bhliain 2004.



Dr Tom O'Dwyer, Cathaoirleach


14 Meán Fómhair 2004

Ráiteas i leith Dualgais an Údaráis

Faoi Alt 12 (1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, ní mór don Údarás ráitis airgeadais a ullmhú sa chaoi go mbeidh an tAire Talmhaíochta agus Bia in ann iad a cheadú i gcomhar leis an Aire Airgeadais. Le linn dó na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ní mór don Údarás:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnacha stuama a thabairt;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má bhíonn sé neamhoiriúnach a bheith ag toimhdiú go leanfaidh Teagasc de bheith ag feidhmiú.
- imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeán infheidhmithe chuntasíochta a chur in iúl agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntasáíochta a choinneáil de réir mar is ceart agus cuntas réasúnta a choinneáil iontu faoi staid airgeadais Teagasc ag aon am ar bith, agus a bheith in ann a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais reachtúla. Coimeádtar na leabhair chuntasáíochta i gceanncheathrú an Údaráis ag 19 Ascall Dumhach Thrá, Baile Átha Cliath 4. Anuas air sin tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní Theagasc a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a thógáil chun cosc a chur ar chalaíoch agus ar ghníomhartha neamhrialta eile agus iad a aimsiú.



Dr Tom O'Dwyer
Cathaoirleach



James Beecher
Ball Údaráis

14 Meán Fómhair 2004

Polasaithe Cuntasaíochta

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta atá uchtaithe ag Teagasc:

(a) Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Chuntasaíochta de réir an ghnás costais stairiúil, faoi réir sócmhainní áirithe a bheith san áireamh ag am luachála (féach Nóta 13).

(b) Cistiú Stáit

Tugtar cuntas ar Chistiú Stáit i leith Taighde in earnáil an Bhia agus i leith an chláir um thaighde comhoibrithe Spreagthaí ar bhonn fabhráithe. Tugtar cuntas ar chistiú ar bith eile ón Stát ar bhonn fáltais airgid.

(c) Ioncam AE

Tógtar deontais ó Chiste Sóisialta na hEorpa i dtaca le hioncaim ar bhonn an chéad agus an dara hócáíocht de chuid éileamh na bliana reatha, mar aon le tráthchuid dheireanach na bliana roimh sin.

Tugtar cuntas ar dheontais AE eile ar bhonn fabhráithe.

(d) Ioncam Oibriúcháin

Tugtar cuntas ar ioncam i leith seirbhísí comhairleacha ar bhonn fáltais airgid. Tugtar cuntas ar ioncam oibriúcháin eile ar bhonn fabhráithe.

(e) Sócmhainní Seasta agus Dímhéas Inláimhsithe

(i) Sócmhainní Úinéara

Glacadh seilbh ar shócmhainní ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais ar 8ú Meán Fómhair 1988 de réir na luachanna dúnta a léiríodh ar chláir chomhardaithe na n-eagraíochtaí sin. Luaitear suimithe de réir an bhunchostais.

(ii) Dímhéas

Ní thagann dímhéas ar thalamh. Déantar costas luachála sócmhainní seasta a chealú de réir tráthchodanna comhionanna os cionn a n-ionchas saoil úsáidigh mar seo a leanas:

Foirgnimh Fheirme	20 bliain
Foirgnimh Eile	50 bliain
Gléasra agus Feithiclí	5 bliain
Fearas Ríomhaireachta	3 bliain
Fearas Saotharlainne agus Oifige	10 bliain

Déantar sócmhainní a mbíonn seilbh orthu faoi léasanna airgeadais a dhímheas thar an tréimhse léasaithe, nuair a bhíonn sé sin níos gairide ná a n-ionchas saoil úsáidigh.

Déantar táille dímhéasa leathbhliana a ghearradh in aghaidh gach bliain éadála agus diúscartha sócmhainní.

(iii) Sócmhainní Léasaithe

Déantar sócmhainní seasta faoi léasanna airgeadais a láimhseáil de réir an pholasaí thuasluaite faoi 'sócmhainní seasta'. Cuirtear an ghné chaipitiúil a bhaineann le dualgaís chíosa san áireamh faoi 'dliteanais'; agus déantar gné an úis a chur le 'caiteachas' thar thréimhse an bhunléasa.

Déantar cíós ar léasanna a bhíonn i bhfeidhm a chur le 'caiteachas' de réir mar a éiríonn sé.

(g) Stoc

Rinne oifigigh Theagaisc luacháil ar stoc. Déantar beostoc agus táirgeadh pearsanta feirme a mheas de réir glanluach inréadaithe. Déantar glanluach inréadaithe a oibriú amach ar bhonn ainmhithe a dhíolfaí chun a maraithe. Déantar léiriú iomlán gnóthúchan agus cailteanais, a éiríonn ón luacháil sin, mar ioncam oibriúcháin. Déantar stoc ar bith eile a luacháil ar bhunchostas nó ar ghanluach inréadaithe.

(h) Féichiúnaithe

Déantar drochfhiacha aitheanta a chealú de réir mar a éiríonn siad agus cuirtear soláthar sainiúil ar fáil má bhíonn amhras i gceist maidir le gnóthú.

(i) Leabharlanna agus Foilseacháin

Ní chuirtear luach ar bith ar na leabhair i leabharlanna Theagaisc ná ar fhoilseacháin nár díoladh. Déantar caiteachas ar leabhair agus ar fhoilseacháin a chealú sa tréimhse ina dtarlaíonn sé.

(j) Aoisliúntas

Déantar teidlíochtaí fhostaithe Theagaisc agus a chuid réamhtheachtaithe a sholáthar trí scéimeanna aoisliúntais leasa sainmhínithe.

Ní dhéantar soláthar ar bith i leith pinsean amach anseo, agus glantar costais na scéimeanna sin ó ioncam reatha de réir mar a éiríonn siad. Déantar íocaíochtaí foirne i leith pinsean a fhritháireamh i gcoinne an chaiteachais sin (féach Nóta 9).

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais


Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

	Nóta	2003 €000	2002 €000
Ioncam			
Cistiú Stáit	2	123,962	119,708
Ioncam AE	3	1,244	1,825
Ioncam Oibriúcháin	4	23,867	23,343
Farasbarr/(Easnamh)			
ar diúscairt Sócmhainní Seasta	23	16,921	(267)
Deontais, Bronntanais agus Tobhach Deonach Eile		2,215	2,105
		168,209	146,714
Caiteachas	5	140,911	144,453
		27,298	2,261
Aistriú ó/(go) Cuntas Caipitiúil	12	(2,863)	(10,258)
Surplus/(Easnamh) don tréimhse		24,435	(7,997)
Comhardú tugtha ar aghaidh ón mBliain Roimhe		(8,500)	(503)
Comhardú Carntha ar 31ú Nollaig		15,935	(8,500)

Baineann na suimeanna thuas go hiomlán le hoibríochtaí leanúnacha.

Faoi mar atá léirithe sa Chuntas thuas níl gnóthachain ná caillteanas aitheanta ar bith i gceist.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 24.



Dr Tom O'Dwyer
Cathaoirleach



Jim Flanagan
Stiúrthóir


14 Meán Fómhair 2004

Clár Comhardaithe

Ar 31ú Nollaig 2003

	Nóta	2003 €000	2002 €000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	13	69,632	66,953
Sócmhainní Airgeadais	14	2	2
		69,634	66,955
Sócmhainní Reatha			
Stoc	15	5,739	5,754
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	16	4,918	5,388
Comharduithe Baint		19,132	622
Taiscí Gearrthéarmacha		359	391
		30,148	12,155
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlite taobh istigh de bhliain)			
Creidiúnaithe agus Suimeanna Fabhráithe	17	13,337	13,572
Ioncam Iarchurtha	18	365	350
Oibleagáidí faoi Léasanna Airgeadais	19	106	197
Rótharraingt Baint		493	6,712
Iasachtaí Baint		1	5
		14,302	20,836
Sócmhainní Reatha Glana/(Dlíteanais)		15,846	(8,681)
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha		85,480	58,274
Lúide			
Dlíteanais Neamhreatha (suimeanna dlite tar éis bliana)			
Oibleagáidí faoi Léasanna Airgeadais	19	42	134
Iasachtaí Baint		8	6
Dlíteanais Fhadtéarmacha Eile		19	22
		69	162
Sócmhainní Glana		85,411	58,112
Arna Léiriú Trí:			
Cuntas Caipitiúil	12	69,476	66,612
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		15,935	(8,500)
		85,411	58,112

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 24.


 Dr Tom O'Dwyer
 Cathaoirleach


 Jim Flanagan
 Stiúrthóir

14 Meán Fómhair 2004

Ráiteas i leith Sreabhadh Airgid Thirim

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

Réiteach Farasbarr/(Easnamh) Oibriúcháin i gcoinne Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	Nóta	2003 €000	2002 €000
Farasbarr/(Easnamh) Oibriúcháin		24,435	(7,997)
Dímheas		5,102	4,762
Aistriú go Cuntas Caipitiúil		2,863	10,258
Ús Íoctha		15	56
Ús Faighte		(125)	(71)
(Ús)/Caillteanas ar dhíolachán sócmhainní seasta		(16,920)	267
(Méadú)/Laghdú Stoic		15	(84)
(Méadú)/Laghdú Féichiúnaithe		470	(378)
(Laghdú)/Méadú Creidiúnaithe		(238)	2,861
Méadú/(Laghdú) ar loncam larchurtha		15	(246)
Insreabhadh Airgid Ghlan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		15,632	9,428

RÁITEAS SREABHADH AIRGID THIRIM

Sreabhadh Airgid Ghlan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	15,632	9,428
---	---------------	--------------

Toradh ar Infheistíochtaí agus ar Chothabháil Airgeadais

Ús Íoctha	(15)	(53)
Ús Faighte	125	131

Eis-Sreabhadh Airgid Ghlan ó Thorthaí ar Infheistíochtaí agus ar Chothabháil Airgeadais	110	78
---	-----	----

Gníomhaíochtaí Infheistithe

Íocaíochtaí um ghnóthú sócmhainní inláimhsithe	(8,583)	(15,077)
Admhálacha um dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	17,743	88

Insreabhadh (Eis-Sreabhadh) Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	9,160	(14,989)
--	--------------	-----------------

Maoiniú

Aisíocaíochtaí ar lasachtaí Maoine	(2)	(5)
Gné Chaipitiúil de chuid íocaíochtaí Léasanna Airgeadais	(203)	(293)

Eis-Sreabhadh Airgid Ghlan ó Mhaoiniú	(205)	(298)
--	--------------	--------------

Méadú/(Laghdú) Airgid Thirim	22	24,697	(5,781)
-------------------------------------	-----------	---------------	----------------

Réiteach Sreabhadh Airgid Ghlan i dtaca le gluaiseacht chistí glana/(fiacha)

Méadú/(Laghdú) airgid thirim	22	24,697	(5,781)
Cistí/(fiacha) glana ar 1ú Eanáir		(5,699)	82

Cistí/(fiacha) glana ar 31ú Nollaig	18,998	(5,699)
--	---------------	----------------

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 3ú Nollaig 2003

1. Teagasc (An tÚdarás um Fhorbairt Talmhaíochta agus Bhia)

Bunaíodh Teagasc (an tÚdarás um Fhorbairt Talmhaíochta agus Bhia) faoin Acht Talmhaíochta (Taidhe, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Faoi Alt 21 den Acht sin, aistríodh sócmhainní agus dlisteanais an Chomhairle Oiliúna Talmhaíochta agus an Fhoras Talúntais go Teagasc nuair a bunaíodh é.

Faoi Alt 12 den Acht ní mór Cuntais a choimeád sa chaoi go mbeidh an tAire Talmhaíochta agus Bia in ann iad a cheadú i gcomhar leis an Aire Airgeadais. Ceadáíodh iad dá réir sin ar 14ú Lúnasa 1998.

2. Cistiú Stáit

Léirítear an t-íomlán faoin gceannteideal thuas mar seo a leanas:

	2003 €000	2002 €000
Vóta 31: Talmhaíocht agus Bia		
Deontas i gCabhair do chostais ghinearálta (Deontas caipitiúil, €4,066,487 san áireamh) (2002: € 8,466,000)	93,280	88,951
Deontas i gCabhair d'aoisliúntas	15,999	13,880
Deontas i gCabhair d'acmhainní daonna	11,100	12,700
Deontas i gCabhair do thaighde bia	3,155	2,788
Deontas do chlár taighde comhoibrithe Spreagtha	116	129
Vóta 30: Acmhainní Nádurtha Cumarsáide agus Muirí		
Deontas i leith Poiblíocht agus Feasacht Fhoraoiseachta	160	850
Deontas i leith Oiliúint Fhoraoiseachta	152	410
	123,962	119,708

3. Ioncam AE

Ba mar seo a leanas a bhí cistiú AE sa bhliain 2003:

	2003 €000	2002 €000
Clár Oibriúcháin Talmhaíochta, Fhorbairt Tuaithe agus Foraoiseachta 1994-1999	(5)	549
Clár Creatlaigh V 1998 – 2002	1,224	1,276
Clár Creatlaigh VI	25	-
	1,244	1,825

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

4. Ioncam Oibriúcháin

	Admhálacha, Údaráis, Comhairle & Ceanncheathrún agus Náisiúnta	Roinn Oiliúna an Tuaiscirt	Roinn Comhairle & Oiliúna an Deiscirt	Roinn Taighde Táirgí	Ionad Náisiúnta Bia	Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha	TOTAL	TOTAL
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	2003	2002
							€000	€000
Táillí i leith Seirbhísí Comhairleacha	6	5,692	5,554	-	-	-	11,252	10,746
Táillí Eile	65	582	1,274	3,028	1,835	332	7,116	6,682
Trádáil Bheostoic (Féach Nóta 7)	-	473	352	1,393	2	-	2,220	2,380
Oibriúcháin Feirmeoireachta Eile	-	227	410	1,576	-	13	2,226	2,292
Admhálacha Ceantín	-	57	102	102	27	83	371	350
Foilseacháin agus Ighnéitheacha	273	175	141	96	-	(3)	682	893
	344	7,206	7,833	6,195	1,864	425	23,867	23,343

5. Caiteachas

Pá (Féach Nóta 8)	4,565	19,101	21,499	23,979	5,185	3,536	77,865	73,793
Pinsin agus Aoisliúntais (Féach Nóta 9)	19,347	-	-	-	-	-	19,347	20,116
Costais Taisíl agus Chothaithe	985	1,933	1,975	1,018	301	164	6,376	7,041
Costais Ghinearálta Oibriúcháin (Féach Nóta 6)	3,594	3,695	4,540	7,811	2,356	2,495	24,491	29,255
Táillí Úis agus Léasa	62	11	23	73	-	-	169	186
Dímheas (Féach Nóta 13)	227	805	1,036	1,801	635	598	5,102	4,762
Deontais do Choláistí Príobháideacha	4,767	-	-	-	-	-	4,767	6,447
Deontais do Bhord Printiseachta Feirme	-	-	-	-	-	-	-	190
Deontais Eile	589	48	123	1,330	440	264	2,794	2,663
	34,136	25,593	29,196	36,012	8,917	7,057	140,911	144,453

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

6. Anailis ar Chaiteachas ar Oibriúchán Ginearálta

	Admhálacha, Údaráis, Comhairle & Ceanncheathrún agus Náisiúnta an Tuaiscirt		Roinn Oiliúna an Deiscirt		Roinn Taighde Táirgí	Ionad Náisiúnta Bia		Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha		TOTAL	
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	2003	€000
Soláthairtí/seirbhísí feirme	-	468	722	2,101	-	55	3,346	3,654			
Cothabháil/deisiúcháin	743	673	851	940	462	462	4,131	8,012			
Cíosanna/rátaí/árachas	208	540	607	969	97	302	2,723	2,256			
Post/teileafón	330	620	690	297	82	58	2,077	1,937			
Cumhacht/breosla/peitreal	36	308	311	612	140	139	1,546	1,591			
Soláthairtí saotharlainne	36	6	112	813	627	632	2,226	2,008			
Clódoireacht/páipéarachas/fógraíocht	668	398	310	207	105	66	1,754	2,431			
Soláthairtí seiminear/seomra ranga/leabharlainne	121	180	280	187	421	24	1,213	1,314			
Seirbhísí do ghníomhaireachtaí seachtracha	-	47	91	187	31	216	572	896			
Soláthairtí ceantín mac léinn agus foirne	66	210	288	130	39	114	847	882			
Soláthairtí/seirbhísí próiseála sonraí	456	149	51	225	34	137	1,052	1,433			
Táilí dlí/gairmiúla (Feach Nóta 10)	933	8	19	338	20	72	1,390	1,205			
Costais Chláir Ilghnéithigh	-	34	104	776	289	195	1,398	1,407			
Ilghnéitheacha	(3)	54	104	29	9	23	216	229			
	3,594	3,695	4,540	7,811	2,356	2,495	24,491	29,255			

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

7. Farasbarr Trádála Beostoic

	2003 €000	2002 €000
Díolacháin	2,519	2,745
Deontais agus Fóirdheontais	562	520
	3,081	3,265
Stoc Oscailte	4,021	4,102
Ceannacháin	795	804
	4,816	4,906
Lúide: Stoc Dúnta	(3,955)	(4,021)
	861	885
Farasbarr ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais (Féach Nóta 4)	2,220	2,380

8. Foireann

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na foirne a fostaíodh le linn na bliana:

	2003	2002
Gairmiúil	796	792
Teicniúil	254	262
Riaracháin/cléiriúil	268	263
Feirme/Tís	310	324
	1,628	1,641

9. Aoisliúntas

Faoi Mhír 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988, tugadh cead scéimeanna a bhunú chun leasa aoisliúntais a chur ar fáil do bhaill foirne Theagasc agus do bhaill foirne, aistrithe go Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais.

Got dtí go mbeidh dréachtscéimeanna aoisliúntais ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta agus Bia, ag an Aire Airgeadais agus ag an Oireachtas, tá scéimeanna aoisliúntais á gcur i bhfeidhm ag Teagasc ar bhonn riaracháin.

Anuas air sin riarann Teagasc dhá scéim aoisliúntais (Scéim Aoisliúntais i leith Foirne sna Coláistí Talmhaíochta 1985 agus Scéim Phinsin Ranníocaigh Chéilí agus Pháistí na gColáistí Talmhaíochta 1985) i leith baill áirithe foirne a bhíonn ag obair i gColáistí príobháideacha Talmhaíochta agus Gairneoireachta, a n-íoctar a gcuid tuarastal ón Státchiste faoi ghníomhaireacht Teagasc.

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 3ú Nollaig 2003

Tugtar scéimeanna aoisliúntais ar na scéimeanna thuasluaite. Is as ioncam reatha Theagaisc a íoctar teidlíochtaí faoi na scéimeanna sin agus déantar iad a shonrú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, glan ar íocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, i leith na bliana a mbíonn siad iníoctha. Ní dhéantar ciste speisialta ar bith a chothabháil, ná ní bhíonn sócmhainní ar bith ar fáil, chun pinsin ná aiscí a íoc. Ní dhéantar soláthar ar bith sna ráitis airgeadais i leith dliteanas a éiríonn i dtaca le leasa a bheidh i gceist san am atá le teacht.

Costais Aoisliúntais

Ba é 1,178 (2002 – 1,114) meánlíon na bpinsean míosúil a íocadh le linn na bliana. Déantar costas an aoisliúntais a áireamh sna Ráitis Airgeadais mar seo a leanas:

	2003 €000	2002 €000
Pinsin agus aiscí íoctha	23,241	23,341
Íocaíochtaí faoi Scéim Dheonach Scoir Luath	213	202
	23,454	23,543
Lúide: Ranníocaíochtaí Foirne	(4,107)	(3,427)
	19,347	20,116

Leasa Aoisliúntais

Le tuairisc a thabhairt de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 i leith Leasa Scoir (socruithe idirthréimhseacha), chuaigh Teagasc i gcomhairle le hachtúire cáilithe. D'ullmhaigh an tAchtúire luacháil chun dliteanas na scéimeanna aoisliúntais a mheas ar 31ú Nollaig 2003.

Glacadh leis na réamh-mheastacháin mhóra airgeadais seo a leanas chun dliteanas faoi CTS 17 a mheas:

	2003 % sa bhliain	2002 % sa bhliain
Méadú sa ráta boilscithe (a)	2.25	2.00
Méadú sa ráta tuarastail	3.50	4.00
Méadú sa ráta pinsin	3.50	4.00
Ráta lascaire i leith dliteanas scéime	5.25	6.00

Bunaithe orthu seo agus ar réamh-mheastacháin eile agus trí úsáid a bhaint as modh aonadach fortheilgthe CTS 17, is mar seo a leanas atá luach na ndlitéanas i leith scéimeanna pinsin:

	2003 €000	2002 €000
Dlitéanas charntha i leith baill ghníomhacha Scéime	356,008	299,000
Dlitéanas i leith pinsinéirí láithreacha agus i leith pinsean iarchurtha	298,576	283,000
Dlitéanas iomlán fabhráithe pinsin	654,584	582,000

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 3ú Nollaig 2003

Anailís ar an méid iomlán táillí a ghearrfaí ar bhrabús oibriúcháin:

	€000
Costas Seirbhísí Reatha	5,906
Costas Seirbhísí don am atá thart	-
Socruithe agus Teorannuithe	-

Anailís ar an méid a d'áireofaí mar chreidmheas i leith ioncam airgeadais eile:

	€000
Ús ar dhlisteanais Scéime	34,592
Aisíoc ionchais ar shócmhainní Scéime	-

Anailís ar an méid a dtabharfaí aitheantas dó i ráiteas iomlán gnóthachain agus caillteanais aitheanta (STRGL):

	€000
Teacht isteach iarbhír lúide teacht isteach ionchais ar shócmhainní Scéime:	-
Gnóthachan agus caillteanas ó thaithí:	14,132
Athruithe i réamh-mheastacháin	34,724
Cailteanas achtúireach a dtabharfaí aitheantas dó faoi STRGL	48,856

Anailís ar ghluaiseacht easnamh le linn na bliana:

	€000
Easnamh ar 1.1.2003	(582,000)
Costais seirbhísí reatha	(5,906)
Ranníocaíochtaí	16,770
Costais seirbhísí san am atá thart, socruithe agus teorannuithe:	-
Ioncam (caillteanas) airgeadais eile:	(34,592)
Brabús (caillteanas) achtúireach:	(48,856)
Cailteanas ar 31.12.2003	(654,584)

(a) Ós rud é go mbíonn méaduithe pinsin faoi scéimeanna Theagaisc bunaithe ar mhéaduithe tuarastail seachas ar mhéaduithe praghsanna, ní gá réamh-mheastachán bolscithe praghsanna a thabhairt i leith na luachála seo. Ach ós rud é nach mó tagairt a dhéanamh do réamh-mheastachán bolscithe faoi CTS 17, bheadh an ráta thuasluaite oiriúnach sa chás seo.

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 3ú Nollaig 2003

10. Táille iniúchtha

Cuireadh soláthar €40,150 san áireamh i dtaca le caiteachas ar luach saothair iniúcháir don bhliain 2003 (2002 €40,150).

11. Táillí agus Sochar Oifige an Údaráis

Íocadh na sochair oifige seo a leanas do bhaill an Údaráis:

	2003 €000	2002 €000
Cathaoirleach	15	15
Baill Eile	91	89
	106	104

Cuirtear na figiúirí seo san áireamh i dtaca le caitheachas ar Phá faoi Nóta 5 thuas.

12. Cuntas Caipitiúil

	2003 €000	2002 €000
Comhardú ar 1ú Eanáir	66,612	56,354
Aistrithe ó/(go) Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Méid caipitlithe i leith sócmhainní ceannaithe	8,583	15,077
Méid glan ligthe saor ar dhiúscairtí	(823)	(355)
Aisíochtaíochtaí ar iasachtaí maoine	2	5
Gné chaipitiúil i leith íocaíochtaí ar shócmhainní léasaithe	203	293
	7,965	15,020
Lúide:		
Maite de réir dímhéas sócmhainní	(5,102)	(4,762)
	2,863	10,258
Comhardú ar 31ú Nollaig	69,476	66,612

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

13. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Talamh €000	Foirgnimh €000	Gléasra agus Fearas €000	IOMLÁN €000
Costas Nó Luacháil				
Ar 1ú Eanáir 2003	5,829	70,827	39,245	115,901
Íocaíochtaí Breise		4,345	4,259	8,604
Diúscairtí	(19)	(1,406)	(1,206)	(2,631)
Ar 31ú Nollaig 2003	5,810	73,766	42,298	121,874
Dímheas Carntha				
Ar 1ú Eanáir 2003		23,575	25,373	48,948
Charged during period		1,468	3,634	5,102
Disposals during period		(713)	(1,095)	(1,808)
Ar 31ú Nollaig 2003		24,330	27,912	52,242
Luach Glan de réir na Leabhar	5,810	49,436	14,386	69,632
31ú Nollaig 2003				
Luach Glan de réir na Leabhar 31ú	5,829	47,252	13,872	66,953
31ú Nollaig 2003				

Cuirtear san áireamh, sna comharduithe oscailte, talamh de luach 612.3 ha (1,513 acra), a d'aistrigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar luachanna ainmniúla, mar aon le sócmhainní áirithe eile a ndearnadh athluacháil orthu ar 31ú Nollaig 1975 nó ar 1ú Iúil 1980.

Bíonn sé de chead ag Teagasc 85 ha (210 acra) talún de chuid an Roinn Talmhaíochta agus Bia a úsáid agus, ag an am céanna, úsáideann an Roinn 16.2 ha (40 acra) de chuid Teagasc. Ní ghearrann ceachtar den dá chomhpháirtí táille ar bith ar a chéile ina leith seo.

Tá sócmhainní áirithe atá faoi chúram Theagasc faoi chosaint reachtúil agus ní féidir iad a dhíol.

Áirítear na figiúirí seo a leanas, i leith sócmhainní léasaithe, sa luach glan sócmhainní de réir na leabhar:

	Gléasra agus Fearas €000
2003	171
2002	392
Is mar seo a leanas a bhí táille dímheasa na bliana ar na sócmhainní seo:	
2003	242
2002	276

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

14. Sócmhainní Airgeadais

(a) Teicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta

Tá sealúchas 59% ag Teagasc i scairchaipiteal láníochta Theicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta (5,100 scair ar €0.127). Is comhfhiontar é an Chomhlacht, a ionchorpraíodh ar 18ú Eanáir 1991, idir Teagasc agus comharchumainn talmhaíochta éagsúla. Ullmhaíodh ráitis iniúchta airgeadais eile i leith an Chomhlachta agus b'iad seo a leanas torthaí na bliana dár chríoch 31ú Nollaig 2003:

	2003 €000	2002 €000
Láimhdeachas	980	941
Brabús Oibriúcháin roimh Dhímheas, Ús agus Cháin	246	233
Dímheas (glan ar dheontais mhaite)	(242)	(223)
Ús (táillí)/admhálacha	5	8
Cáin	(1)	(1)
Brabús/(Caillteanas) tar éis Cánachais	8	17
Caillteanas Carntha tugtha ar aghaidh ar 31ú Nollaig	(209)	(217)

De réir meabhrán comhlachais an Chomhlachta tá scairshealbhóirí i dteideal úsáid a bhaint as seirbhísí an Chomhlachta ar rátaí tosaíochta.

Is mar seo a leanas a bhí idirbhearta trádála idir Teagasc agus Teicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta (idir chomhairliú, anailís agus úsáid a baineadh as áiseanna teicniúla agus áiseanna eile):

	2003 €000	2002 €000
Díolacháin Teicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta le Teagasc (curtha san áireamh i láimhdeachas an Chomhlachta)	267	354
Aisghabhálacha eile ó Theagasc (asbhainte ó chostais díolacháin an Chomhlachta)	76	91
Iomlán	343	445
Comhardú gan íoc ar 31ú Nollaig	110	24
Díolacháin Teagaisc le Teicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta Comhardú gan íoc ar 31ú Nollaig	136 40	114 54

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

De réir téarmaí Comhaontaithe Tionscnóirí Theicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta, geallann Teagasc go gcuirfidh sé ar fáil óna chuid acmhainní féin riachtanais shonraithe foirne do Theicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta, mar aon le forchostais áirgiúlachta, stórála, cuntas agus eisiltigh a fhrithgheallúint. Is iad seo a leanas na costais sin:

	2003 €000	2002 €000
Foireann	183	155
Eile	109	122

Áirítear na figiúirí suimithe seo i gcaitechas Teagasc faoi Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha (Féach Nótaí 5 agus 6 thuas).

Is mar seo a leanas a bhaineann Teicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha leas as sócmhainní Theagasc:

	2003 €000	2002 €000
Costais Bhunaidh	1,196	1,082
Luach Glan de réir na Leabhar ar 31ú Nollaig	369	348

Áirítear na figiúirí suimithe seo faoi Ghléasra agus Fearas (Féach Nóta 13 thuas).

De réir Chomhaontú na dTionscnóirí, tá halla próiseála Theagasc in Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha, mar aon le suíomh tadhlaigh a bhfuil áiseanna breise tógtha ag an gComhlacht air, curtha ar léas ag Teicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta ar cíós ainmniúil €127 in aghaidh na bliana.

Níor ceapadh go mbeadh sé oiriúnach torthaí an Chomhlachta a chomhdhluthú.

(b) Infheistíocht Eile

Tá dhá mhion-infheistíocht eile ag Teagasc i gcomharchumainn talmhaíochta, a chosnaíon ar an iomlán €1,890 (2002- €1,890).

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

15. Stoc

	2003	2002
	€000	€000
Beostoc	3,955	4,021
Táirgí feirme, leasacháin agus stoic bheathaithe	596	582
Soláthairtí saotharlainne agus tréidliachta	187	230
Ábhair foirgníochta	31	32
Soláthairtí ginearálta	970	889
	5,739	5,754

16. Féichiúnaithe

	2003	2002
	€000	€000
Féichiúnaithe Trádála	1,161	2,586
Ioncam AE	2,131	2,163
Féichiúnaithe Eile agus Réamhíocaíochtaí	1,626	639
	4,918	5,388

Áirítear suimeanna €2,130,416 (2002– €2,163,542), infhála ón AE i leith deontais trádála, faoi ioncam AE.

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

17. Creidiúnaithe

	2003 €000	2002 €000
Creidiúnaithe Trádála	2,560	3,553
Creidiúnaithe agus Fabhráithe Eile	10,777	10,019
	13,337	13,572

Áirítear na suimeanna seo a leanas, atá dlite i leith cánachais agus árachas sóisialach pá-choibhneasa, san iomlán a thaispeántar faoin gceannteideal seo:

	2003 €000	2002 €000
ÍMAT agus ÁSPC	1,711	1,631
Cáin Bhreisluacha	2,195	142
Cáin Thionscal na Foirgníochta	9	8
Cáin Shiarchoinneálach	70	30
	3,985	1,811

Anuas air sin áirítear i dtaca le hiomlán na gCreidiúnaithe méid €358,574 (2002- €391,358), a sheasann do thaiscí gearrtéarmacha euro atá á gcoinneáil ar feitheamh le dáileadh ar fhochoonraitheoirí i dtíortha eile de chuid an AE i leith obair thaighde chonraithe.

18. Ioncam Iarchurtha

Déantar taighde faoi chistiú pobail de réir conarthaí le hInstitiúidí eile de chuid an Stáit, go háirithe leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Faoi théarmaí na gconarthaí sin ní áirítear réamhíocaíochtaí a fhaightear ag tús tionscnaimh mar ioncam go dtí go gcuirtear críoch leis na tionscnaimh sin.

B'iad seo a leanas foinsí agus méid an ioncaim iarchurtha sin ar 31ú Nollaig 2003:

	2003 €000	2002 €000
Plean Forbartha Náisiúnta: Earnáil Tháirgeach		
Clár Oibriúcháin 2000-2006	197	150
Roinn Talmhaíochta agus Bia – reamhíocaíocht i leith analíse	168	200
	365	350

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

19. Léasanna Airgeadais

- (a) Ba é €24,115 (2002- €38,296) iomlán na dtáillí airgeadais faoi théarmaí léasanna airgeadais le linn na bliana.
 (b) Tá oibleagáidí faoi théarmaí léasanna airgeadais amach anseo dlite mar seo a leanas:

	€000
Taobh istigh de bhliain	106
Taobh istigh de dhá bhliain nó cúig bliana	42
	148

- (c) Ar 31ú Nollaig 2003 ní raibh ceangaltais ar bith ar Theagasc tabhairt faoi léasanna airgeadais ar bith eile i dtaca le gléasra ná le fearas (2002- €24,684).
 (d) Ba mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht i dtaca le hoibleagáidí léasanna airgeadais:

	2003 €000	2002 €000
Oibleagáidí ar 1ú Eanáir	331	382
Léasanna nua airgeadais	21	242
Gné chaipitiúil d'focaíochtaí ar léasanna airgeadais	(204)	(293)
Oibleagáidí ar 31ú Nollaig	148	331

20. Ceangaltais Chaipitiúla

Ar 31ú Nollaig 2003 bhí ceangaltais chaipitiúla gan íoc €1,002,675 (2002 – 1,035,065) ag Teagasc.

21. Léasanna Oibriúcháin

Ar 31ú Nollaig 2003 bhí ceangaltais bhliantúla faoi léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe de réir mar atá leagtha amach anseo thíos:

	Talamh & Foirgnimh €000	Gléasra & Inneallra €000	Iomlán €000
Léasanna a éagann			
- taobh istigh de bhliain	368	36	404
- idir dhá bhliain agus cúig bliana	7	2	9
- tar éis cúig bliana	236	-	236
	611	38	649

Nótaí a théann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2003

22. Anailís ar Athruithe a tharla i leith Airgid agus i leith Coibhéisigh Airgid le linn na Bliana

	Ar 1ú Eanáir 2003 €000	Sreabhadh Airgid €000	Ar 31ú Nollaig 2003 €000
Airgead sa Bhanc agus idir lámha	622	18,510	19,132
Rótharraingt Bhainc	(6,712)	6,219	(493)
Taiscí Gearrthéarmacha	391	(32)	359
	(5,699)	24,697	18,998

23. DIÚSCAIRTÍ MAOINE

Sa bhliain 2003 dhíol Teagasc an mhaoin seo a leanas:

	Costas €000	Luach Scríofa síos €000	Fáltais líude costais €000
Ceanncheathrú, 19 Ascaill Dumhach Thrá, Áth Cliath 4	959	450	15,103
Stáisiún Taighde Bogthorthaí, Cluain an Róistigh, Co. Loch Garman	107	48	1,182
Ionad Taighde Lullymore, Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara	231	101	772
Ionad Comhairle agus Oiliúna, An Chorr Dhubh, Lusca, Co. Bhaile Atha Cliath	127	73	595
	1,424	672	17,652
Fáltais a úsáideadh chun oibreacha caipitiúla Theagaisc a chistiú, 2003:			6,568
Comhardú			11,084

24. Baill an Údaráis - Nochtadh Dirbheart

Tá glactha ag an Údarás le nósanna imeachta de réir treoirínte an Roinn Airgeadais i leith nochtadh spéise bhaill an Údaráis agus cloíonn an tÚdarás go huile is go hiomlán leis na nósanna imeachta sin. Ní dhearnadh idirbhearta ar bith i dtaca le gníomhachtaí an Údaráis le linn na bliana a mbeadh spéis ag baill an bhoird iontu.

NOTAÍ

[illegible]

NOTAÍ

[illegible]